OÉ Gaillimh
NUI Galway

# Tuarascáil Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh

An Bhliain Acadúil 2020-2021


SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE





# Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 7 |
| Rialachas & Cur Chuige | 6 |
| Cuid 1: Dul chun cinn Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh | 7 |
| Taighde agus Foghlaim | 8 |
| Fuinneamh agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa | 11 |
| Nádúr agus Éiceachórais | 14 |
| Sláinte agus Folláine | 17 |
| An Comhshaol Tógtha | 20 |
| Rialachas agus Ceannaireacht | 26 |
| Cuid 2: Dul chun cinn maidir leis na SDGanna | 29 |
| SDG 1: Deireadh a chur leis an mbochtaineacht i ngach áit | 30 |
| SDG 2: Deireadh le hOcras | 34 |
| SDG 3: Dea-shláinte agus Folláine | 37 |
| SDG 4: Oideachas Ardchaighdeáin | 42 |
| SDG 5: Comhionannas Inscne | 46 |
| SDG 6: Uisce Glan agus Sláintíocht | 50 |
| SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne agus Glan | 54 |
| SDG 8: Obair Fhiúntach agus Fás Eacnamaíoch | 58 |
| SDG 9: Nuálaíocht agus Infreastruchtúr Tionscail | 61 |
| SDG 10: Éagothroime Laghdaithe | 64 |
| SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe | 68 |
| SDG12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach | 72 |
| SDG13: Gníomh Aeráide | 76 |
| SDG14: Beatha faoin Uisce | 80 |
| SDG15: Beathra ar Talamh | 83 |
| SDG16: An tSíochán, an Ceartas agus Institiúidí Láidre | 86 |
| SDG17: Comhpháirtíochtaí do na Spriocanna | 90 |





# Réamhrá

Fáilte chuig ár dTuarascáil Bhliantúil Inbhuanaitheachta don Bhliain Acadúil 2020 go 2021. Clúdaíonn an anailís atá sa tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2021, bliain acadúil lán arís le neamhchinnteacht agus athruithe tapa mar gheall ar thionchar COVID-19. In ainneoin gur ag obair ón mbaile a bhí daoine, agus gur ar líne a bhí gníomhaíochtaí agus comhoibrithe ar siúl, d'oibrigh pobal na hollscoile le chéile, ag aimsiú bealaí éifeachtacha chun teagmháil, comhoibriú agus oibriú le chéile, ag leanúint ar aghaidh lenár n-aistear chun inbhuanaitheacht na hollscoile agus níos faide i gcéin a mhéadú.

*Scrúdaíonn Cuid a hAon* of the report examines progress across den tuarascáil an dul chun cinn atá á dhéanamh inár réimsí straitéiseacha inbhuanaitheachta: Taighde & Foghlaim, Fuinneamh & Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa, Dúlra & Éiceachórais, Timpeallacht Thógtha, Sláinte & Folláine, agus Rialachas & Ceannaireacht. Ó tharla gur shíníomar Comhaontú SDG, agus gur institiúid muid a thugann gealltanas go poiblí ár n-iarrachtaí móra go léir a ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe (NA) agus ár ndul chun cinn a roinnt, tá samplaí le fáil i *gCuid a Dó* den tuarascáil den chaoi a bhfuil ár ngníomhaíochtaí teagaisc, taighde, for-rochtana agus rannpháirtíochta ag cur gach ceann de na 17 SDG chun cinn.

Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil tionchar mar a thuigfí ag paindéim COVID-19 ar thuarascáil na bliana seo. Mar shampla, ní raibh aon ghníomhaíochtaí ar siúl ar an gcampas i mbliana seachas seirbhísí riachtanacha. Dá bhrí sin, tá tionchar ar shonraí i réimsí mar iompar, dramhaíl, úsáid fuinnimh agus astaíochtaí carbóin. Cuireadh stop le tionscnaimh inbhuanaitheachta ar an gcampas; mar shampla, tionscnaimh a bhaineann le seirbhísí lónadóireachta agus bia, tionscnaimh deighilte dramhaíola agus iarrachtaí chun taisteal gníomhach a chur chun cinn chuig an gcampas agus ar ais. Ar an láimh eile, díreach mar a chuireann paindéim COVID-19 béim ar iarrachtaí inbhuanaitheachta domhanda, chabhraigh an ghéarchéim freisin béim a chur ar iarrachtaí inbhuanaitheachta ar an gcampas. Mar shampla, agus daoine ag obair ón mbaile agus imeachtaí agus comhdhálacha ar siúl go fíorúil, léirítear an deis astaíochtaí carbóin agus truailliú aeir a bhaineann le hiompar a laghdú.

Bliain thábhachtach a bhí sa bhliain acadúil 20-21 inár n-iarrachtaí inbhuanaitheachta ar an gcampas. Cuireadh ár gcéad Straitéis Inbhuanaitheachta i gcrích agus nochtadh ár Straitéis Inbhuanaitheachta nua. I measc cuid de na spriocanna móra a baineadh amach mar thoradh ar an gcéad straitéis tá foireann acadúil ag glacadh le hinbhuanaitheacht mar chuid den churaclam, gradam Champas Glas na hÉireann bronnta orainn, an chéad Oifigeach Inbhuanaitheachta ceaptha san Ollscoil, sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh 2020 na hEarnála Poiblí de 33% sáraithe againn agus sprioc 40% na hOllscoile bainte amach in 2020, an chéad deimhniú Saotharlainne Glaise san Eoraip faighte againn agus an campas a bhainistiú de réir Phlean Uile-Éireann do Phailneoirí. Cé go bhfuil misneach agus spreagadh le brath as a bhfuil bainte amach againn, ní mór dúinn féachaint ar an am atá le teacht, agus pleanáil le haghaidh rath níos mó a bhaint amach ná mar a bhí leagtha amach sa chéad straitéis. Is sa chomhthéacs seo, ag tógáil ar rath ár gcéad straitéise agus tar éis próiseas comhairliúcháin bliana, a sheolamar an dara straitéis inbhuanaitheachta.

Leagann Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh ó 2021 go 2025 amach ár bhfís agus ár dtiomantas a bheith mar cheannaire san aistriú go todhchaí inbhuanaithe agus inbhuanaitheacht a leabú inár gcultúr, inár bpolasaithe oibríochta agus inár struchtúir rialachais agus a chur ar chumas ár bpobal a bheith ina seaimpíní inbhuanaitheachta. Sheol an Dr Mary Robinson, iar-uachtarán na hÉireann agus iarArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, an Straitéis an 9 Márta 2021. Tá an dul chun cinn maidir leis an dara straitéis inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm ag neartú i gcónaí. Idir fhoilsiú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta nua don champas, ár gcéad aighneacht faoin lorg carbóin a dhéanamh chuig STARS, páirt a ghlacadh i líonraí nua campais inbhuanaithe idirnáisiúnta agus teacht sa 14ú háit sa domhan i Rangú Times Higher maidir le Leas na Sochaí do SDG 7 Fuinneamh Glan agus Inacmhainne, táimid dóchasach faoin todhchaí.

Cé gur thosaigh an bhliain le héadóchas, corraitheacht agus dúnadh tobann an champais seachas do sheirbhísí riachtanacha, tá an bhliain ag críochnú le dóchas go dtiocfaidh deireadh le srianta de réir a chéile, go dtabharfar vacsaíní don phobal agus go mbeidh tuiscint níos fearr ar na bealaí is féidir linn dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide. Dá bhrí sin, agus deireadh ag teacht leis an mbliain acadúil agus gníomhaíochtaí ar ais arís mar is gnáth beagnach i Meán Fómhair 2021, táimid ag tnúth lenár ról a imirt i múnlú an tsaoil i ndiaidh na paindéime.

# Rialachas & Cur Chuige

Forbraíodh Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh 2021-2025 tar éis dul i gcomhairle le pobal an champais trí Chomhpháirtíocht Inbhuanaitheachta an Phobail agus na hOllscoile (CUSP). Bunaíodh CUSP in 2015 faoi threoir an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí chun a thaispeáint conas is féidir le hollscoil a bheith ina heiseamláir don aistriú go todhchaí níos inbhuanaithe. Feidhmíonn CUSP trí bhord ildisciplíneach de níos mó ná 30 mac léinn agus comhalta foirne – Bord Ginearálta CUSP. Tagann Bord Ginearálta CUSP le chéile 5 huaire in aghaidh na bliana agus tuairiscíonn sé dul chun cinn don Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí. Tá gach ball de Bhord Ginearálta CUSP ina b(h)all de Ghrúpa Oibre Inbhuanaitheachta amháin ar a laghad. Tá sé Ghrúpa Oibre Inbhuanaitheachta ann bunaithe ar shé phríomhthéama an Mhúnla Foghlaim-Mair-Spreag. Tá ceannaire ar gach grúpa oibre agus tacar spriocanna agus cuspóirí le baint amach acu faoi 2020. Tuairiscíonn ceannaire an ghrúpa oibre dul chun cinn do Bhord Ginearálta CUSP gach ráithe. Tuairiscíonn Oifigeach Inbhuanaitheachta an Phobail agus na hOllscoile (CUSO) don Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí agus tá ról ceannaireachta aige/aici i gcur i bhfeidhm Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh i gcomhar le Bord Ginearálta agus Bord Feidhmiúcháin CUSP. Soláthraíonn Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile maoirseacht straitéiseach ar thiomantas OÉ Gaillimh don inbhuanaitheacht mar atá mionsonraithe sa Phlean Straitéiseach, sa Straitéis Inbhuanaitheachta agus i gComhaontú SDG. Is fochoiste de Bhord Ginearálta CUSP é Bord Feidhmiúcháin CUSP agus déanann sé ionadaíocht ar Bhord Ginearálta CUSP ar Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile. In Aibreán 2020, d'fhoilsigh OÉ Gaillimh a Théarmaí Tagartha Inbhuanaitheachta. Leagtar amach sna Téarmaí Tagartha Inbhuanaitheachta plean oibre agus struchtúr tuairiscithe an CUSO, Bhord Ginearálta CUSP, Bhord Feidhmiúcháin CUSP agus Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile. I mí an Mheithimh 2021, moladh in iniúchadh inmheánach ar fheidhm inbhuanaitheachta na hollscoile go mbunófaí riachtanais tuairiscithe d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT) agus d'Údarás na hOllscoile agus dá fhochoistí, lena n-áirítear rialtacht na dtuairisceán seo. Moladh freisin go mbunófaí líne tuairiscithe fhoirmiúil don Choiste Seasta agus Pleanála Straitéisí, fochoiste d'Údarás na hOllscoile. Déanfar Téarmaí Tagartha CUSP a nuashonrú chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm.






Figure 1 NUI Galway Sustainability Governance Model



# Cuid 1:

## Dul chun cinn Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh



# Taighde agus Foghlaim



## Buaicphointí

- Mhéadaigh líon na modúl le hábhar comhshaoil/inbhuanaitheachta ó 231 modúl in 2018 go 303 modúl in 2021.

- Cuireadh an modúl IIntroduction to Sustainability ar fáil do chohórt mac léinn i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh. Leathnófar é seo sa Bhliain Acadúil 2021-22 agus cuirfear ar fáil an modúl do mhic léinn i gColáiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta. Is é an aidhm an modúl a fhorbairt mar mhodúl ar fud na hollscoile a bheidh ar fáil do mhic léinn sna ceithre Choláiste.

- An modúl iarchéime 'Green Lab Principles and Practice' a leathnú amach. Tugann an modúl seo blaiseadh de réimse ábhar do mhic léinn, lena n-áirítear: atmaisféar agus aeráid; téamh domhanda; síceolaíocht, socheolaíocht agus cumarsáid an athraithe aeráide; cumarsáid maidir le hathrú aeráide; inbhuanaitheacht agus na SDGanna; ceimic agus monarú plaistigh; eacnamaíocht an fháinne; an geilleagar ciorclach; agus conas cleachtais saotharlainne glaise a chur i bhfeidhm. Ó Eanáir 2020, rinne 53 mac léinn an modúl, as ollscoileanna i Sasana, san Albain, sa Ghearmáin agus sa Danmhairg.

- Tá córas bainistíochta deontais OÉ Gaillimh ailínithe leis na SDGanna agus éilíonn sé ar Phríomhthaighdeoirí na SDGanna a roghnú a bhfuil a gcuid tionscadal maoinithe ailínithe leo. Leagann gach tionscadal taighde maoinithe nua amach anois conas a ailíníonn an tionscadal le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

- Le 5 bliana anuas, tá 43% de na páipéir thaighde go léir i mbunachar sonraí Scopus arna n-údarú ag taighdeoirí cleamhnaithe de chuid OÉ Gaillimh luaite le SDGanna na Náisiún Aontaithe, agus tá foilseachán athbhreithnithe piaraí amháin ar a laghad ag 74% dár bhfoireann ghníomhach taighde ailínithe le SDGanna na Náisiún Aontaithe sa tréimhse seo.

- Thosaigh staidéar píolótach chun fóntas Sulitest a scrúdú sa Bhliain Acadúil 2020-21. Is modh measúnaithe litearthachta inbhuanaitheachta idirnáisiúnta é Sulitest a bhfuil tacaíocht na Náisiún Aontaithe aige. Rinneadh an tástáil a thriail ar chohórt mac léinn fochéime agus iarchéime (lena n-áirítear BSc Eolaíocht Chomhshaoil, BSc Eolaíochtaí Sóisialta Feidhmeacha, MSc Timpeallachtaí Inbhuanaithe agus MSc Ceannaireacht Chomhshaoil). Is é aidhm an staidéir Sulitest a mheas mar bhealach chun litearthacht inbhuanaitheachta a thomhas agus a fheabhsú.

- Úsáideadh Sulitest freisin ar dhá chohórt mac léinn iarchéime a bhí cláraithe ar mhodúl Green Lab Principles and Practice.



### Aidhm Straitéiseach

Agus SDGanna na Náisiún Aontaithe á n-úsáid againn mar chreat, déanfaimid an chéad ghlúin eile mac léinn, taighdeoirí agus nuálaithe a fhorbairt trínár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde chun dul i ngleic le dúshláin forbartha inbhuanaithe na sochaí. Beidh an inbhuanaitheacht chun cinn inár bhfoghlaim, inár dtaighde agus in eispéireas na mac léinn ionas gur féidir le daoine aonair i measc phobal an champais an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth a ghnóthú chun bheith ina n-eiseamláirí agus ina gceannairí inbhuanaitheachta.




Photo by Dr. Chaosheng Zhang

- Reáchtáil OÉ Gaillimh Comhdháil Inbhuanaitheachta na Mac Léinn an 4 Márta 2021 chun tacú le heagraíochtaí, clubanna agus cumainn mac léinn atá dírithe ar inbhuanaitheacht agus chun ardán a sholáthar le smaointe inbhuanaitheachta a roinnt don chathair agus don champas. Tháinig mic léinn ó chumainn inbhuanaitheachta, ó chlár oibre deonaí na mac léinn ALIVE, ó Ghrúpa Oibre Inbhuanaitheachta Chomhaltas na Mac Léinn agus ionadaí ó fhoireann CUSP le chéile don ócáid.
- Reáchtáil Clár Oibre Deonaí na Mac Léinn OÉ Gaillimh ALIVE, i gcomhar le Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, an tSaotharlann Smaointe, CUSP agus an eagraíocht neamhbhrabúis the Ladder, Global Goals Jam i Meán Fómhair 2020. Is ócáid idirnáisiúnta é Global Goals Jam ina n-oibríonn foirne cruthaitheacha le chéile ar dhúshláin áitiúla a bhaineann leis na SDGanna. Dhírigh imeacht JAM 2020 ar shláinte agus oideachas poiblí do chách.
- Sa Bhliain Acadúil 20/21, reáchtáil OÉ Gaillimh Scéim Iasachta Ríomhairí Glúine chun tacú le mic léinn faoi mhíbhuntáiste teacht ar ríomhaire. Fuair níos mó ná 900 mac léinn ríomhaire glúine ar iasacht fhadtéarmach chun cabhrú leis an bhfoghlaim ar líne. I measc na spriocghrúpaí a fuair cúnamh faoin scéim bhí mic léinn faoi mhíbhuntáiste ag bacainní socheacnamaíocha, mic léinn faoi mhíchumas, mic léinn ar tuismitheoirí aonair iad, agus mic léinn atá ina mbaill de mhionlaigh eitneacha.
- Is Ollscoil Tearmainn í OÉ Gaillimh, gluaiseacht atá dírithe ar chuimsiú Iarratasóirí Cosanta Idirnáisiúnta, dídeanaithe agus Taistealaithe na hÉireann sa phobal a chur chun cinn ar bhealach suntasach. Mar chuid de thionscnamh na hOllscoile Tearmainn, chuir OÉ Gaillimh 12 scoláireacht lánaimseartha ar fáil sa bhliain acadúil 20-21. B'ardú é seo ó na naoi scoláireacht a tairgeadh sa Bhliain Acadúil 2019-20.
- Cuireadh uirlis inbhuanaitheachta nua le chéile do mhic léinn.







# Fuinneamh agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

# Buaicphointí

- Sháraíomar sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí éifeachtúlacht fuinnimh 33% a bhaint amach faoi 2020, trínár sprioc 40% a bhaint amach. Maidir leis an mBliain Acadúil 2020-21, bhaineamar amach coigilteas 42%. Cé gur lean an tionchar suntasach a bhí ag COVID-19 ar úsáid fuinnimh ar fud an champais, ní áirítear coigiltis fuinnimh a bhaineann le COVID-19 san fhigiúr seo.
- Sa Bhliain Acadúil 2020/21, d'infheistíomar €1,200,000 i dtionscadail fuinnimh infreastruchtúir lena n-áirítear trealamh agus teicneolaíochtaí coigilte fuinnimh. Mar shampla, an leathnú ar ár bPainéil Fhótavoltacha (PV) Ghréine chun 300kW d'Fhótavoltach Gréine a bhaint amach ar cheithre fhoirgneamh ar an gcampas; leathnú ar ár gclár soilsithe LED chun os cionn 4000 feisteas solais LED a shuiteáil ar fud an champais; pointí breise luchtaithe do charranna leictreacha suiteáilte; feabhas ar straitéisí rialaithe sna foirgnimh níos sine agus; clár chun trealamh nach bhfuil tíosach ar fhuinneamh níos mó a athrú, mar shampla, coirí, caidéil, aonaid láimhseála aeir, feananna i gcófraí múiche, soilse agus mótair leictreacha.
- Tháinig OÉ Gaillimh sa 14ú háit ar domhan i Rangú Times Higher maidir le Leas na Sochaí 2021 do SDG 7 – Fuinneamh Inacmhainne agus Glan. Is tomhas é an rangú seo ar aschur taighde na hOllscoile a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, ár gcleachtais champais agus ár bpolasaithe chun ídiú fuinnimh a laghdú agus ár dtiomantas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn sa phobal i gcoitinne.
- Tá OÉ Gaillimh ina cheannaire ar an gClár Pathfinder d'Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónúchán (EEDPP) don earnáil ardoideachais. Is uasghrádú fuinnimh agus carbóin-éifeachtach d'Áras de Brún é Pathfinder 1 a bhainfidh feabhas feidhmíochta 42% amach in úsáid leictreach agus 91% in úsáid a bhaineann le fuinneamh teirmeach. Déanfar athchóiriú ar an bhfoirgneamh Insight ar champas an Daingin mar chuid de Pathfinder 2.
- Mar aitheantas ar laghdú ar ídiú fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú a bheith ar thús cadhnaíochta sa chlár oibre domhanda maidir le hathrú aeráide, fuaireamar athdheimhniú go dtí ISO 50001: 2018. Is caighdeán bainistíochta fuinnimh idirnáisiúnta é seo atá ailínithe le SDGanna agus tugann sé aitheantas dár n-iarrachtaí fuinneamh a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí agus feabhas leanúnach a dhéanamh i bhfeidhmíocht fuinnimh.



## Aidhm Straitéiseach

Agus forbairt á déanamh againn ar a bhfuil bainte amach cheana féin, sáróimid na spriocanna atá leagtha amach i gclár Éifeachtacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí agus glacfaimid ról ceannaireachta san earnáil trí thaispeántas tionscadail, rannpháirtíocht leis an bpobal agus comhoibriú le húsáideoirí fuinnimh ar ár gcampais trí chéile. Glacfaimid le teicneolaíochtaí iontaofa nua chun cur le héifeachtacht fuinnimh ár bhfoirgneamh agus lenár Rátáil Fuinnimh Foirgnimh trí inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bpleanáil agus i bhforbairt uile na hOifige Foirgneamh agus Eastát faoi choimirce an Phlean Gníomhaíochta Aeráide. Forbróimid conair chun bogadh go huaillmhianach i dtreo a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2030.







- Bhí taighdeoirí ó Choláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, i gcomhar le Foirgnimh agus Eastáit agus le hOifig an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, i gceannas ar fhorbairt bunlíne tionscnaimh lorg carbóin do OÉ Gaillimh. Cuirfidh an bhunlíne seo le plean gníomhaíochta aeráide agus le treochlár chun astaíochtaí ceaptha teasa neodracha a chruthú don Ollscoil.
- Leanaimid orainn ag léiriú barr feabhais inár dtaighde ar theicneolaíochtaí coigilte fuinnimh. Mar shampla, bhuaigh foireann taighde VorTech, atá lonnaithe in Innealtóireacht Shibhialta i gColáiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta Gradam Nuálaíochta SEAI i bhFuinneamh agus Nuálaíocht Taighde 2020. Breathnaíonn teicneolaíocht VorTech na foirne ar bhealaí chun fuíolluisce a chóireáil trí níos lú fuinnimh a úsáid. Thaispeáin an fhoireann an teicneolaíocht ag obair, rud a léirigh aisghabháil fuinnimh 30%. Tá macghnólacht bunaithe anois, VorTech Water Solutions, chun coigilteas fuinnimh a chur ar fáil in ionaid cóireála fuíolluisce in Éirinn agus ar scála domhanda.
- Reáchtáladh feachtais fuinnimh foirne agus mac léinn go minic i rith na bliana. Mar shampla, dhírigh an feachtas Dhá Lá Dhéag Fuinnimh faoi Nollaig ar leideanna agus ar chomhairle aimsir na Nollag maidir le fuinneamh a choigilt; mar chuid de Lá an Domhain 2021, d'eagraigh foireann Foirgneamh agus Eastát seastán feasachta lá an domhain agus roinn siad bolgáin LED, málaí in-athúsáidte agus soilse rothair chun mic léinn a mhealladh i dtreo feasacht fuinnimh.





# Nádúr agus Éiceachórais

Photo by Dr. Chaosheng Zhang





## Buaicphointí

- I mí Feabhra 2021, foilsíodh Plean nua Gníomhaíochta Bithéagsúlachta OÉ Gaillimh 2021-2025 ina raibh cur síos ar 45 gníomh a raibh sé mar aidhm leo bithéagsúlacht an champais a fheabhsú agus feasacht agus meas ar bhithéagsúlacht an champais agus níos faide ó bhaile a mhéadú sna 5 bliana amach romhainn. Tá na gníomhaíochtaí gearrthéarmacha dírithe ar phailneoirí a fheabhsú agus cur le hobair an Chumainn Orgánaigh; tá gníomh meántéarmacha dírithe ar ár mbogaigh a fheabhsú don bhithéagsúlacht agus córais nuálacha múirínithe a fhorbairt agus; i measc na ngníomhaíochtaí fadtéarmacha tá díonta glasa agus ballaí beo a fhorbairt agus gníomhaíochtaí bainistíochta a chur i bhfeidhm don stiallach donn.
- Déantar páirceanna spóirt OÉ Gaillimh a bhainistiú ar aon dul le Plean Uile-Éireann um Pailneoirí – Clubanna Spóirt a bhainistiú ar bhealach a thacaíonn le pailneoirí. Glacadh le cód lotnaidicídí a thacaíonn le pailneoirí agus a laghdaíonn líon na luibhicídí ar na páirceanna spóirt 92%. Déantar féar lasmuigh den pháirc a bhainistiú do phailneoirí trí mhóinéir a fhorbairt le bláthanna nach mbíonn i bhfad faoi bhláth agus bláthanna a bhíonn i bhfad faoi bhláth.
- Tugadh isteach scéimeanna nua feabhsúcháin bláthanna fiáine sa Daingean agus in aice le hÁras Dán na Mílaoise. Tá scéim nua feabhsúcháin pailneoirí tosaithe do Pháirc an Choláiste. Tá úllord á chur in aice le hÁras Oirbsean. Tá boscaí nua éan, boscaí ialtóg agus óstáin beach/feithidí leagtha ag suímh lárnacha ar fud an champais. Tá bearta feabhsúcháin gnáthóige don stiallach donn á gcur i bhfeidhm (Thecla betulae) e.g. draighneán donn a phrúnáil.
- Bhí mic léinn OÉ Gaillimh i gceannas ar *Lá an Domhain 2021*. Is ócáid bhliantúil ar fud an domhain é Lá an Domhain a thiteann ar an 22 Aibreán agus ba é téama Lá an Domhain 2021 *An Domhan a Athnuachan*. Reáchtáil cumainn na mac léinn sraith imeachtaí fíorúla i rith na seachtaine (19-23 Aibreán) chun a léiriú go bhfuil gá le gníomh práinneach chun an domhan a athnuachan agus go bhfuil gá le hobair dheonach agus le gníomhaíocht áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide. Ar chlár na n-imeachtaí bhí comórtas grianghraf dúlra, seó in aghaidh an mhearfhaisin, tráth na gceist ar ghníomhaíochtaí aeráide, Eco Café, scannán, glantacháin tránna áitiúla agus aoichainteoirí. Chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do phríomhról ár gcuid mac léinn maidir le haird a tharraingt ar an ngéarchéim aeráide agus mar chomhartha siombalach dár dtiomantas institiúideach ár gcomhiarrachtaí a dhíriú ar phráinn na hinbhuanaitheachta agus na gníomhaíochta aeráide, cuireadh soilse glasa ag scaladh ar an gCearnóg ar phríomhchampas OÉ Gaillimh ar an lá.


### Aidhm Straitéiseach

A bheith mar eiseamláir dár dtionchar dearfach ar an gcomhshaol. Leanúint ar aghaidh ag feabhsú an chaoi a ndéanaimid ár dtimpeallacht champais a bhainistiú ar bhealaí atá íogaireach dár n-éiceachórais, agus a thagann lenár mianta a bheith inár n-eiseamláir i ndáil le taighde agus teagasc na bithéagsúlachta.

- Tá OÉ Gaillimh go mór mór ar son an tionscnaimh Cathair Páirce Náisiúnta na Gaillimhe. Is é misean an tionscnaimh seo aitheantas a thabhairt do chathair na Gaillimhe mar Chathair Páirce Náisiúnta, trí *thimpeallacht níos glaise, níos gorma, níos sláintiúla, níos sábháilte, álainn, inbhuanaithe, cothromasach, comhchuí agus níos fiáine a bhaint amach ina gcuireann daoine luach ar an dúlra, a mbaineann siad tairbhe as, agus a bhfuil ceangal láidir acu leis.* Oibríonn Seaimpíní le chéile chun muintir na Gaillimhe a nascadh leis an dúlra agus saibhreas, nascacht agus bithéagsúlacht ghnáthóga na Gaillimhe a fheabhsú.
- Tháinig Mainistir na Coille Móire agus OÉ Gaillimh le chéile chun comhpháirtíocht nua a bhunú chun Clár Maoirseachta Bithéagsúlachta Mhainistir na Coille Móire a sheoladh. Is comhpháirtíocht é an Clár idir Mainistir na Coille Móire agus Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha in OÉ Gaillimh. Is í aidhm na comhpháirtíochta Plean Bainistíochta Bithéagsúlachta a fhorbairt do Mhainistir na Coille Móire chun bithéagsúlacht an Eastáit a chosaint agus suíomh agus éiceachóras saibhir a sholáthar ina mbeidh mic léinn in ann staidéar agus foghlaim faoi speicis, gnáthóga agus ábhair éiceolaíochta agus inbhuanaitheachta níos leithne le húsáid phraiticiúil.





# Sláinte agus Folláine

# Buaicphointí

- Bronnadh creidiúnú KeepWell Mark™ ar OÉ Gaillimh – creidiúnú folláine san ionad oibre ó Ibec. Tá coiste folláine ann chun straitéis iomlánaíoch a fhorbairt do shláinte agus d'fholláine na foirne, ag cur leis an Tionscnamh do Thimpeallacht Dhearfach Oibre.

- Sheol OÉ Gaillimh Polasaí Saoire Foréigin Baile, an chéad Institiúid Ardoideachais a rinne amhlaidh in Éirinn. Sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD an polasaí an 26 Bealtaine 2020. Is é cuspóir Pholasaí Saoire Foréigin Baile OÉ Gaillimh tréimhse ama íoctha ón obair a thabhairt do chomhaltaí foirne a d'fhulaing nó atá ag fulaingt ó mhí-úsáid nó ó fhoréigean baile. Cuirfidh an tsaoire seo ar chumas an chomhalta foirne an t-am a theastaíonn uaidh/uaithi chun cúnamh a lorg i dtimpeallacht struchtúrtha agus tacaithe a ghlacadh.

- De bhrí go bhfuil dúshláin sa tsochaí ag baint le deochanna meisciúla a sholáthar agus go dteastaíonn timpeallacht shábháilte a chruthú do phobal an champais chun mí-úsáid substaintí tocsaineacha a phlé agus a bhainistiú, sheol OÉ Gaillimh Polasaí Mí-úsáide Substaintí. Pléitear bealaí chun leas a bhaint as tacaíocht ghairmiúil chun déileáil le handúil alcóil nó drugaí, bealaí chun saoire, cóireáil agus athshlánú a bhainistiú sa pholasaí. I gcomhthráth le seoladh an Pholasaí, reáchtáil OÉ Gaillimh, i gcomhpháirtíocht le Meabhairshláinte Éireann Ceardlann Alcóil agus Mheabhairshláinte an 27 Iúil 2021.

- I mí Iúil 2021, sheol OÉ Gaillimh mol foghlama nua ar líne chun acmhainní oideachais agus faisnéise ar thoiliú gnéasach a chur chun cinn. Sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, an mol foghlama ar líne, mar chuid de thionscnamh an Rialtais an tuiscint ar bhrí agus ar thábhacht toilithe i ngníomhaíocht ghnéasach a fheabhsú. Cuireann an tionscnamh seo le hobair na foirne taighde ceannródaíoch Toilithe Ghníomhaigh* in OÉ Gaillimh.

- I mí Iúil 2021, sheol an Rialtas Creat um Champas Sláintiúil de chuid Éire Shláintiúil. Tugann an Creat um Champas Sláintiúil seo treoirlínte d'institiúidí tríú leibhéal chun sláinte agus folláine a leabú i saol an champais don fhoireann agus do mhic léinn. Mar fhreagra ar an gcreat, tá OÉ Gaillimh ag bunú grúpa oibre ildisciplíneach sláinte agus folláine agus ag athbhreithniú deiseanna chun maoiniú síl a sheoladh chun Cairt an Champais Shláintiúil a chur i bhfeidhm.

- Tionscnaimh i rith na bliana faoi stiúir Seirbhísí do Mhic Léinn chun meabhairshláinte agus folláine na mac léinn a chur chun cinn. Ceardlanna a chlúdaíonn topaicí cosúil le Folláine, Strus agus Imní a Bhainistiú, Codladh, Dóchas, Scileanna Saoil, Éicishíceolaíocht, Bia Sláintiúil Éasca. Chuir an tSeirbhís Séiplíneachta líne chabhrach ar siúl do Mhic Léinn faoi Strus Scrúdaithe.



- Reáchtáladh roinnt seachtainí téama sláinte agus folláine i rith na bliana. Bhí seachtain Mheabhairshláinte Chomhaltas na Mac Léinn in OÉ Gaillimh ar siúl ón 16 go dtí an 20 Samhain 2020 chun mic léinn a spreagadh breathnú amach dá meabhairshláinte agus chun feasacht ar shaincheisteanna meabhairshláinte a mhéadú. Bhí Seachtain an Domhain agus na hInbhuanaitheachta ar siúl ón 22 go dtí an 26 Feabhra 2021; Seachtain Feasachta Substaintí ón 15 go dtí an 19 Márta 2021; Seachtain Coinnigh go Maith Staidéar Maith ón 1 go dtí an 5 Márta 2021 agus Seachtain na hÉagsúlachta ón 12 go dtí an 16 Aibreán 2021.

- Is spás neamhfhoirmiúil pobail athghiniúnach é Eco Café faoi stiúir na Seirbhíse Comhairleoireachta do mhic léinn a bhfuil imní, smaointe, eolas éiceolaíoch le roinnt acu nó a bhfuil eolas ag teastáil uathu.

Bíonn an Caifé ar siúl gach seachtain i rith na bliana agus tugann an tionscnamh spás tacúil agus nasctha do mhic léinn a bhfuil an ghéarchéim éiceolaíoch ag cur as dóibh go mothúchánach nó go fisiciúil agus tarraingíonn sé aird ar bhealaí a bhféadfadh mic léinn a bheith rannpháirteach i dtionscnaimh inbhuanaitheachta campais.


- Chuir Club Kingfisher síneadh leis an mBallraíocht Dhigiteach sa Chlub Aclaíochta Saor in Aisce go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2021, ag tairiscint rochtain saor in aisce do gach mac léinn agus comhalta foirne ar mian leo rang aclaíochta a dhéanamh beo ar líne. Tá a gcuid ranganna dírithe ar gach leibhéal aclaíochta agus níl aon trealamh ag teastáil chun iad a dhéanamh.



## Aidhm Straitéiseach

Trí chur chuige uile-ollscoile a úsáid, feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine na mac léinn agus na foirne atá ina gcónaí, ag foghlaim, ag obair agus ag imirt inár bpobal trí chabhrú leo sláinte agus folláine choirp, shóisialta, ghnéasach agus mheabhrach iomlán a bhaint amach.





# An Comhshaol Tógtha

Photo by Dr. Chaosheng Zhang





# Buaicphointí

## UISCE

- Mar rannpháirtí sa Chlár Maoirseachta Uisce, tá OÉ Gaillimh ag obair i gcomhar le Uisce Éireann chun 'úsáid uisce agus costais oibriúcháin a laghdú agus an comhshaol a chosaint ag an am céanna'.
- Leagann Cairt Maoirseachta Uisce OÉ Gaillimh, a foilsíodh i mí na Samhna 2020, amach ár dtiomantas laghduithe breise ar úsáid uisce ar an gcampas a bhaint amach agus a chothabháil agus aird a tharraingt ar thábhacht an uisce mar acmhainn riachtanach agus theoranta. Leagtar amach sa Chairt ár dtiomantas úsáid uisce ar an gcampas a laghdú 10% faoi 2025 bunaithe ar bhunlíne 2018.
- Léiríonn Suaitheantas Comhpháirtí Uisce Inbhuanaithe go ndearna comhaltaí foirne lárnacha cúrsa atá deartha chun ceannaireacht a léiriú agus aidhmeanna/spriocanna a leagan síos maidir le hídiú uisce a laghdú.
- Clár leanúnach chun feistí sábhála uisce a shuiteáil i saotharlanna, ceardlanna, cistineacha agus áiseanna leithris ar fud an champais e.g. sconnaí le sreabhadh íseal, leithris dé-shruthlaithe, rialú ama ar leithris agus cithfholcadáin agus cinn chithfholcadáin le sreabhadh íseal.
- Mar chuid dár gCóras Bainistíochta Foirgnimh (BMS), chuir an fhoireann cothabhála pluiméireachta dhá mhéadar uisce dhigiteacha breise dhéag isteach chun sonraí a bhailiú. Is é ár n-aidhm an clár tomhais, anailíse agus éifeachtúlachtaí a leathnú chuig gach foirgneamh suntasach ar an gcampas faoi 2025. Cuireadh uisce san áireamh mar chuid den chóras nua bailithe, monatóireachta agus fíoraithe sonraí a bhaineann le ISO 50001:2018. Feictear ar chláir thaispeána, mar shampla in Áras Innealtóireachta Alice Perry, an méid uisce a úsáidtear san fhoirgneamh.
- Comhoibriú leis an gclár Deimhniú Saotharlainne Glaise chun úsáid uisce gan ghá a laghdú i saotharlanna eolaíochta ar fud an champais.
- Stáisiúin uisce óil a chur ar fáil ar fud an champais agus 4 stáisiún bhreise sa Bhliain Acadúil 2020-21.
- D'eagraigh Comhaltas na Mac Léinn, Cumann na Mara agus Cumann Fuinnimh OÉ Gaillimh glantacháin trá. Sheol Comhaltas na Mac Léinn a bhfeachtas #SustainableMonday ag tús mhí Feabhra, agus é mar aidhm comhairle agus spreagadh a thabhairt do mhic léinn OÉ Gaillimh maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe agus aird a tharraingt ar na hathruithe beaga is féidir linn go léir a dhéanamh a mbeidh tionchar mór acu ar ár bpláinéad. Gach Luan tugtar dúshlán do mhic léinn smaoineamh go domhanda trí ghníomhú go háitiúil. Ag tógáil ar na rátaí arda rannpháirtíochta sna glantacháin a reáchtáladh mar chuid den dúshlán 'Gníomhartha Cineáltais ón gCroí' ní ba luaithe sa bhliain, bhí glanadh trá 2 nóiméad mar chuid lárnach den Fheachtas Sustainable Monday.



### Aidhm Straitéiseach

Eolas a scaipeadh ar an bhfoireann, ar mhic léinn agus ar chuairteoirí maidir le huisce mar acmhainn chriticiúil theoranta nach mór a úsáid go freagrach. Deireadh a chur le gach úsáid uisce gan ghá ar an gcampas, na laghduithe ar úsáid uisce a baineadh amach ar an gcampas sa tréimhse dheireanach a chothabháil agus a fheabhsú tuilleadh. Deireadh a chur le spleáchas na foirne, na mac léinn agus na gcuairteoirí ar phlaistigh aonúsáide le haghaidh uisce.

# Buaicphointí

## DRAMHAÍL

- Ar feadh na Bliana Acadúla 2020-21, lean an tionchar suntasach a bhí ag COVID-19 ar an méid dramhaíola a gineadh; thart ar aon trian den ghnáthmhéid dramhaíola a gineadh ar an gcampas. 52% an figiúr athchúrsála don Bhliain Acadúil 2020-21, ag teacht leis an bhfigiúr don Bhliain Acadúil 2019-20.
- Leathnú ar an sruth deighilte dramhaíola bia trí bhoscaí bruscair bia a chur i ngach foirgneamh lóistín do mhic léinn i mBaile an Chíorbhuí agus i mBaile na Coiribe.
- Mar chuid de chlár Shaotharlanna Glasa na Gaillimhe agus an Creat Soláthair nua, tá iarrachtaí fós ar bun chun plaistigh shaotharlainne aonúsáide a laghdú agus úsáid táirgí glasa/roghanna malartacha a chur chun cinn. Tá saotharlanna an champais ag iarraidh ábhair in-athúsáidte eile a chur in ionad na bplaisteach aonúsáide agus oibriú le soláthróirí chun plaisteach pacáistithe a laghdú.
- Tá OÉ Gaillimh páirteach i dTionscadal Inbhuanaitheachta Shaotharlanna Beo an Champais; comhthionscadal 2 bhliain de chuid Chumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA) i gcomhar leis an gClár Náisiúnta do Chosc Dramhaíola (NWPP) den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Tá Saotharlanna Beo an Champais dírithe ar dhramhaíl a laghdú, cleachtais athchúrsála a fheabhsú agus iarrachtaí geilleagair chiorclaigh a thiomáint in ollscoileanna na hÉireann.

### Aidhm Straitéiseach

Tosaíocht a thabhairt do chosc dramhaíola ag gach deis trí éicea-dhearadh, athúsáid agus deisiú. Dramhaíl a athchúrsáil agus a athúsáid ar bhealaí a chuireann éifeachtúlacht acmhainní chun cinn, a laghdaíonn costas, a chosnaíonn sláinte agus an timpeallacht agus a ghluaiseann i dtreo geilleagar ciorclach.





- I mí na Samhna 2020, mar chuid den tSeachtain Náisiúnta Eolaíochta, reáchtáil grúpa taighde ó OÉ Gaillimh taispeántas fíorúil dar teideal, Plastic Recycling in Ireland - How to improve plastic recycling together. D'eagraigh Teicneolaíochtaí Fuinnimh Nuálacha do Bhithbhreoslaí, Bithfhuinneamh agus Bithgheilleagar Inbhuanaithe na hÉireann, grúpa taighde idirnáisiúnta faoi stiúir OÉ Gaillimh an ócáid. Is grúpa iad seo a dhéanann imscrúdú ar theicneolaíochtaí núíosacha le haghaidh breoslaí malartacha agus tráchtearraí in-athnuaite ó chóireáil dramhaíola agus fuíolluisce. Bhí cur i láthair ag an ócáid ó ghairmithe ón tionscal, ón saol acadúil agus ón tsochaí, agus bhí plé oscailte ann ar bhealaí chun athchúrsáil plaisteach a chur chun cinn agus a fheabhsú.
- Is tionscnamh athúsáide trealaimh é Glassary faoi stiúir mac léinn, mar chuid den chlár oibre deonaí ALIVE a spreagann mic léinn OÉ earraí tí nach dteastaíonn níos mó a atreorú ó líonadh talún. Bíonn pointí bailithe trealaimh socraithe ag áiteanna cónaithe do mhic léinn ar fud an champais agus spreagtar mic léinn le hearraí bána, earraí tí agus éadaí nach dteastaíonn a thabhairt chuig na pointí seo. Bronntar na hearraí ar charthanas, nó stóráiltear iad lena n-athúsáid ag mic léinn nua. Tá an tionscnamh ar siúl anois don dara bliain agus tá thart ar 2 thonna trealaimh sábháilte dá bharr ón sruth dramhaíola.
- Chuidigh OÉ Gaillimh leis an bhfeachtas Tech2Students leis an gcuspóir náisiúnta 5,000 ríomhaire glúine athchóirithe a thabhairt do mhic léinn i ngátar ar fud na hÉireann, mar fhreagra ar an deighilt dhigiteach a bhíonn ag mic léinn i ngátar.



# Buaicphointí

## IOMPAR

- Tá an grúpa oibre Iompair i mbun Plean Taistil nua OÉ Gaillimh 2021-2025 a fhorbairt. Cruthaíodh suirbhé athbhreithnithe ar Phlean Taistil chun aiseolas ón *Suirbhé ar Phlean Taistil OÉ Gaillimh 2016, Tionscadal Náisiúnta ar an Obair ón mBaile* in Éirinn de chuid Instiitiúid Whitaker agus Suirbhé ar an Obair ón mBaile de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) a chur san áireamh. Tá suirbhé le cur ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2021 nuair a fhillfidh mic léinn ar an gcampas.
- Táimid fós ag iarraidh ár bhfeithiclí ollscoile a uasghrádú chuig feithiclí leictreacha. Mar shampla, tá feithicil leictreach breise ordaithe d'Fhoirgnimh agus Eastáit agus don Leabharlann, le seachadadh go luath in 2022.
- Rinneadh bolscaireacht ar an scéim Rothaíochta chun na hOibre agus ar an scéim Pas Taistil ag gach Seisiún Eolais maidir le Caidreamh le Fostaithe. Leathnaíodh an scéim Rothaíochta chun na hOibre chun €1250 a áireamh le haghaidh rothair agus €1500 le haghaidh Rothar leictreach. Creidiúnú a lorg d'fhostóir a thacaíonn le rothaíocht – creidiúnú Eorpach do champais agus do choláistí sa Bhliain Acadúil 21-22.





### Aidhm Straitéiseach

Tacú le hoibríochtaí laethúla agus fás pleanáilte na hollscoile, agus an tionchar tráchta a íoslaghdú agus soghluaisteacht agus roghanna taistil inbhuanaithe a fheabhsú. Agus muid ag obair i gcomhar leis an rialtas áitiúil agus le comhpháirtithe eile, iarracht a dhéanamh lorg carbóin an iompair a laghdú.

- Is samplaí iad 'Marchathon' agus 'Walktober' d'Ionaid Oibre i mbun Taisteal Cliste agus de dhúshláin siúlóide ar an gCampas a reáchtáil Comhaltas na Mac Léinn in OÉ Gaillimh. Is dúshlán foirne é Marchathon, le foirne idir triúr agus seisear a chláraíonn agus a dhéanann iarracht a mhéid céimeanna agus is féidir a ghlacadh i rith mhí an Mhárta. Bhí an dúshlán céimeanna Marchathon ar siúl ón 1 Márta go dtí an 28 Márta 2021 agus bhí os cionn 60 foireann mac léinn agus foirne páirteach ann. Bhí Walktober ar siúl ón 5 Deireadh Fómhair go dtí an 1 Samhain 2020 agus bhí os cionn 90 foireann mac léinn agus foirne san iomaíocht.
- Tá an fhoireann a bhaineann leis an gCarr atá tíosach ar Fhuinneamh i nGaillimh (GEEC) in OÉ Gaillimh i ndiaidh craobh na hEorpa a bhaint amach i gcomórtas mór innealtóireachta mac léinn. Fógraíodh gur bhuaigh foireann lasta bóthair GEEC i réigiún na hEorpa as a gcuid taighde agus nuálaíochta ó thaobh feabhas a chur ar aeraidinimic trucailí troma sa chatagóir a bhain le Dícharbónúchán Iompair Lastais Bóthair.





# Rialachas agus Ceannaireacht

Photo by Dr. Chaosheng Zhang





## Buaicphointí

- Chuir OÉ Gaillimh lena rannpháirtíocht i gcórais idirnáisiúnta rangaithe inbhuanaitheachta trí iarratas a dhéanamh ar Chóras Rianaithe agus Rátála Inbhuanaitheachta (STARS) de chuid Chumann Inbhuanaitheachta san Ardoideachas a Chur Chun Cinn.
- Bhí OÉ Gaillimh rangaithe sa 82ú háit (as 1118 institiúid i.e. an 7.3% is fearr) i Rangú Times Higher maidir le Leas na Sochaí in 2021 i gcomparáid leis an 68ú háit (as 768 i.e. an 8.9% is fearr) in 2020. San iomlán, rangaíodh OÉ Gaillimh i 9 gcinn de na SDGanna in 2021, le hais 7 gcinn de na SDGanna in 2020.
- Chuir OÉ Gaillimh lena chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta trí Líonra Ollscoileanna Eorpacha ENLIGHT, Cumann Comhshaoil na nOllscoileanna agus na gColáistí (EAUC) agus an Cumann Inbhuanaitheachta san Ardoideachas a Chur Chun Cinn (AASHE).
- Ó tharla gur shínigh OÉ Gaillimh Comhaontú SDG, tá sé ag leanúint lena thiomantas i leith 'ár bhfoghlaim a roinnt' agus 'ár ndul chun cinn a chur in iúl do na pobail áitiúla agus dhomhanda i dtreo na SDGanna'. I mBealtaine 2021, sholáthar OÉ Gaillimh Tuarascáil Bhliantúil Chomhaontú SDG 2021. Mar chuid den tuarascáil bhliantúil, roinneadh cás-staidéir a rinne cur síos ar raon ábhar lena n-áirítear leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite; cleachtais saotharlainne glasaithe; foghlaim seirbhíse agus taighde pobail agus: rialachas institiúideach le haghaidh bhuanaitheachta
- Rinneadh measúnú ar lorg carbóin den chéad uair ar OÉ Gaillimh, a mheas na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le OÉ Gaillimh in 2019 a bheith ag 53,396 tonna de $CO_2e$ (is é sin 2.63 tonna in aghaidh an chomhalta foirne agus an mhic léinn coibhéise lánaimseartha). Bunaithe ar an lorg carbóin, forbrófar Plean Gníomhaíochta Aeráide don ollscoil de réir na riachtanas atá leagtha amach sa Bhille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021'.



### Aidhm Straitéiseach

Glacfaidh CUSP ról ceannasaíochta chun an t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú trínar dteagasc, ár dtaighde, ár gcuid seirbhísí tacaíochta gairmiúla, ár ngníomhaíochtaí agus ár dtionchair. Déanfaimid ár gcampas agus ár ngnóthaí seachtracha uile a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus féachaimid le bheith inár n-eiseamláir d'eagraíochtaí cosúil linn, trí thionchar dearfach a bheith againn ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí. Forbróimid ár gcéimithe mar cheannairí inbhuanaitheachta amach anseo in Éirinn agus ar fud an domhain, ag forbairt an chéad ghlúin eile de mhic léinn, taighdeoirí agus nuálaithe chun dul i ngleic le dúshláin forbartha inbhuanaithe an domhain.

- Tá OÉ Gaillimh ag cur Polasaí Gníomhaíochta Aeráide agus Inbhuanaitheachta nua i gcrích chun an sprioc saor ó astaíochtaí a leagan síos go foirmiúil, mar a d'aontaigh Foireann Bainistíochta na hOllscoile i Meitheamh 2021. Ag teacht leis an 'mBille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021', tá tiomantas tugtha ag OÉ Gaillimh aistriú chuig ollscoil saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa atá athléimneach ó thaobh na haeráide, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de tráth nach déanaí ná 2050.

- Mar ollscoil dhátheangach, tuigimid an nasc domhain idir daoine agus áit in Éirinn agus ar fud na cruinne. I mí Iúil 2021, sheol OÉ Gaillimh a chéad Straitéis Gaeilge. Leagtar amach i Straitéis na Gaeilge 2021-25 fís uaillmhianach chun beocht a thabhairt do champas dátheangach na hOllscoile agus cosán a leagan amach do chultúr dátheangach i ndáiríre, trí pholasaithe oibríochta, struchtúir rialachais agus an cumas a thabhairt dá pobail a bheith ina gcosantóirí ar an nGaeilge.

- Chun cuspóir Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh a chur chun cinn is é sin 'deiseanna ceannaireachta inbhuanaitheachta mac léinn ar an gcampas a fhorbairt', thionóil OÉ Gaillimh Gradaim Cheannaireachta Inbhuanaitheachta na Mac Léinn 2021. Bhí na Gradaim oscailte do mhic léinn OÉ Gaillimh agus bronnadh scoláireacht 8 seachtaine (idir Meitheamh agus Lúnasa 2021) ar an dream ar éirigh leo, maoinithe ag Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile. Is é príomhaidhm na ngradam ceannairí mac léinn a fhorbairt atá tiomanta agus díograiseach maidir le campas agus pobal níos inbhuanaithe a fhorbairt.

- In OÉ Gaillimh, táimid i gceannas ar bhunú 'Saotharlanna Glasa na hÉireann' mar líonra saotharlann san earnáil phoiblí agus níos déanaí, saotharlanna príobháideacha/corparáideacha, a chomhoibreoidh agus a roinnfidh faisnéis faoin mbealach is fearr le cuspóirí glasaithe saotharlainne a bhaint amach. Sa líonra tá an EPA, FSS, Uisce Éireann, Teagasc, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foras na Mara, OÉG (an chéad Ollscoil sa líonra), UCC, OL, TCD, GMIT, IT Luimnigh, IT Shligigh. Mar chuid de 'Dhúshlán Plaisteach' a bhí maoinithe ag SFI (Eanáir-Márta 2021), rinne OÉG, i gcomhar le Taighde Déantúsaíochta na hÉireann, iniúchadh náisiúnta plaistigh saotharlainne aonúsáide, a bhailigh sonraí ó 80 saotharlann ar fud na hÉireann agus a d'aithin na roisíní plaisteacha aonúsáide saotharlainne ba mhó.

- Fógraíodh OÉ Gaillimh mar bhuaiteoir ar an 'nGradam Inbhuanaitheachta is Fearr', ag Gradaim Chumann Tráchtála na Gaillimhe 2020, a bhí ar siúl i mí Feabhra 2021. Tugann an gradam aitheantas dár gceannaireacht san inbhuanaitheacht agus ár dtraidisiún fada comhpháirtíochtaí le grúpaí agus le heagraíochtaí i nGaillimh chun réitigh agus cleachtais inbhuanaitheachta a fhorbairt.




# Cuid 2:

## Dul chun cinn maidir leis na SDGanna




# SDG 1
## Deireadh a chur leis an mbochtaineacht i ngach áit

1 DEIREADH LE BOCHTANAS

## Mic Léinn agus Foghlaim

### Ionad Rochtana OÉ Gaillimh

Tá sé mar aidhm ag Ionad Rochtana OÉ Gaillimh timpeallacht foghlama thacúil a chruthú do mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch trí raon leathan tacaíochtaí a thairiscint, ag cur ar chumas na mac léinn a gcumas oideachais a bhaint amach beag beann ar a gcúlra socheacnamaíoch. I measc na samplaí tá cláir rochtana bonnstaidéir agus réamhiontrála, Ag Briseadh an tSéala, OÉ Gaillimh, An Bealach Rochtana ar an Ardoideachas do lucht fágála Scoile (HEAR), Acadamh na hÓige, Clár Meantóireachta Attract Transition Succeed (ATS), Clár na hOllscoile Tearmainn agus Clár na Scoile Tearmainn. Sa Bhliain Acadúil 20-21, bhí an tIonad Rochtana chun tosaigh i dtionscnamh COVID-19 de chuid an Rialtais, ag tacú le mic léinn faoi mhíbhuntáiste san earnáil ardoideachais chun rochtain a fháil ar fhearais ríomhaireachta. Tríd an Scéim Iasachta Ríomhairí Glúine, cuireadh 991 ríomhaire glúine ar fáil do mhic léinn OÉ Gaillimh. Tugadh tosaíocht sa scéim do mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar bhacainní socheacnamaíocha. Tugann Cistí Cabhrach Airgeadais OÉ Gaillimh tacaíochtaí airgeadais do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí airgeadais gearrthéarmacha nó fadtéarmacha acu agus iad ag freastal ar an ardoideachas. Sa Bhliain Acadúil 20-21, bhí líon an-ard iarratas ar na Cistí Cabhrach Airgeadais (972, ardaithe ó 550).

### Masters in Social Work

Cuidíonn an Masters in Social Work OÉ Gaillimh le forbairt na mac léinn ar mian leo creidiúnú a bhaint amach mar oibrithe sóisialta gairmiúla. Déanann mic léinn staidéar ar fhadhbanna a bhaineann le bochtaineacht agus cleachtais frithbhochtaineachta in ábhair lena n-áirítear polasaí sóisialta, teoiric oibre sóisialta criticiúla agus modhanna forbartha pobail. Caithfidh mic léinn aird a thabhairt ar chearta an duine agus ar chearta sóisialta le linn a gcuid staidéir, lena n-áirítear béim ar thionchar na bochtaineachta ar chearta daoine chun maireachtáil, forbairt, cosaint a fháil agus a bheith rannpháirteach. Múintear cleachtais fhrith-leatromacha agus cleachtais fhrith-idirdhealaitheacha do mhic léinn a spreagann iad chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar thionchar a lán fachtóirí ar shaol daoine, an bhochtaineacht san áireamh.

**8%**

Tagann 8% de mhic léinn OÉ Gaillimh ó cheantair faoi mhíbhuntáiste

(Tuarascáil ar Scór Innéacs Bochtaineachta an ÚAO)

# Taighde

## Foréigean Baile – An Fíorchostas a bhaineann le neamhaird a dhéanamh de

Tá taighde ceannródaíoch ó bhraisle Inscne agus Polasaí Phoiblí Institiúid Whitaker in OÉ Gaillimh, maidir le costas eacnamaíoch an fhoréigin baile i dtíortha ar ioncam íseal agus meánioncaim ríthábhachtach maidir le reachtaíocht agus polasaithe nua a fhorbairt chun mná san Éigipt, sa tSúdáin Theas agus i Vítneam a chosaint. Fulaingíonn mná foréigean baile taobh thiar de dhoirse dúnta; mar sin féin, bíonn tionchar ar níos mó ná an duine aonair agus an teaghlach aige, bíonn iarmhairtí tromchúiseacha aige do gheilleagair náisiúnta. Mar shampla, de réir taighde costála, faoi stiúir OÉ Gaillimh, bhí táirgiúlacht a cailleadh, ó thaobh laethanta de, comhionann le laghdú 4.5% ar an daonra oibre ban i nGána in 2019. Maidir le mná aonair a thagann slán, ídíonn foréigean baile acmhainní tí trí chostais as póca chun rochtain a fháil ar sheirbhísí chun lorg an fhoréigin a chóireáil agus a mhaolú. I Vítneam, chaith mná a tháinig slán thart ar 25% dá n-ioncam bliantúil ar na costais seo. De bhrí go ndéanann tíortha a ndícheall rannpháirtíocht eacnamaíoch na mban a leathnú chun borradh a chur faoi fhás eacnamaíoch agus an bhochtaineacht a dhíothú, tá an caillteanas seo suntasach.

Tá sé ríthábhachtach na hiarmhairtí seo a aithint chun go mbeidh rialtais in ann reachtaíocht nua a chur i bhfeidhm, infheistiú i seirbhísí tacaíochta agus breithiúnacha, agus iarrachtaí coiscthe a mhéadú. Tá lámhleabhair, uirlisí, agus creataí teoiriciúla OÉ Gaillimh á n-úsáid níos mó agus níos mó ar fud an domhain chun tionscadail chostála a threorú, ag iarraidh deireadh a chur leis an gcineál forleatach seo foréigin agus deireadh a chur leis an mbochtaineacht.

**69 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

# Rannpháirtíocht sa Phobal

## An Mheitheal Rothar

Is Comharchumann neamhbhrabúis é an Mheitheal Rothar atá lonnaithe in Ionad Nuálaíochta Gnó OÉ Gaillimh. Úsáideann an Mheitheal, atá ag feidhmiú mar An Mheitheal Rothar ó dhá shuíomh ar champas OÉ Gaillimh, ioncam ó ghníomhaíochtaí fiontraíochta chun athrú forásach a threorú do shochaí níos inbhuanaithe. Cuireann an Cheardlann Phobail ceardlanna praiticiúla cothabhála rothar ar fáil; tá an-tóir ar an tionscnamh seo i measc na mac léinn agus daoine ar ioncam níos ísle. Foghlaimíonn na rannpháirtithe i dtimpeallacht dá bpiaraí conas rothar a dheisiú agus a chothabháil; oibríonn an cheardlann ar bhonn síntiús. Cuirfidh Siopa Rothar na hOllscoile, atá le hoscailt i ndeireadh 2021, seirbhís deisithe rothar ar fáil ar thailte an champais agus beidh rothair nua agus dara láimhe le díol ann do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne. Tá sé mar aidhm ag an siopa iompar gníomhach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus cur leis an scéim rothaíochta chun na hoibre. Tiocfaidh na rothair dara láimhe tríd an tionscnamh Athúsáid do Rothar, tionscnamh de chuid an gheilleagair chiorclaigh a chuireann deiseanna oiliúna agus fostaíochta ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

## Glassary

Is tionscnamh athúsáide trealaimh faoi stiúir na mac léinn é Glassary a spreagann mic léinn OÉ Gaillimh le héadach, earraí bána agus earraí tí nach dteastaíonn níos mó a thabhairt uathu. Bíonn pointí bailithe earraí ag áiteanna cónaithe do mhic léinn ar fud an champais. Spreagtar mic léinn le hearraí nach dteastaíonn níos mó a atreorú ón gcóras dramhaíola trína mbronnadh ar charthanas, nó iad a thabhairt do mhic léinn atá ag teacht isteach. Sa Bhliain Acadúil 20/21, tugadh síntiúis do chúig eagraíocht neamhbhrabúis atá áitiúil don Ollscoil (Cumann Naomh Uinseann de Pól, Clann Shíomóin na Gaillimhe, Cúram Ailse an Iarthair, Ionad Acmhainní Teaghlaigh ARD agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh Rathúin). D'éirigh leis an tionscnamh, atá ar siúl anois don dara bliain, breis is dhá thonna earraí tí a atreorú ó dhramhaíl. Is tionscnamh de chuid an chláir oibre deonaí ALIVE é Glassary. Is Clár Oibre Deonaí na Mac Léinn in OÉ Gaillimh é ALIVE (Tionscnamh Foghlama agus Taithí ar Obair Dheonach).

Is comhpháirtí tacaíochta é an Tionscnamh Eolais Pobail (CKI) de COPE na Gaillimhe, carthanas a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha do chuid de na fir, mná agus leanaí is scoite amach i nGaillimh






# SDG 2
## Deireadh le hOcras



## Mic Léinn agus Foghlaim

### Cláir ar Thalmhaíocht, Slándáil Bia agus Córais Bhia Inbhuanaithe

Chun freastal ar an éileamh bia ar domhan, caithfidh córais talmhaíochta agus bhia aistriú i dtreo samhlacha níos inbhuanaithe, níos cothroime agus níos láidre. Chuige sin teastóidh béim ar inbhuanaitheacht chomh maith le nuálaíochtaí teicneolaíochta, institiúideacha, gnó agus sóisialta. Cuireann OÉ Gaillimh raon clár ar fáil a thugann na scileanna idirdhisciplíneacha do mhic léinn chun freagairt do dhúshláin den sórt sin; mar shampla, an Masters in AgriBiosciences agus an Masters in AgriFood Sustainability and Technology. Tugann an Masters in Climate Change, Agriculture and Food Security (CCAFS) na scileanna agus na huirlisí do mhic léinn chun cleachtais, polasaithe agus bearta talmhaíochta inbhuanaithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le téamh domhanda don talmhaíocht agus do shlándáil bhia ar fud an domhain. Bhuaigh an cúrsa an Gradam don Iarchéim Nua is Fearr (Dámhachtainí ÚAO 2017) agus bhí sé ar an ngearrliosta freisin don Ghradam Eolaíochta is Fearr do 2018–19. Maidir leis an mBliain Acadúil 21/22, tá an rogha céim bhaitsiléara a dhéanamh in Agricultural Science ar ais sa réamheolaire den chéad uair le 40 bliain. Tá clár céime an bhaitsiléara in Agricultural Science bunaithe ar tháirgeadh bia inbhuanaithe, eolaíocht chomhshaoil agus forbairt tuaithe.

### Cumann Comhshaoil OÉ Gaillimh

Cumann CCAFS a tugadh air roimhe seo, bíonn Cumann Comhshaoil OÉG ag iarraidh feasacht a mhéadú agus bíonn sé tógtha le gníomhaíocht maidir le saincheisteanna a bhaineann le hathrú aeráide, talmhaíocht agus slándáil bia. Tá dlúthbhaint ag an gcumann le hardán taighde CCAFS, ina mbíonn eolaithe, gairmithe, lucht déanta polasaithe, agus pobail ag obair le chéile chun oiriúnú don athrú aeráide. Soláthraíonn an cumann ardán do mhic léinn OÉ Gaillimh chun páirt a ghlacadh i ngníomh áitiúil agus domhanda maidir le hathrú aeráide agus na tionchair a ghabhann leis. Is í an aidhm díriú ní hamháin ar fhadhbanna comhshaoil iad féin, ach freisin ar shaincheisteanna gaolmhara mar chaipitleachas, ciníochas comhshaoil agus cosaint na bpobal dúchasach. I measc na bhfeachtas roimhe seo bhí 'Feachtas Saor ó Iontaise' agus feachtais chun an tomhaltas mearfhaisin a laghdú. Bhí Seachtain an Domhain an Chumainn Comhshaoil (eagraithe ag an gCumann Comhshaoil) ar siúl ón 22 go dtí an 26 Márta 2021 agus mar chuid de bhí glantacháin áitiúla, aoichainteoirí, oícheanta cócaireachta veigeánacha agus léiriú cláir faisnéise.

## Taighde

### Ionad Plandaí & Agrai-Eolaíochtaí Bitheacha OÉ Gaillimh

NUI Galway Plant & AgriBiosciences Centre (PABC) is an interdisciplinary research centre, advancing plant and agricultural biosciences for sustainable development, to meet social and economic challenges in Ireland, the EU and internationally (including in developing countries). A major aim of the PABC is to facilitate the development of a 'Community of Practice' in relation to plant and agricultural biosciences, where researchers and innovators can work together to generate novel knowledge, products and services that can facilitate sustainable development. Research themes include, for example, future crops that focuses on leveraging plant and crop biosciences for 'bio-based' sustainable development; harvesting of algal for provision of useful products and services for humanity; working in partnership with the CCAFS initiative on research and training activities in Ireland and in Africa; smart farm technologies and; agricultural research for development.

Is é ár sprioc cur

**AMÚ BIA A LAGHDÚ 50%**

in ionaid lónadóireachta faoi 2025, roimh sprioc Rialtas na hÉireann cur amú bia a laghdú faoi 2030.

(Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh 2021-2025)

### Buaiteoir Intleachtóir Saorga (AI) Nuálaíocha Todhchaí SFI do Dhúshlán Leas na Sochaí

I mí Iúil 2021, fógraíodh tionscadal taighde in OÉ Gaillimh mar bhuaiteoir Intleachtóir Saorga (AI) Todhchaí do Dhúshlán Leas na Sochaí de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), as a uirlis anailíse íomhánna satailíte bunaithe ar AI chun oiriúnú don athrú aeráide sa talmhaíocht a thomhas. Bronnadh maoiniú €1 mhilliún ar fhoireann TAPAS dá dtionscadal idirdhisciplíneach a raibh mar thoradh air sin uirlis atá in ann sonraí a sholáthar ar éifeachtacht idirghabhálacha talmhaíochta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Tá an cumas ag an teicneolaíocht a d'fhorbair Scoil na Matamaitice, na Staitisticí agus na Matamaitice Feidhmí i gcomhar le hInstitiúid Uí Riain an cumas a thabhairt do phobail ar fud na cruinne tionchar an athraithe aeráide a laghdú go réamhghníomhach, go háirithe na pobail sin sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil a ngeilleagair beagnach go hiomlán ag brath ar thalmhaíocht.

## Rannpháirtíocht sa Phobal

### Bia Maith

Tairgeann gach lónadóir ar champas OÉ Gaillimh roghanna veigeánacha, veigeatóracha agus saor ó fheoil ar an gcampas gach lá. Tá gairdíní luibheanna lasmuigh ar an gcampas atá á gcothabháil ag na cócairí agus tá na cócairí tiomanta a chinntiú go cuirtear comhábhair a fhaightear go háitiúil ar fáil atá úr agus sa séasúr. Bhunaigh pobal seirbhísí bia Sodexo clár faire cur amú bia, atá ag iarraidh cur amú bia a laghdú. Bailíonn foirne Sodexo sonraí maidir le cur amú bia go gasta, ag tabhairt léargas soiléir ar a bhfuil á chur amú ina gcistineacha. Leis an eolas seo, cuireann foirne athruithe oibríochta agus iompraíochta spriocdhírithe i bhfeidhm chun cabhrú le deireadh a chur le cur amú bia is féidir a sheachaint. Ardaíonn an seirbhís lónadóireachta Food Space an caighdeán inbhuanaitheachta trí gan ach comhábhair áitiúla séasúracha a úsáid agus iarracht a dhéanamh cistineacha gan aon chur amú a bheith acu. Úsáidtear craicne glasraí chun picilí agus coipeadh a dhéanamh, úsáidtear meilte caife mar leasachán ithreach, déantar cáis ricotta den bhainne fuíll agus cuirtear an meadhg mar thoradh air sin le deochanna picilte, gach gníomhaíocht a dhéanfaí i gcistin ardspreagtha agus feasach ar an gcomhshaol.

**127 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

Tá OÉ Gaillimh ina bhall bunaithe d'Fhóram Forbartha Talmhaíochta Idirnáisiúnta na hÉireann a bhfuil sé mar fhís aige slite beatha daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht sa domhan i mbéal forbartha a athrú trí thionscnaimh a thacaíonn le talmhaíocht, bia agus cothú athléimneach, cothromasach agus inbhuanaithe.







# SDG 3
## Dea-shláinte agus Folláine

3 DEA-SHLÁINTE & DEA-FHOLLÁINE

## Mic Léinn agus Foghlaim

### Cláir Staidéir

Tá OÉ Gaillimh, i gcomhpháirtíocht uathúil leis an Institiúid Náisiúnta um Chosc agus Sláinte Cardashoithíoch, ag tairiscint sraith uathúil clár iarchéime i Leigheas Coisctheach agus Sláinte Chardashoithíoch lena n-áirítear MSc Preventive Cardiology, MSc Diabetes, MSc Obesity, MSc Cardiovascular and Pulmonary Rehabilitation, agus PG Cert in Cardiac Rehabilitation. Díríonn na cúrsaí seo ar ghalar croí, stróc, diaibéiteas, murtall a chosc agus a rialú agus stíleanna maireachtála gníomhacha, sláinte agus folláine a chumasú. Tá cur chuige idirdhisciplíneach tábhachtach ag gach clár, a chuirtear ar fáil i gcomhpháirtíocht leis an Institiúid Náisiúnta um Chosc agus Sláinte Chardashoithíoch (NIPC) agus Croí, Carthanas Croí agus Stróc Iarthar na hÉireann. Ciallaíonn sé seo gur féidir idirghníomhú le saineolaithe cliniciúla maidir le galar cardashoithíoch, diaibéiteas agus murtall a chosc, mar aon le seaimpíní sláinte pobail agus poiblí agus le príomhcheannairí tuairimíochta i leigheas cardashoithíoch. Tá na cláir dírithe ar raon leathan gairmeacha, lena n-áirítear altranas agus gairmithe sláinte gaolmhara agus is é an sprioc glúin nua ceannairí a chur ar fáil i sláinte chardashoithíoch agus galair a chosc.

### Cumainn na Mac Léinn, OÉ Gaillimh

Tá 20 cumann in OÉ Gaillimh faoi stiúir mic léinn a bhaineann leis an tsláinte. Tá Cumann Sláinte OÉ Gaillimh ar cheann de na cumainn a chuireann an tsláinte chun cinn agus a dhíríonn ar gach gné den tsláinte fhisiciúil agus den mheabhairshláinte a chur chun cinn. Is tionscnamh de chuid an Chumainn Sláinte é Ospidéal na mBéiríní atá ar an bhfód le 16 bliana anuas. Tá béiríní tugtha chuig an ospidéal ag páistí i gcaitheamh na mblianta agus iad ag samhlú go raibh réimse leathan tinnis ag gabháil dóibh, leithéidí cluasa tinne, boilg bhreoite agus gach cineál easláinte eile faoin spéir. Cabhraíonn mic léinn leighis, cúraim sláinte agus eolaíochta leis na béiríní a dhiagnóisiú agus a leigheas. Tá súil acu go gcuideoidh an ócáid le páistí idir 4-8 mbliana d'aois a bheith ar a suaimhneas le dochtúirí nó i dtimpeallacht ospidéil. Eagraíodh Ospidéal na mBéiríní mar ócáid fhíorúil in Aibreán 2021. Ar líne le foireann Ospidéal na mBéiríní, chuir beirt speisialtóirí dochtúirí fáilte roimh rannpháirtithe agus othair. D'fhoghlaim na leanaí agus a gcuid 'othar' conas aire a thabhairt do shláinte na mbéiríní trí thrí phríomhthéama: sláinte ghinearálta, stíl mhaireachtála, agus folláine mhothúchánach.



*ICU Family Link at University Hospital Galway- Winner of Knowledge Transfer Ireland Impact Award 2020*

## Taighde

### Ionaid Taighde

Addressing health challenges requires a multi- and interdisciplinary and co-ordinated approach. There are over 20 research centres based In the NUI Galway College of Medicine, Nursing and Health Sciences, carrying our leading research addressing health challenges. For example NUI Galway's Health Promotion Research Centre published its Health Behaviour in School-aged Children Trends Report 1998-2018, in March 2021. NUI Galway's Corrib Research Centre for Advanced Imaging and Core laboratory has recently led five international trials and three investigator initiated trials, involving over 7000 patients, as part of its role as a global centre of excellence for cutting-edge imaging methods, innovation, research, collaboration and education. CÚRAM, the SFI Research Centre for Medical Devices based at NUI Galway, announced a new research partnership with B. Braun to develop a novel drug delivery system for cannabinoids, for more effective treatment of wound pain and improved wound healing, and the development of a device for the management of wound odour.

### Líonra Ignite do Rannpháirtíocht Othar Poiblí

Tá OÉ Gaillimh i gceannas ar líonra nua ollscoileanna chun rannpháirtíocht an phobail agus na n-othar i dtaighde sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun cinn. I mí Eanáir 2021, d'fhógair an Bord Taighde Sláinte, i gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, go bhforbrófaí an Líonra nua Ignite do Rannpháirtíocht Phoiblí agus Othar (PPI) i seacht n-ollscoil agus 10 n-eagraíocht chomhpháirtíochta. Agus OÉ Gaillimh i gceannas, tá an líonra á bhunú chun an pobal agus na hothair a chur i gcroílár an taighde sláinte agus cúraim shóisialta. Tá sé mar aidhm aige a chinntiú go mbeidh an chéad ghlúin eile céimithe eolach ar Rannpháirtíocht Phoiblí agus Othar (PPI) agus go bhfuil a fhios acu conas é a úsáid ina gcuid taighde. Sa chomhpháirtíocht, beidh an deis ag othair agus ag an bpobal oibriú le foirne taighde chun cinneadh a dhéanamh ar na saincheisteanna atá tábhachtach díriú orthu agus an bealach is fearr le taighde a dhéanamh. Príomhsprioc a bheidh ann a chinntiú go n-éistear le guthanna grúpaí imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste.

**1767 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

Is é SDG 3 príomh-aschur OÉ Gaillimh le 5 bliana anuas i dtéarmaí foilseachán. Tá ár n-innéacs tagairtí ualaithe allamuigh (FWCI) do SDG 3 os cionn dhá oiread an mheáin dhomhanda.

Tá os cionn
**50 CLUB SPÓIRT**
ag OÉ Gaillimh agus beagnach
**100 CUMANN MAC LÉINN**
atá dírithe ar fholláine choirp, shóisialta agus mheabhrach a chur chun cinn. Ba iad cumainn OÉ Gaillimh na buaiteoirí móra ag Gradaim Bhord Chumainn na gColáistí Éireannacha (BICS) i mbliana ag tabhairt
**SEACHT NGRADAM**
abhaile leo. I mí Feabhra 2021 fógraíodh OÉ Gaillimh mar
**OLLSCOIL CONAIRE COMHPHÁIRTÍOCHTA RÁMHAÍOCHT ÉIREANN**.
I Márta 2021 d'fhógair OÉ Gaillimh
**COMHPHÁIRTÍOCHT IONAID FEABHAIS LE CISPHEIL ÉIREANN**

## Dul i nGleic le COVID-19

Idir vacsaíní agus athraithigh, ullmhacht phaindéimeach agus freagairtí gasta, tá ár bpobal taighde agus nuálaíochta ar a míle dícheall i gcoinne na paindéime chun réitigh nuálacha a fhorbairt chun sláinte agus folláine a fheabhsú agus tacú leis an bhfreagra ar ghéarchéim COVID-19.

Mar shampla, tá OÉ Gaillimh i gceannas ar thionscadal Pandem-2 an AE, atá deartha chun cabhrú le tíortha comhaontaithe ullmhú níos fearr do phaindéimí amach anseo agus freagairt dóibh. Cuimsíonn an tionscadal dhá bhliain €10 milliún forbairt ar shraith coincheap, seirbhísí agus córais TF núíosacha a chuirfidh ar chumas bainisteoirí paindéime ullmhú do réimse leathan cásanna éagsúla agus freagraí féideartha. Is é príomhaidhm an tionscadail ná go mbeadh an Eoraip in ann freagairt go comhleanúnach agus go héifeachtach don chéad phaindéim eile, cibé uair a tharlóidh sé agus cibé cén riocht a bheidh uirthi. Rinne OÉ Gaillimh urraíocht ar thaighde i SAM, Ceanada, Meicsiceo, an Fhrainc, an Spáinn agus in Éirinn a léiríonn gur lú seans go bhfaighidh othair atá thar a bheith tinn le COVID19 bás nó go mbeidh aeráil ionrach ag teastáil uathu má luíonn siad ar a mbolg agus ocsaigin á fáil acu. Rinneadh tionchar na teicníce seo ina gcuirtear othair ina luí béal fúthu, a mheas in ospidéil i sé thír ar níos mó ná 1,000 othar coróinvíris ar theastaigh ardtacaíocht análaithe uathu. Foilsíodh na torthaí in The Lancet Respiratory Medicine. Ba é an staidéar an chéad triail chliniciúil dá leithéid in othair a chur ina luí ar a mbolg agus bhí sé ar siúl ó Aibreán 2020 go hEanáir 2021.

Ghnóthaigh córas nua glaonna físe a forbraíodh in OÉ Gaillimh a nascann othair i ndianchúram lena dteaghlaigh, fad atá srianta COVID-19 ar chuairteanna ar ospidéil, gradam Aistriú Eolais Éireann (KTI) i mí na Nollag 2020. D'oibrigh an ollscoil le comhpháirtithe tionscail Cisco agus IBM chun córas glaonna físe úrscothach a sheachadadh – ar a dtugtar ICU FamilyLink – go sonrach don aonad dianchúraim in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh (UHG).

Is é OÉ Gaillimh an comhpháirtí acadúil do ghrúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta. Tá foirgnimh Acadamh Leighis ag gach ceann de shuíomhanna Ospidéal Ollscoile Saolta lena n-áirítear Dún na nGall, Maigh Eo, Sligeach agus Béal Átha na Sluaighe áit a bhfaigheann mic léinn taithí uathúil ar sheachadadh seirbhíse in ionad cúraim sláinte tánaisteach.

# Rannpháirtíocht sa Phobal

## Dul i ngleic le COVID-19: Polasaí agus Sochaí a Fheabhsú

Ó thús phaindéim COVID-19, rinne ár bpobal taighde agus nuálaíochta taighde fairsing ar fud na sochaí, chun cabhrú le tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndeachaigh an phaindéim i bhfeidhm ar dhaoine. Chabhraigh an t-eolas seo, ar a seal, le polasaithe ár náisiúin a threorú. Samplaí dár dtaighde leathan, a fhiosraíonn an tionchar a bhí ag an bpaindéim: cur síos ar an drogall i leith na vacsaíne i measc na mban óg; tionchar COVID-19 ar dhéagóirí; aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta tar éis COVID-19; conas a théann COVID-19 i bhfeidhm ar ár n-iompraíocht; leathanach gréasáin poiblí a choimisiúnaigh an Rialtas a bhréagnaíonn miotas COVID-19; ag tabhairt aire do riachtanais mheabhairshláinte oibrithe túslíne; tionchar COVID-19 ar dhaoine le néaltrú agus; tionchar COVID-19 ar nósanna bia.

## Tionscadal UniCoV

Tá OÉ Gaillimh i gcomhpháirtíocht le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) chun tionscadal mearthástála píolótach a stiúradh ar cheithre champas coláiste. Déanfar anailís mhór mar chuid den tionscadal ar a dtugtar UniCoV ar theicneolaíochtaí tástála le húsáid i bhfaireachas ar COVID-19 agus i gcosc i suíomhanna ardoideachais. Áireofar orthu seo tástáil thapa antaigine, tástáil PCR bunaithe ar sheile agus faireachas fuíolluisce. Tá níos mó ná 8,000 duine páirteach. Cuideoidh an tionscadal píolótach linn níos mó a fhoghlaim faoi chineálacha éagsúla tástálacha, cé chomh héifeachtach agus atá siad agus más féidir nó ar cheart iad a úsáid i suíomhanna ardoideachais. Cuirfidh UniCoV le córais faireachais chun tacú le timpeallachtaí sábháilte campais a sholáthar agus soláthróidh sé fianaise chun filleadh ar ghníomhaíocht champais a éascú d'fhoireann agus do mhic léinn in institiúidí breisoideachais agus ardoideachais. Cuirfidh na torthaí le córais réamhrabhaidh a fhorbairt agus cuideoidh siad le cosc agus rialú ar ráigeanna amach anseo.





*Photo Credit Sunday Times*




# SDG 4
## Oideachas Ardchaighdeáin



## Mic Léinn agus Foghlaim

### Sármhaitheas agus Cuimsitheacht

Soláthraíonn OÉ Gaillimh rochtain ar oideachas sna cláir acadúla go léir trí raon Clár Rochtana atá uilechuimsitheach agus sofhreagrach chun aghaidh a thabhairt ar chohóirt atá leochaileach ó thaobh oideachais de. Is é misean Ionad Sárchaighdeáin Foghlama agus Teagaisc (CELT) OÉ Gaillimh cultúr sármhaitheasa a chothú sa teagasc agus san fhoghlaim. Tacaíonn CELT le comhaltaí foirne acadúla scileanna an dearaidh agus an teagaisc curaclaim a fheabhsú trí roinnt clár a thairiscint atá dírithe ar chleachtas gairmiúil iad siúd atá ag múineadh san ardoideachas a fheabhsú. Mar shampla, an Teastas Iarchéime i dTeagasc agus Foghlaim Ardoideachais agus an Dioplóma Iarchéime sa Chleachtas Acadúil. Tá an Professional Master of Education/Máistir Gairmiúil san Oideachas (PME) á thairiscint ag Scoil an Oideachais; is cáilíocht iarchéime aitheanta í seo don teagasc agus soláthraíonn sí an t-eolas gairmiúil, an tuiscint agus na scileanna oideolaíochta atá riachtanach le bheith i do mhúinteoir iar-bhunscoile. Sa Bhliain Acadúil 20-21, chláraigh 312 mac léinn ar an PME. Tugann Gradaim an Uachtaráin don Fheabhas Teagaisc aitheantas don obair iontach atá ar bun ag an bhfoireann teagaisc chun a chinntiú go bhfaigheann mic léinn OÉ Gaillimh taithí foghlama den chéad scoth. Bhí sé mar aidhm le Tionscadal Teagaisc & Foghlama Cuimsithí OÉ Gaillimh, a chríochnaigh i mBealtaine 2021, feasacht a mhúscailt faoin éagsúlacht, ar gach bealach, i ndaonra na mac léinn agus na bealaí inar féidir an chaoi a múinimid agus na hábhair a úsáidimid a athdhearadh chun go mbeidh siad ar fáil dár bhfoghlaimeoirí ar fad. Dhá phríomhghné den tionscadal: Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) a chur chun cinn agus cur i bhfeidhm Blackboard Ally.

### An Ród seo Romhat

I mí Dheireadh Fómhair 2020, bronnadh maoiniú €7.57 milliún ar OÉ Gaillimh as an tionscadal An Ród seo Romhat mar chuid den Tionscnamh Caipitil Dhaonna atá maoinithe ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Cruthaíodh an Ród seo Romhat chun go n-éireoidh le gach mac léinn ina saol oibre amach anseo. Leis an Ród seo Romhat beidh gach mac léinn sa deireadh in ann a gconairí forbartha scileanna pearsantaithe a dhearadh, agus aitheantas a fháil dá t(h)ras-scileanna nuair a bhronnfar a gcéim air/uirthi. Cuirfear modhanna nuálacha teagaisc agus seachadta chun cinn sa tionscadal seo, ionas go mbainfidh foghlaimeoirí leas as caighdeán níos fearr agus bealaí foghlama níos tarraingtí ar chúrsaí atá dírithe ar fhiontar, ag soláthar foghlaim ar feadh an tsaoil agus deiseanna uasoiliúna do chách. Tá an tionscadal an Ród seo Romhat faoi stiúir OÉ Gaillimh, i gcomhpháirtíocht le cuibhreannas d'fhiontair mhóra agus bheaga, agus tarraingíonn sé ar dhea-chleachtas i smaointeoireacht dearaidh agus i bhfoghlaim thrasdisciplíneach a bhunaigh Ollscoil Stanford agus Institiúid Teicneolaíochta Georgia sna Stáit Aontaithe agus Ollscoil Strathclyde san Eoraip.

### An tIonad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh

Cuireann Ionad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh OÉ Gaillimh (CALPD) raon leathan cúrsaí gairmiúla, páirtaimseartha agus oíche agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil ar fáil trí chúrsaí solúbtha a ligeann do mhic léinn staidéar a dhéanamh ar a luas féin i raon leathan réimsí. Le rogha cúrsaí foghlama ar líne agus cumaiscthe, rochtain ar chúrsaí Springboard plus maoinithe ag an Rialtas; Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL), cláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD); tá sé mar aidhm ag an Ionad deiseanna breisoiliúna agus forbartha gairmiúla a sholáthar do chách. Sa Bhliain Acadúil 20-21, bhain 1140 mac léinn dámhachtainí amach le CALPD. Tá an tIonad ag tosú ar thionscadal nua i réimse na micrea-dhintiúr chun foghlaim ar feadh an tsaoil agus iomlán an tsaoil a athrú. Beidh na micrea-dhintiúir dírithe ar fhiontar agus forbrófar iad mar fhreagairt ar riachtanais breisoiliúna na bhfostaithe san ionad oibre. Cuirfidh siad eispéireas foghlama atá fíor-sholúbtha agus lúfar ar fáil do ghairmithe gnóthacha chun freastal ar riachtanais ghnó fiontair an lae inniu atá ag síorathrú.

## Taighde

### Scoil an Oideachais in OÉ Gaillimh

Tá raon tionscadal taighde maoinithe ar siúl ag Scoil Oideachais OÉ Gaillimh faoi thrí théama: Sochaí agus Cultúr an Oideachais; Nuálaíocht san Oideachas agus san Fhoghlaim Ghairmiúil. Baineann an téama taighde Sochaí agus Cultúr an Oideachais le saincheisteanna éagothroime agus ceartais shóisialta ag leibhéal scoile, ardoideachais, agus leibhéil tosaigh oideachais múinteoirí, a bhaineann le haicme shóisialta, eitneachas, inscne, gnéasachtaí, teanga agus míchumas. Seo samplaí de thionscadail le gairid Schooling at Home; Life Two; agus díríonn an dá thionscadal the Crisis Coping for Marginalised Youth agus Bridging Worlds: New Learning Spaces for New Times, leis an inbhuanaitheacht trí rannpháirtíocht an phobail. Tá saineolas ag an ngrúpa taighde Nuálaíochta san Oideachas ar nuálaíocht, oideolaíocht agus teicneolaíocht san oideachas, lena n-áirítear rannpháirtíocht STEM agus eolaíocht, smaointeoireacht ríomhaireachtúil agus oideolaíocht mhatamaitice, foghlaim shoghluaiste agus dearadh oideachais.

Mar shampla, dearadh Spaceship Earth chun múinteoirí, mic léinn agus an pobal a spreagadh, a mhealladh agus oideachas a chur orthu faoi STEM trí bhalúin ard-airde a sheoladh ó Éirinn go dtí 'Imeall an Spáis'. Bíonn tionscadail na mac léinn ar iompar ag na balúin ard-airde a léiríonn chomh huathúil atá ár bpláinéad gorm, ag meabhrú do gach duine ár n-iarrachtaí chun athrú aeráide a sheachaint. Clúdaíonn an taighde a eascraíonn as an téama Foghlama Gairmiúla raon réimsí lena n-áirítear; oideachas speisialta agus uilechuimsitheach; oideachas litearthachta agus uimhearthachta; ceannaireacht scoile agus; folláine agus ionbhá múinteoirí agus mac léinn agus bíonn foghlaim áit-bhunaithe agus tionscadal-bhunaithe i gceist le go leor acu a spreagann deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil.

### Institiúid an Iarthair do Léann an Oideachais (WISE)

I mBealtaine 2021, d'fhógair OÉ Gaillimh, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo agus Coláiste San Aingeal, Sligeach go raibh Institiúid an Iarthair do Léann an Oideachais (WISE) bunaithe. Tá sé mar aidhm ag an Institiúid seo Ionad Barr Feabhais a chruthú a neartóidh an saineolas atá ag na trí sholáthraí oideachais múinteoirí in OÉ Gaillimh, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo agus Coláiste San Aingeal, Sligeach. Tacóidh WISE le comhoibriú i measc na dtrí institiúid agus é mar aidhm cúrsaí, taighde agus rannpháirtíocht phoiblí in oideachas múinteoirí a fhorbairt chun oideachas múinteoirí i Réigiún an Iarthair a fheabhsú agus a chur chun cinn.

**177 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

faoi ghannionadaíocht chun seónna raidió inrochtana, tarraingteach agus spraíúla a chruthú. ReelLIFE SCIENCE Is comórtas físe eolaíochta ar fud na tíre é, a spreagann daoine óga agus an pobal i gcoitinne chun níos mó a fháil amach faoi STEM agus a thionchar ar dhaoine aonair, ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol. Tugtar dúshlán do dhaoine óga ó scoileanna agus eagraíochtaí óige taighde a dhéanamh ar ábhar STEM agus é a chur in iúl don phobal trí fhíseán tarraingteach, oideachasúil trí nóiméad. Tá foghlaim ar feadh an tsaoil mar fhócas dáiríre inár gcomhpháirtíocht le Féile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe ag gabháil don phobal i gcoitinne, do scoileanna agus do gach aois.

Oibríonn Acadamh Óige OÉ Gaillimh le daltaí bunscoile ardchumasacha i ranganna a 4, 5 agus 6 chun tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt acadúil. Is tionscnamh bunscoileanna é Uni 4 U atá dírithe ar rannpháirtíocht, éagsúlacht agus comhionannas deiseanna a mhéadú san oideachas tríú leibhéal.

## Rannpháirtíocht sa Phobal

### Tionscnaimh Oideachais agus For-rochtana

I mí Aibreáin 2021, bronnadh maoiniú os cionn €300,000 ar thrí thionscnamh for-rochtana oideachais agus rannpháirtíocht phoiblí OÉ Gaillimh trí Chlár Discover SFI. Tacóidh an maoiniú le tionscadail atá tiomanta níos mó ná 385,000 ball den phobal a chur ag plé le hábhair eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (STEM). Is clár oideachais eolaíochta agus rannpháirtíochta poiblí é TAISCÉALAITHE na gCeall a sholáthraíonn gníomhaíochtaí for-rochtana eolaíochta oideachais go háitiúil do leanaí scoile agus do phobal na hÉireann. Is clár oideachais agus rannpháirtíochta poiblí é Science Waves, faoi stiúir CÚRAM, Ionad Taighde SFI d'Fheistí Leighis, a bhfuil sé mar aidhm leis feasacht ar a thaighde a mhéadú agus tuiscint ar iompraíochtaí coisctheacha a mhéadú mar iarracht chun minicíocht breoiteachta ainsealaí a laghdú. Tá CÚRAM ag obair le leanaí ó phobail




### An Clár Literacy Lift Off

Is é feidhm lárnach an Tionscnamh Eolais Pobail (CKI) oideachas a chur ar mhic léinn as a ról mar shaoránaigh ghníomhacha agus a chinntiú go bhfuil eolas, scileanna, luachanna agus dearcthaí ag céimithe chun na SDGanna a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu le haghaidh athrú dearfach sa tsochaí. Léirítear é seo i Ráiteas Misin Straitéis OÉ Gaillimh 2020-2025 "Tá OÉ Gaillimh ar mhaithe le Leas an Phobail". Bhunaigh CKI roinnt clár suaitheanta a tharraingíonn mic léinn chuig an bpobal agus an tsochaí. Mar shampla, trína gclár foghlama seirbhíse, chruthaigh an fhoireann acadúil os cionn 30 modúl a úsáideann na 17 SGD ar fad sa churaclam agus a spreagann mic léinn chun saincheisteanna atá ríthábhachtach don tsochaí a iniúchadh. Is sampla é Literacy Lift Off de mhodúl foghlama seirbhíse CKI a ghlacann mic léinn Béarla sa dara bliain in OÉ Gaillimh. Tugann taighde le fios nach mbíonn an deis ag go leor leanaí léamh lena dtuismitheoirí, agus go bhféadfadh fadhb litearthachta teacht chun cinn ar nós aois agus cumas léitheoireachta íseal. Tugann an modúl Literacy Lift Off deis duine ar dhuine do leanaí bunscoile léamh le mic léinn OÉ Gaillimh chun cabhrú leis an dúshlán seo a shárú agus spéis sa léitheoireacht a mhúscailt.

Is é ARAN (Rochtain ar Thaighde in OÉ Gaillimh) ár dtaisclann instiúideach a thacaíonn le foilsitheoireacht Rochtana Oscailte Glaise. Cuireann an bealach seo foilseachán rochtana oscailte ar fáil in aisce don taighdeoir agus don léitheoir.

**TÁ 13,302 FOILSEACHÁN** SA TAISCLANN LENA N-ÁIRÍTEAR **9,184 ALT, 46 LEABHAR** AGUS **395 CAIBIDIL.**

Tá OÉ Gaillimh ina chomhpháirtí de ENLIGHT; Ollscoil Eorpach a bhunaigh naoi n-ollscoil chuimsitheacha a chuireann béim ar thaighde ó naoi dtír Eorpacha. Tá sé mar aidhm ag comhghuaillíocht ENLIGHT mic léinn a threorú le bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil agus ina ngníomhairí athraithe réidh le dul i ngleic le dúshláin an lae amárach.

# SDG 5
## Comhionannas Inscne




5 COMHIONANNAS INSCNE

**99 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016 -2020)

## Mic Léinn agus Foghlaim

### Masters in Gender Globalisation and Rights

Is é an Masters in Gender, Globalisation and Rights príomhchlár teagaisc Ionad Léann Domhanda na mBan in OÉ Gaillimh. Tugann sé deis do mhic léinn staidéar a dhéanamh ar ghnéithe inscne an domhandaithe agus saincheisteanna domhanda, trí chlár idirdhisciplíneach a tharraingíonn le chéile réimsí staidéir inscne agus ban, forbairt idirnáisiúnta, cearta an duine, staidéar síochána agus coimhlinte. Cuimsíonn an clár modúil i ndomhandú, forbairt, cearta an duine, teoiric na hinscne agus an fheimineachais, sláinte agus gnéasacht, mná sa talmhaíocht, peirspictíochtaí stairiúla, agus síocháin agus coimhlint. Ina theannta sin, tairgeann Ionad Léann Domhanda na mBan an modúl fochéime European Women's Studies gach seimeastar do mhic léinn idirnáisiúnta ar cuairt agus Erasmus. Déantar ábhair Léann Domhanda na mBan a chur ar fáil san ábhar BA freisin Political and Sociological Studies.

### Toiliú Gníomhach*

I mí Iúil 2021, sheol OÉ Gaillimh mol foghlama ar líne nua go poiblí chun acmhainní oideachais agus eolais ar thoiliú gnéasach a chur chun cinn. Seoladh an mol foghlama ar líne mar chuid de thionscnamh Rialtais chun an tuiscint ar bhrí agus ar thábhacht toilithe i ngníomhaíocht ghnéasach a fheabhsú. Tógann an tionscnamh seo ar obair na foirne taighde Toilithe Ghníomhaigh* in OÉ Gaillimh. Tá an mol foghlama ar líne bunaithe ar an smaoineamh a bhaineann le 'litearthacht toilithe' do gach duine sa tsochaí. Ciallaíonn sé seo go mbraitheann daoine muiníneach ina gcuid eolais agus ina gcuid tuisceana ar thoiliú, a gcuid scileanna cumarsáide le páirtithe, conas rochtain a fháil ar thacaíochtaí iad féin nó cabhrú le daoine eile tacaíocht a fháil, agus conas is féidir linn dúshlán a thabhairt go sábháilte do ghnéithe dár gcultúr nach bhfuil aon ghlacadh leo. Cuirtear ceardlanna Toilithe Ghníomhaigh* OÉ Gaillimh ar fáil mar chuid dhílis de chláir ionduchtaithe sa choláiste do gach mac léinn céad bliana in OÉ Gaillimh. Sa Bhliain Acadúil 20-21, rinne thart ar 3000 mac léinn an clár, an líon is airde i measc Institiúidí Ardoideachais (IAOanna) in Éirinn.

### Cumann WiSTEM

Fuair cumann WiSTEM na mac léinn (Mná san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) maoiniú ón gciste EDI chun 10 n-intéirneacht samhraidh íoctha saotharlann-bhunaithe a sholáthar i ndisciplíní STEM in 2021. Chuir na hintéirneachtaí taithí oibre agus tacaíocht ar fáil do mhic léinn fochéime (1ú-4ú bliain) sa chumann le linn a saoil acadúil agus ghairmiúil. Tá easpa ban sa réimse STEM. Mar shampla, thuairiscigh UCAS 2019 gurbh ionann mná agus 39% d'iarratasóirí Eolaíochta, 19% d'iarratasóirí Teicneolaíochta, 19% d'iarratasóirí Innealtóireachta agus 37% d'iarratasóirí Matamaitice. Deir an Phríomh-Oifig Staidrimh gur mná iad níos lú ná 25% de lucht saothair STEM. Anuas ar an bhfíric go dtuilleann mná 18% níos lú ná fir san AE ar an meán, d'fhéadfadh tionscnaimh mar seo tacaíocht a sholáthar do mhic léinn bhaineanna agus iad ag pleanáil a ngairme.

## Taighde

### Grúpa Léann Domhanda na mBan

Scrúdaíonn taighde i nGrúpa Léann Domhanda na mBan in Ionad Léann Domhanda na mBan in OÉ Gaillimh an chaoi a n-oibríonn inscne sa tsochaí, éagothroime inscne, coincheapa athraitheacha ar aitheantas inscne, agus na dúshláin a bhaineann le cumhachtú na mban agus cearta an duine a bhaint amach in Éirinn agus níos faide i gcéin, i gcomhthéacs domhandaithe. I measc na dtéamaí taighde tá: Comhionannas inscne, geilleagar agus cumhachtú; Inscne, foréigean, sláinte agus gnéasacht; Creideamh, inscne, cearta an duine agus an réimse poiblí; Mná, síocháin agus slándáil. I measc samplaí de thuarascálacha a foilsíodh in 2020 tá: *Guidance on Estimating Resource Requirements for selected interventions in the United Nations Joint Global Programme on Essential Services for Women and Girls Subject to Violence and beyond* (féach an tuarascáil anseo) agus *Estimating the Cost of child marriage in the Arab Region* (féach an tuarascáil anseo).

### Tionscnaimh Cheannaireachta Acadúla Shinsearaigh

Is tionscnamh de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA) an Tionscnamh Ceannaireachta Acadúla Sinsearaí (SALI) chun dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le cothromaíocht inscne a bhaint amach ag leibhéal acadúil sinsearach in institiúidí ardoideachais. In Eanáir 2020, bronnadh dhá phost ceannaireachta sinsearaí ar OÉ Gaillimh mar chuid den scéim – Ollamh Bunaithe le hInnealtóireacht agus Ollamh le Sláinte Daoine Scothaosta. Tá Clár Aurora OÉ Gaillimh dírithe ar mhná i róil acadúla, tacaíochta agus taighde san Ollscoil, chun acmhainneacht cheannaireachta a chothú agus deis a sholáthar d'fhás agus d'fhorbairt. Tugann an clár blaiseadh den cheannaireacht san ardoideachas agus dearcadh dearfach ar cheannaireacht mar bhealach chun cinn ó thaobh gairme de.

## Rannpháirtíocht sa Phobal

### Comhionannas Inscne san Ardoideachas

In 2021, d'éirigh le OÉ Gaillimh Gradam Cré-umha Athena SWAN a bhaint amach as dul chun cinn leanúnach na hOllscoile ar chomhionannas inscne. Is creat í Cairt Athena SWAN a mbaintear úsáid aisti ar fud an domhain le tacú le comhionannas inscne san ardoideachas agus sa taighde mar aon lena chlaochlú. Léirigh athnuachan an ghradaim na réimsí tionscnamh atá ar bun san Ollscoil, lena n-áirítear feabhas ar ionadaíocht na mban i róil acadúla shinsearacha Bronnadh stádas an Ghradaim Chré-umha ar chúig cinn de Scoileanna OÉ Gaillimh, rud a chiallaíonn go bhfuil ocht ngradam scoile san iomlán bainte amach go dtí seo.

In 2021, d'éirigh le OÉ Gaillimh **Gradam Cré-umha Athena SWAN** a bhaint amach as dul chun cinn leanúnach na hOllscoile ar chomhionannas inscne. Is creat í Cairt Athena Swan a mbaintear úsáid aisti ar fud an domhain le tacú le comhionannas inscne san ardoideachas agus sa taighde mar aon lena chlaochlú.

Tá Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta (OVPED) i gceannas ar phrionsabail Athena SWAN a leabú ar fud na hollscoile. Leagann an Plean Gníomhaíochta Comhionannais Inscne (GEAP) amach gníomhaíochtaí, freagrachtaí agus spriocdhátaí a bhaineann le Athena Swan agus réimsí eile lena n-áirítear cultúr, rialachas, oiliúint & forbairt, earcaíocht agus cur chun cinn. Déanann an Leas-Uachtarán Comhionannais agus Éagsúlachta GEAP a nuashonrú gach dara mí chun dul chun cinn agus maoirseacht a chinntiú. Reáchtáil an OVEP sraith imeachtaí ón 8 Márta go dtí an 12 Márta 2021 chun Lá Idirnáisiúnta na mBan 2021 a cheiliúradh.

### Polasaí maidir le Saoire Foréigin Baile

I mí Aibreáin 2021, d'aontaigh Foireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT) Polasaí maidir le Saoire Foréigin Baile le cur i bhfeidhm láithreach. Sa pholasaí glacadh le sainmhíniú leathan ar fhoréigean baile chun an réimse taithí a d'fhéadfadh a bheith ag gach comhalta foirne, lena n-áirítear foréigean dlúthpháirtí, foréigean a dhéanann baill teaghlaigh aosaigh eile, agus foréigean leanaí ar thuismitheoirí a chuimsiú. Is é cuspóir an Pholasaí maidir le Saoire Foréigin Baile de chuid OÉ Gaillimh soláthar a dhéanamh do thréimhse ama íoctha as obair do chomhaltaí foirne a d'fhulaing nó atá ag fulaingt ó fhoréigean nó ó mhí-úsáid sa bhaile. Cuireann an Polasaí maidir le Saoire Foréigin Baile OÉ Gaillimh chun tosaigh san earnáil, ag aithint nach institiúidí foghlama amháin iad Institiúidí Ardoideachais a chuireann le heolas ar fhadhbanna sóisialta atá fréamhaithe go maith mar shampla foréigean baile; is áiteanna oibre iad chomh maith atá tiomanta do thimpeallacht oibre atá sábháilte agus measúil a chruthú a chuireann dínit agus folláine gach ball dá bpobail chun cinn. Rinne taighde nua lena n-áirítear taighde ó Ionad Léann Domhanda na mBan in OÉ Gaillimh tionchar an fhoréigin baile ar chaillteanas táirgiúlachta a mheas. Mar shampla, rinne OÉ Gaillimh, i gcomhar leis an Ionad Idirnáisiúnta do Thaighde ar Mhná agus IPSOS MORI staidéar ar thionchair eacnamaíocha agus shóisialta an fhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní (VAWG). Léiríonn an staidéar na dúshláin a chruthaíonn VAWG maidir le soghluaisteacht fostaíochta agus gnóthachtáil post bainistíochta trína thionchar táirgiúlachta. Rinne an staidéar suirbhé ar thart ar 100 gnó in earnálacha lárnacha eacnamaíocha i nGána, sa Phacastáin agus sa tSúdáin Theas agus fuarthas amach go raibh sciar suntasach d'fhostaithe baineanna as láthair, déanach agus ní raibh siad chomh táirgiúil mar thoradh ar fhoréigean pearsanta ó pháirtithe.

Mhéadaigh céatadán na foirne ban a raibh ról mar Léachtóir Sinsearach acu in OÉ Gaillimh ó

**33%** IN 2016/17 GO

**47%** IN 2020/21

Tá ardú ó

**16%** GO **28%**

tagtha ar chéatadán na gcomhaltaí foirne ban san Ollscoil a bhfuil ról Ollaimh Phearsanta acu i gcaitheamh na tréimhse céanna. (Gradam Cré-umha Athena Swan athnuaite 2021)



# SDG 6
## Uisce Glan agus Sláintíocht

6 UISCE & SLÁINTÍOCHT ATÁ GLAN



**230 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)



## Mic Léinn agus Foghlaim

Cuireann OÉ Gaillimh roinnt modúl agus clár ar fáil atá dírithe ar innealtóireacht acmhainní uisce agus bainistíocht acmhainní uisce. Mar shampla, tugtar blaiseadh do mhic léinn ar an ábhar Uisce Glan agus Sláintíocht sa mhodúl Water Engineering Design and Practice, ina léirítear an tábhacht a bhaineann le híonú uisce agus fuíolluisce (nádúrtha agus a bhfuil innealtóireacht déanta orthu araon). Múintear an modúl seo taobh le taobh le Environmental Engineering, a chuireann béim ar an tábhacht a bhaineann le 'malartú truaillithe' agus astaíochtaí gás ceaptha teasa i ndearadh córais cóireála fuíolluisce. Trínár modúl in Hydrology and Water Resources Engineering, foghlaimíonn mic léinn faoi na próisis nádúrtha a rialaíonn infhaighteacht agus cáilíocht acmhainní uisce agus conas oiriúnacht dobharlaigh le haghaidh eastóscadh uisce nó sceitheadh eisiltigh a mheas. Díríonn Design of Sustainable Environmental Systems I and II ar dhearadh na gcóras sin le béim ar éifeachtúlacht agus aisghabháil fuinnimh. Tairgeann an Master of Engineering in Civil Engineering sruth uisce inar féidir le mic léinn modúil a dhéanamh atá dírithe go sonrach ar innealtóireacht agus bainistíocht uisce; sa mhodúl Water Quality, mar shampla, faigheann mic léinn cur amach ar na strusairí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar cháilíocht uisce in aibhneacha agus i lochanna agus foghlaimíonn siad an chaoi le samhlacha a thógáil chun éifeachtaí eisiltigh fuíolluisce ar cháilíocht uisce a ionsamhlú. Tá modúil ar an gCreat-Treoir Uisce, Aigéadú Fionnuisce agus Cáilíocht Uisce ar an Masters in Marine and Freshwater Resources: Management a seoladh le gairid, agus tá sé dírithe ar thuiscint a fháil ar bhainistíocht i dtimpeallacht mhuirí agus fionnuisce i gcomhthéacs an athraithe dhomhanda.

## Taighde

### Tacú le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach

Tá timpeallacht ghlan riachtanach do shláinte agus d'fholláine an duine. Mar sin féin, tá na hidirghníomhaíochtaí idir an comhshaol agus sláinte an duine an-chasta agus dúshlánach a thuiscint. Bealach amháin ina n-idirghníomhaíonn an timpeallacht agus an tsláinte le chéile is ea nuair a bhíonn galair a bhaineann le huisce mar thoradh ar dhrochshláintíocht agus soláthairtí uisce neamhshábháilte. Déanann Ionad Aon Sláinte Institiúid Uí Riain taighde chun castacht den sórt

sin a réiteach. Tá an tionscadal PIER (Tionchar Sláinte Poiblí ar Nochtadh do Fhriotaíocht antaibheathach in uiscí áineasa) faoi stiúir taighdeoirí ón Ionad Aon Sláinte in OÉ Gaillimh. Tá an tionscadal PIER ag scrúdú an riosca coilínithe le horgánaigh atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AROanna) tar éis nochtadh d'uiscí áineasa agus tá fianaise luachmhar á giniúint chun lucht déanta polasaí agus rialtóirí uisce a chur ar an eolas. Tá an tionscadal PIER ag scrúdú freisin an tionchar a bhíonn ag nochtadh comhshaoil ar AROanna ar cháilíocht na beatha agus ar úsáid spásanna gorma/glasa. Tá an tionscadal AREST (Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus an Comhshaol – Foinsí, marthanacht, Tarchur agus bainistíocht riosca) faoi stiúir taighdeoirí ón Ionad Aon Sláinte in OÉ Gaillimh agus maoinithe ag an FSS agus an EPA. Tá an tionscadal AREST ag giniúint sonraí ar leibhéal náisiúnta ar na príomhfhoinsí, na spotaí te agus na cúiseanna le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach sa timpeallacht, an timpeallacht uisceach san áireamh. Tugann an tionscadal AREST saineolaithe le chéile i sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte chomhshaoil ar fud na tíre, ag leabú na coincheapa "Aon Sláinte" agus ag cur le cumas phobal taighde na hÉireann tacú le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach.

## Taighde a dhéanamh ar Phróisis Cóireála Fuíolluisce

Tá an Clár Comhpháirtíochta do Chomhtháthú Córais Fuinnimh (ESIPP) ag tabhairt aghaidh ar chuid de na príomhdhúshláin fuinnimh lenár linn, agus muid ag bogadh chun ár gcóras fuinnimh a dhícharbónú. Tá OÉ Gaillimh ina cheannaire ar an bpacáiste oibre ESIPP *Nasc Uisce/Fuinnimh – Tionchair agus Samhaltú* a bhreathnaíonn ar thionchar déimeagrafaic agus athraithe aeráide ar bhonneagar uisce. Tá dúshláin os comhair bhonneagar fionnuisce lena n-áirítear an gá le fás déimeagrafach agus eacnamaíoch a chomhlíonadh, agus tionchair an athraithe aeráide a mhaolú agus riachtanais rialála agus glansprioccanna saor ó charbóin a chomhlíonadh; tá an pacáiste oibre ESIPP seo faoi stiúir OÉ Gaillimh ag imscrúdú dúshláin den sórt sin. Dhear agus d'fhorbair an tionscadal INNOQUA teicneolaíocht nádúr-bhunaithe chun cóireáil agus athúsáid fuíolluisce a fheabhsú. Mar gheall ar a chumraíocht mhodúlach, is féidir le córas INNOQUA aghaidh a thabhairt ar iliomad gnéithe de chóireáil fuíolluisce agus athúsáid uisce i bpobail ina bhfuil easpa uisce, cathracha agus tionscail atá ag leathnú go tapa – i dtíortha forbartha agus i mbéal forbartha. Cuidíonn an cur chuige díláraithe le brú a laghdú ar líonraí fuíolluisce nach bhfuil sách maith, agus éilimh uisce agus fuinnimh na ngnáthchóireálacha fuíolluisce láraithe a laghdú – ag tacú le forbairt inbhuanaithe. Ghníomhaigh OÉ Gaillimh mar Cheannaire Teicniúil ar an tionscadal seo ina raibh 20 comhpháirtí agus 12 láithreán taispeána san AE, i Meiriceá Theas, san Afraic agus san Áise.

## Cáilíocht Uisce a Chosaint

Tríd an tionscadal Bainistíocht uisce le haghaidh úsáid inbhuanaithe agus cosaint portaigh, tá an grúpa taighde Innealtóireacht Gheochomhshaoil (GENE), atá lonnaithe in OÉ Gaillimh, ag iarraidh an bunachar eolaíoch ar phortaigh agus ar bhainistíocht uisce a fhorbairt do chineálacha éagsúla portaigh atá le fáil i gceantair ina bhfuil neart móna i dTuaisceart na hEorpa agus san Indinéis. Tá portaigh tábhachtach i roinnt réigiún toisc go gcuireann siad le go leor seirbhísí éiceachórais lena n-áirítear soláthar uisce le hól. Nuair a bhíonn portaigh draenáilte, bíonn tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol, lena n-áirítear cáilíocht uisce dromchla laghdaithe, caillteanas bithéagsúlachta agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Is tionscadal taighde é PEST-MAN atá maoinithe ag an EPA agus ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) atá dírithe ar bhainistíocht lotnaidicídí do cháilíocht uisce níos fearr. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal tuiscint a fháil ar na cúiseanna agus na brúnna le lotnaidicídí a úsáid sa timpeallacht agus aon tionchar agus rioscaí féideartha don chomhshaol agus do shláinte an duine a mheas.

## Saoráid Taighde OÉ Gaillimh & EPA

Is infreastruchtúr taighde den scoth é Saoráid Taighde Uisce OÉ Gaillimh/EPA (WRF) d'fhorbairt taighde agus teicneolaíochta a sholáthraíonn áis tástála do theicneolaíochtaí nuálacha uisce, fuíolluisce agus cóireála dramhaíola. Tá an WRF suite in Ionad Cóireála Fuíolluisce Thuama (TWWTP), Co. na Gaillimhe, agus is féidir leis sruth insilteach den TWWTP a chóireáil do dhaonra atá comhionann le baile ina bhfuil suas le 400 duine. Chuir OÉ Gaillimh agus an EPA croí-mhaoiniú ar fáil chun an WRF a bhunú trína Chlár Taighde STRIVE. Tháinig tacaíocht chriticiúil ó Chomhairle Contae na Gaillimhe, a chuir an suíomh ar fáil agus a rinne na hoibreacha innealtóireachta sibhialta. Ag tógáil ar infheistíocht tosaigh an EPA, tá gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann ag maoiniú tionscadail taighde ar theicneolaíochtaí glasa nua sa WRF faoi láthair. Tá an WRF ag cuidiú le forbairt teicneolaíochtaí agus teicnící nuálacha a fhorbairt chun an Chreat-Treoir Uisce a chomhlíonadh, an comhshaol a chosaint agus an geilleagar cliste a fhás. Tá próisis nua le haghaidh cóireáil uisce á dtriail i bhfíordhálaí domhanda chun réitigh phraiticiúla láidre a sholáthar.



# Rannpháirtíocht sa Phobal

## Clár Maoirseachta Uisce

Tá OÉ Gaillimh tiomanta d'úsáid éifeachtach agus éifeachtúil uisce ar fud an champais agus d'fhuíolluisce a chóireáil, a bhainistiú agus a dhiúscairt go cuí. Táimid ag iarraidh ár n-úsáid uisce a laghdú agus úsáid uisce báistí a mhéadú trí shraith beart, lena n-áirítear: clár braite agus deisithe sceite uisce, oideachas agus forrochtain, bearta éifeachtúlachta a bhaineann le próisis, uisce liath agus uisce báistí a bhailiú. Mar rannpháirtí sa Chlár Maoirseachta Uisce, táimid ag obair i gcomhar le Uisce Éireann chun ár n-úsáid uisce agus ár gcostais oibriúcháin a ísliú agus an comhshaol a chosaint. Léiríonn an Suaitheantas Comhpháirtí Uisce Inbhuanaithe go ndearna comhaltaí foirne lárnacha cúrsa atá deartha chun ceannaireacht a thaispeáint agus spriocanna/cuspóirí a leagan síos maidir le húsáid uisce a laghdú. Leagann Cairt Maoirseachta Uisce OÉ Gaillimh amach ár dtiomantas laghduithe breise ar úsáid uisce ar an gcampas a chothabháil agus a bhaint amach agus aird a tharraingt ar thábhacht an uisce mar acmhainn chriticiúil theoranta. Leagtar amach sa Chairt agus i Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh ár dtiomantas chun úsáid uisce ar an gcampas a laghdú 10% faoi 2025 bunaithe ar bhunlíne 2018.

## Meastóireacht ar fheasacht an phobail ar a nUisce Óil

Tá caighdeán uisce na hÉireann i gcoitinne ag feabhsú; ach, tá éilliú suntasach miocróbach ann fós. Mar thoradh ar theagmhais den sórt sin cuirtear srianta agus fógraí fiuchta uisce ar sholáthairtí uisce. Ní thuigtear i gceart fós a dtionchar ar mhuinín an phobail ina soláthar uisce. Rinne taighdeoirí ón Ionad Aon Sláinte in OÉ Gaillimh taighde chun feasacht an phobail ar chaighdeán a gcuid uisce óil agus impleachtaí do shláinte a mheas. Tríd is tríd is é an toradh a bhí ar an suirbhé seo go bhfuil easpa eolais sa phobal faoin áit as a dtagann uisce óil agus an chaoi a ndéantar cóireáil air. Chomh maith leis sin, fuarthas go bhfuil tionchar ag caighdeán uisce ar úsáid uisce agus tá faisnéis rialta cothrom le dáta tábhachtach chun muinín an phobail a choinneáil. Cuideoidh torthaí na hoibre seo leis an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas agus soláthróirí uisce agus comhlachtaí rialaithe a chur ar an eolas faoin gcaoi le cumarsáid leis an bpobal i gcoitinne a fheabhsú ar shaincheisteanna a bhaineann le huisce.

## Suirbhé Spásanna Gorma PIER

Mar chuid den tionscadal PIER atá maoinithe ag an EPA, tá taighdeoirí ón Ionad Aon Sláinte in OÉ Gaillimh ag déanamh suirbhé PIER ar Spásanna Gorma. Tá sé mar aidhm leis seo glaineacht agus rochtain ar ár n-aibhneacha, lochanna agus farraigí a fheabhsú sa todhchaí. Chun é seo a dhéanamh, tá sé tábhachtach dúinn tuiscint a fháil ar a bhfuil ag obair go maith faoi láthair chun ár n-uiscí a fheabhsú agus a chosaint agus ar a bhfuil ag cur cosc orainn leas iomlán a bhaint astu. Cuideoidh torthaí na hoibre seo le spásanna gorma a fheabhsú do chách.

Dháil trí umar uisce óil a bhfuil méadair orthu agus atá lonnaithe i Leabharlann Uí Argadáin os cionn

**19,000 LÍTEAR**

uisce sa tréimhse staidéir 3 seachtaine i mí na Nollag 2019. Léiríonn sé seo coigilt os cionn

**€23,000**

agus

**444.2 KG**

de dhramhaíl phlaisteach – i gcomparáid le huisce i mbuidéil aonúsáide a cheannach.



# SDG 7
## Fuinneamh Inacmhainne agus Glan

7 FUINNEAMH INACMHAINNE & GLAN

## Mic Léinn agus Foghlaim

### Speisialtóireacht Innealtóireachta Fuinnimh

Tairgeann OÉ Gaillimh céimeanna in Energy Systems Engineering ag leibhéil fochéime agus iarchéime. Is clár ildisciplíneach é Energy Systems Engineering a bhfuil sé mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar an dúshlán reatha atá ag dul i méid maidir le hacmhainní breosla iontaise ag laghdú agus an t-éileamh criticiúil ar fhoinsí malartacha fuinnimh in-athnuaite mar thosaíocht náisiúnta, ar fud na hEorpa agus go domhanda.

### Cumann Fuinnimh

Is é sprioc Chumann Fuinnimh OÉ Gaillimh plé bunaithe ar fhíricí agus comhoibriú oscailte a úsáid chun tuiscint agus feasacht a fhorbairt ar tháirgeadh fuinnimh, ar idiú fuinnimh agus ar a thionchair. Déanann an cumann a dhícheall roghanna fuinnimh in-athnuaite agus nósanna inbhuanaithe laethúla a bheith infheicthe ar an gcampas agus a chomhtháthú i saol na mac léinn, ar bhealach ar bith is féidir. Le linn na Bliana Acadúla 20-21, reáchtáil an Cumann Fuinnimh raon imeachtaí, mar shampla, ceiliúradh seachtaine ar Lá Idirnáisiúnta an Domhain. I measc na n-imeachtaí bhí glantacháin trá, aoichainteoirí, gníomhaíochtaí chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach; réimse imeachtaí ar líne lena n-áirítear 25 Lá Siopadóireachta go hÁitiúil faoi Nollaig agus Luan gan aon Fheoil. Tá an Cumann Fuinnimh ag obair i gcomhpháirtíocht le Cumann Áitritheoirí Mhionlaigh agus le Cathair Páirce Náisiúnta na Gaillimhe chun bithéagsúlú a dhéanamh ar shráidbhaile Mhionlaigh agus ar mhórcheantar na Gaillimhe. Mar chuid den tionscnamh seo, in Aibreán 2021, chuir an cumann 450 crann dúchasach Éireannach i bPáirc Foraoise an Phobail i nGaillimh agus bronnadh 50 crann ar mhic léinn le cur ina ngairdíní féin, ag cur béim ar thábhacht na bithéagsúlachta, tacaíocht don éiceachóras, agus ceapadh carbóin. Ina theannta sin, tá Cumann Fuinnimh OÉG ag reáchtáil tionscnamh do Sheachtain na Rothar ina mbeidh duaiseanna agus ábhar sábháilteachta rothar saor in aisce chun rothaíocht a chur chun cinn mar bhealach malartach iompair seachas tiomáint timpeall na cathrach. D'fhorbair an Cumann Fuinnimh aip maidir le Stíl Mhaireachtála Inbhuanaithe, chruthaigh sé Léarscáil den Eacnamaíocht Chiorclach do Chathair na Gaillimhe, agus beidh seó in aghaidh an mhearfhaisin á reáchtáil aige i bhFoirgneamh Pharlaimint na hEorpa chun aird a tharraingt ar chleachtas dian ar fhuinneamh an mhearfhaisin agus roghanna níos glaise, níos saoire mar shampla éadaí agus earraí inchaite eile a cheannach dara láimhe.

**332 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

Tá an tIonad Ceimice Dócháin C3 i mbun taighde bunúsach ar

**DHÓCHÁN BITHBHREOSLAÍ**

agus tá an-cháil i gcónaí air mar cheann de na saotharlanna taighde dócháin is fearr ar domhan. Tá an stiúrthóir rangaithe

**SA 1% IS FEARR**

ar liosta Clarivate Analytics de na Taighdeoirí is mó a dTagraítear dóibh ina réimse gach bliain ó tosaíodh ar chuntas a choinneáil. Tá OÉ Gaillimh bródúil as

**CÚIGEAR ACADÓIRÍ**

a bheith ainmnithe ar liosta bliantúil Taighdeoirí is mó a dTagraítear dóibh 2020 ó Clarivate in 2020.

# Taighde

## Ceannairí domhanda i dtástáil lanna tuirbín taoide

Tá an Grúpa Taighde ar Struchtúir Inbhuanaithe agus Athléimneacha in OÉ Gaillimh ar thús cadhnaíochta le 13 bliana anuas maidir le T&F fuinnimh in-athnuaite, rud a d'fhág gur bunaíodh an t-ionad tástála den scoth agus bogearraí dearaidh cúrsa oscailte (BladeComp) le haghaidh lanna iomlána tuirbín taoide. Dá bharr seo, tá an Grúpa Taighde in ann príomhsheirbhís dhé-rioscaithe a sholáthar chun go mbeifear in ann an earnáil fuinnimh taoide a fhorbairt ar mhaithe le hinmharthanacht tráchtála. Sa Bhliain Acadúil 20-21, baineadh úsáid as na háiseanna seo chun lanna iomlána a dhé-rioscú chun cabhrú leis an earnáil inmharthanacht tráchtála a bhaint amach; i measc na gcuideachtaí a ndearnadh tástáil orthu tá Orbital Marine Power (san Albain), ORPC (SAM/Éire), Schottel (an Ghearmáin) agus ÉireComposites (Éire). Mar thoradh díreach ar na feachtais tástála seo, tá trialacha oibríochta tosaithe in Alasca agus san Albain. Mar shampla, rinne an gléas ORPC os cionn 7,000,000 timpeall le linn deich mí oibríochta, rud a chiallaíonn gurb é an tiontaire fuinnimh reatha is faide ag obair i Meiriceá é. Tá an teicneolaíocht seo á forbairt tuilleadh inár gcomhthionscadal H2020-CRIMSON. Le linn an chláir tástála stataí don lann rótair Orbital Marine Power 1MW, mar chuid den Tionscadal SEABLADE atá maoinithe ag SEAI, ba é an t-ualach uasta a cuireadh ar an lann ná 1,008kN, sin os cionn 100 tonna nó an meáchan céanna le 10 mbus dhá stór os cionn a chéile. Ba é seo an an t-ualach is mó a tuairiscíodh riamh ar lann taoide ar domhan. Rinneadh saoltástáil strustuirse coibhéiseach 20 bliain freisin – an chéad cheann ar domhan do lann den mhéid seo. Rinneadh an lann seo a chomhdhearadh trí úsáid a bhaint as bogearraí inmheánacha BladeComp de chuid OÉ Gaillimh. Dá bhrí sin, bhí gníomhaíochtaí an Ghrúpa Taighde riachtanach chun fuinneamh taoide a fhorbairt.

## Plé le Pobail ar mhaithe le todhchaí fuinnimh inacmhainne agus glan

Trí roinnt tionscadal Fís 2020 (H2020) atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach, tá taighdeoirí OÉ Gaillimh ag tacú le pobail atá ag athrú i dtreo todhchaí le fuinnimh inacmhainne agus ghlana. Mar shampla, is tionscadal trí bliana é EnergyProspects faoi stiúir OÉ Gaillimh a chuirfidh bunachar sonraí idirghníomhach ar líne de níos mó ná 500 cás éagsúil de shaoránacht fuinnimh ar fáil, rud a chuirfidh béim ar na tréithe sin a chuireann saoránacht ghníomhach fuinnimh chun cinn agus a bhfuil an cumas acu cur leis an aistriú chuig fuinneamh glan. Cuireann sé seo leis an tionscadal ENERGISE H2020 a cuireadh i gcrích le gairid, ar tionscadal taighde eolaíochta sóisialta €3.7 milliún é faoi stiúir OÉ Gaillimh a rinne iniúchadh ar na tosca a spreagann roghanna agus cleachtais fuinnimh aonair agus chomhchoiteanna ar fud na hEorpa. Is tionscadal taighde ceithre bliana é REACT ina bhfuil 24 comhpháirtí, lena n-áirítear OÉ Gaillimh, in 11 tír a bhfuil sé mar aidhm aige neamhspleáchas fuinnimh oileáin a bhaint amach trí ghiniúint agus stóráil fuinnimh in-athnuaite, ardán freagartha éilimh, agus rannpháirtíocht úsáideoirí i bpobal fuinnimh áitiúil a chur chun cinn. Tríd an tionscadal seo agus trí thionscnaimh eile, tá Údarás na Gaeltachta (an t-údarás réigiúnach atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta), Bord Soláthair an Leictreachais (cuideachta fóntais), SEAI (údarás náisiúnta fuinnimh inbhuanaithe na hÉireann) agus OÉ Gaillimh ag obair i bpáirt leis an bpobal ar Oileáin Árann (Gaillimh) le bheith féinchothaitheach i bhfuinneamh in-athnuaite a ghintear go háitiúil agus saor ó spleáchas ar bhreoslaí iontaise.



# Rannpháirtíocht sa Phobal

## Hidrigin Ghlas

Lean obair thaighdeoirí OÉ Gaillimh ag imirt tionchar ar chláir oibre polasaí agus tionscail hidrigine ar oileán na hÉireann agus níos faide i gcéin. Mar shampla, chuir scoláire as Scoil na hInnealtóireachta eolas i láthair an Aire Comhshaoil agus Aeráide, Eamonn Ryan, faoi acmhainneacht agus faoi bhacainní hidrigine in Éirinn agus tugadh cuireadh dó ina dhiaidh sin a thorthaí a chur i láthair Ghrúpa Oibre Idir-Rannach Rialtas na hÉireann ar Hidrigin. Choimisiúnaigh Roinn Geilleagair Thuaisceart Éireann OÉ Gaillimh chun staidéar a dhéanamh ar ról hidrigine in aistriú fuinnimh Thuaisceart Éireann. Bhí OÉ Gaillimh ar cheann de bhunaitheoirí Hidrigin Éireann, eagraíocht tionscail ina bhfuil 185 ball. Bhunaigh OÉ Gaillimh Mol Hidrigine Glaise na Gaillimhe, tionscnamh acadúil-tionscail chun slabhra breisluacha hidrigine glaise a úsáid chun 20-40 bus a rith i nGaillimh. Sa tionscadal SEAFUEL, tá OÉ Gaillimh i gceannas ar an gcéad sampla riamh de tháirgeadh hidrigine glaise ag úsáid uisce sáile agus an ghrian chun cabhlach saor ó astaíochtaí a oibriú sna hOileáin Chanáracha. Mar chuid den tsraith First Thoughts i bhFéile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe 2020, bhí scoláire as Scoil na hInnealtóireachta mar chathaoirleach ar phlé painéil ar ghníomhaíocht aeráide ag a raibh an tAire Eamonn Ryan i láthair.

i

Sháraigh OÉ Gaillimh sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí, éifeachtúlacht fuinnimh 33% trí choigilteas 42% a bhaint amach sa Bhliain Acadúil 2020/21. Cé gur lean an tionchar suntasach a bhí ag COVID-19 ar úsáid fuinnimh ar fud an champais, ní áirítear coigiltis fuinnimh a bhaineann le COVID-19 san fhigiúr seo.




## Dícharbónú ar úsáid fuinnimh i bhfoirgnimh

Lean OÉ Gaillimh ag dícharbónú úsáid fuinnimh sna foirgnimh, ag roinnt ceachtanna a foghlaimíodh le hinstitiúidí tríú leibhéal eile, le húdaráis phoiblí agus leis an bpobal i gcoitinne trí, mar shampla, bheith páirteach i ngrúpa U9 d'institiúidí tríú leibhéal in Éirinn, Grúpa Oibre Inbhuanaitheachta IUA, Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe SEAI agus an Clár Pathfinder d'Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónúchán (EEDPP) don earnáil ardoideachais. Sa Bhliain Acadúil 20/21, infheistíodh €1,200,000 i dtionscadail fuinnimh bonneagair lena n-áirítear trealamh agus teicneolaíochtaí coigilte fuinnimh (Féach Cuid 1 den tuarascáil seo le haghaidh tuilleadh sonraí). Sa Bhliain Acadúil 20/21, d'fhorbair taighdeoirí i Scoil na hInnealtóireachta in OÉ Gaillimh, i gcomhar le comhghleacaithe i bhFoirgnimh & Eastáit agus daoine eile, bonneagar teaschaidéil foinse talún nuálaíoch/cliste chun bonneagar teasa a dhícharbónú do OÉ Gaillimh, ag díriú ar an Ionad Spóirt mar ghlan-tairbhí fuinnimh theirmeach. Tá an tionscnamh seo ag teacht le Plean Straitéiseach OÉ Gaillimh agus an uaillmhian neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2030. Is cuid den tionscadal H2020 GEOFIT an AE é seo a chuirfidh bonneagar nuálach teagaisc/taighde ar fáil i gcórais fuinnimh in-athnuaite talamh-fhoinsithe agus córas optamaithe bogearraí nuálaíocha bunaithe ar intleacht shaorga (AI).

# SDG 8
## Obair Fhiúntach agus Fás Eacnamaíoch




Tugann OÉ Gaillimh, trína Straitéis Infheistíochta, tiomantas nach gceapfar ach Bainisteoirí Infheistíochta atá ina sínitheoirí chuig Prionsabail na Náisiún Aontaithe um Infheistíocht Fhreagrach (UNPRI).





## Mic Léinn agus Foghlaim

### Gradam Infhostaitheachta OÉ Gaillimh

Is tionscnamh é Gradam Infhostaitheachta OÉ Gaillimh atá deartha ag an Ionad Forbartha Gairmeacha chun mic léinn a spreagadh le taithí oibre a fháil agus scileanna infhostaitheachta a fhorbairt. Tugann an mac léinn faoi chúig ghné den Ghradam: Ceardlanna Infhostaitheachta, Taithí Oibre, Imeachtaí Gairme, Ceardlanna Scileanna agus Measúnú Machnamhach. Tá sé i gceist leis an nGradam mic léinn a ullmhú go díreach don mhargadh fostaíochta trí aitheantas a thabhairt don mhéid atá foghlamtha ag mic léinn agus na scileanna a d'fhorbair siad trí ghníomhaíochtaí oibre agus seach-churaclaim, agus ar an gcaoi sin buntáiste iomaíoch a thabhairt do mhic léinn sa mhargadh fostaíochta. Bhí fostóirí lárnach i ndearadh agus i bhforbairt struchtúr na ngradam agus seachadann siad príomhchodanna den ghradam trí cheardlanna infhostaitheachta agus scileanna a éascú do mhic léinn. Bhain 330 mac léinn an gradam amach i mBealtaine 2021; foilsítear an gradam ar fhorlíonadh dioplóma na mac léinn.

### An Clár Aistrithe go dtí Fostaíocht

Is sraith ceardlann atá san Aistriú go dtí Fostaíocht do mhic léinn faoi mhíchumas nó a bhfuil dúshlán meabhairshláinte acu chun tacaíocht agus comhairle a fháil agus iad ar tí an ollscoil a fhágáil agus tosú ar a slí bheatha. Soláthraíonn an clár faisnéis faoi reachtaíocht míchumais, pleanáil nochtaithe, scileanna infhostaitheachta agus deis bualadh le fostóirí a chuireann cuimsiú chun cinn ina n-eagraíochtaí. Tá an clár críochnaithe ag os cionn 250 mac léinn ó 2017. Bhain an Clár aitheantas idirnáisiúnta amach i Meitheamh 2021, trí Ghradam Feabhais do Mhíchumas agus Cuimsiú a fháil ón Association of Graduate Careers Advisory Services (AGCAS) sa Ríocht Aontaithe.

### Clár Intéirneachta Inbhuanaitheachta na Mac Léinn

In OÉ Gaillimh, tuigimid gur bealach iontach iad cláir intéirneachta do mhic léinn chun taithí oibre luachmhar a fháil. Trí intéirneachtaí a bhfuil pá leo agus cláir a oscailt do mhic léinn ó réimse leathan cúlraí cabhraíonn sé le rochtain chomhionann do chách agus cinntíonn sé nach bhfuilimid ag déanamh dearmad ar mhic léinn nach bhfuil in acmhainn obair gan aon phá. Tá clár intéirneachta inbhuanaitheachta le pá ar siúl in OÉ Gaillimh ó 2016. Is é cuspóir Chlár Dámhachtainí Ceannaireachta Inbhuanaitheachta na Mac Léinn, OÉ Gaillimh inbhuanaitheacht a leathnú níos faide ná an seomra ranga agus forbairt acadúil, ghairme agus phearsanta na mac léinn a fheabhsú, ar bhealach nach ndéanann dearmad ar mhic léinn nach bhfuil in acmhainn obair a dhéanamh gan aon phá.

**125 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

### Polasaí na Mac Léinn agus na Foirne maidir le Ciapadh agus Gnéaschiapadh

Tá OÉ Gaillimh tiomanta timpeallacht a chruthú a chuireann dínit ag an obair chun cinn go réamhghníomhach. Tá sé de cheart ag gach comhalta foirne agus mac léinn a gcuid oibre, taighde agus staidéir a dhéanamh i dtimpeallacht atá saor ó chiapadh nó ó ghnéaschiapadh. Seoladh an Polasaí Foirne maidir le Ciapadh agus Gnéaschiapadh, in 2020 agus Polasaí na Mac Léinn maidir le Ciapadh agus Gnéaschiapadh in 2018 agus é mar aidhm leo deireadh a chur le gach cineál ciaptha agus gnéaschiaptha san ionad oibre.

## Taighde

### Braisle Oibre, Eagraíochtaí & Sochaí Institiúid Whitaker in OÉ Gaillimh

Fiosraíonn braisle Oibre, Eagraíochtaí agus Sochaí de chuid Institiúid Whitaker na caidrimh idir gnó, lucht saothair, eagraíochtaí agus an tsochaí. Aithníonn baill na braisle go bhféadfadh torthaí neamh-inbhuanaithe agus uaireanta diúltach a bheith ar obair, sochaithe agus geilleagair mar thoradh ar mhúnlaí gnó agus bainistíochta agus samhlacha eagrúcháin atá i réim. I measc na dtéamaí taighde tá eitic ghnó agus eagrúcháin, cineálacha nua eisiaimh agus obair neamhbhuan, idirdhealú san ionad oibre a bhaineann le haicme, cine, eitneachas, inscne, míchumas agus forais eile, caidreamh oibre agus rialáil mhargadh an tsaothair, agus sceithireacht in eagraíochtaí. Mar shampla, in alt tuairimíochta le gairid déanann lucht acadúil mór le rá sa Bhraisle Oibre, Eagraíochtaí & Sochaí iarracht iniúchadh a dhéanamh ar chuid de na neamhionannais shuntasacha i margadh saothair na hÉireann a bhfuil béim curtha ag COVID-19 orthu, mar shampla tionchar na hoibre neamhbhuana, neamhréireachtaí sa chaoi a gcaitear le hoibrithe aosta, agus an tionchar a bhíonn ag cúraimí teaghlaigh. Chuir an easpa cúraim leanaí taobh amuigh den teaghlach le linn na paindéime, agus go háirithe an deighilt inscne i dtacú le scolaíocht bhaile, béim ar thionchar neamhchothrom sóisialta agus eacnamaíoch na rólanna cúraim. Reáchtálann baill den bhraisle seimineáir ghréasáin go rialta ar na saincheisteanna seo, agus bíonn cainteoirí agus aíonna ó gach cearn den domhan i láthair.

## Rannpháirtíocht sa Phobal

### An Tionscadal Global Galway

Tá OÉ Gaillimh ar thuras chun eispéireas foghlama agus oibre atá éagsúil ar fud an domhain agus atá saibhir ó thaobh cultúir de a chruthú. Áit ina n-airíonn daoine muintearas, ina gcothaímid saoránaigh dhomhanda agus ina bhfuil áit ag gach duine le bláthú. Baineann an Tionscadal Global Galway, a seoladh in Aibreán 2021, le struchtúir inoiriúnaithe agus bealaí comhoibritheacha a chur i bhfeidhm chun cultúr idirnáisiúnaithe a spreagadh ar fud na hOllscoile. Is í an fhís idirnáisiúnaithe atá againn mic léinn agus comhaltaí foirne éagsúla a bhfuil baint acu le taighde agus le foghlaim a fhaigheann tacaíocht mhaith agus a bhfuil portfóilió leathan acu de chomhpháirtíochtaí domhanda ar ardchaighdeán agus curaclam a chuireann luach ar shoghluaisteacht agus ar pheirspictíochtaí idirnáisiúnta. Cuirfidh sé seo le haitheantas, nuálaíocht agus infhostaitheacht ár gcuid mac léinn agus foirne uile.

### Caifé Saol

Is é Caifé SAOL an chéad chaifé cuimsithe shóisialta in institiúid ardoideachais in Éirinn. Bhunaigh CKI é i gcomhpháirtíocht le hoifig Sheirbhísí Tráchtála OÉ Gaillimh agus ionad nuálaíochta agus fiontar pobalbhunaithe (Fiontair SCCUL). Ó osclaíodh é in 2015, tá timpeallacht shábháilte curtha ar fáil ag an gcaifé do dhaoine ó gach cúlra scileanna boga agus crua a fhoghlaim sa tionscal fáilteachais. Tugann an caifé deis do dhaoine nach nglacfaí leo de ghnáth d'fhostaíocht sa tionscal fáilteachais. Is í an fhís atá againn do chaifé SAOL é a dhéanamh ina ghnó inmharthana ar bhonn tráchtála, ach freisin gnó ar féidir leis athrú dáiríre a dhéanamh agus daoine a ullmhú le haghaidh saothar eacnamaíochta.

### Clár Deonach ALIVE

Is Clár Oibre Deonaí atá bunaithe do Mhic Léinn OÉ Gaillimh é ALIVE (Tionscnamh Foghlama agus Taithí ar Obair Dheonach). Bunaíodh Alive (Tionscnamh Foghlama agus Taithí ar Obair Dheonach) chun an obair dheonach a dhéanann mic léinn OÉ Gaillimh a thabhairt le chéile, aitheantas a thabhairt don obair sin agus tacú léi. Tugann teastas ALIVE aitheantas don obair dheonach a dhéanann mic léinn don phobal, trí chlubanna, cumainn agus go díreach trí chaidreamh le breis agus 400 eagraíocht phobail agus comhlacht deonach. Tríd an gclár, bíonn deis ag mic léinn scileanna ceannaireachta poiblí a fhorbairt, cur lena bhforbairt phearsanta agus lena scileanna infhostaitheachta agus nascadh leis na SDGanna. Déanann mic léinn obair dheonach ar chláir chomhshaoil, ar chláir oideachais, le daoine faoi mhíchumas agus ar mhaithe le cúiseanna ceartais shóisialta. Bíonn riarachán ar líne, feachtais, tiomsú airgid, glantacháin, athchúrsáil, cairdeas a dhéanamh agus teagasc i gceist leis an obair. Fuair thart ar 800 mac léinn teastas ALIVE sa Bhliain Acadúil 20-21 agus rinne na mic léinn seo níos mó ná 80,000 uair an chloig de ghníomhaíocht dheonach ar fud champas na hOllscoile, i gcathair na Gaillimhe, agus sna pobail níos leithne chun a gcuid scileanna praiticiúla agus feasachta poiblí féin a fhorbairt.



cionn
95%

**Tá os cionn 95% dár gcuid céimithe fostaithe nó i mbun staidéar breise laistigh de 6 mhí tar éis dóibh céim a bhaint amach.**

(Suirbhé ar Thorthaí Céimithe 2018).





# SDG 9
## Nuálaíocht agus Infreastruchtúr Tionscail

9 TIONSCLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT & INFREASTRUCHTÚR



## Mic Léinn agus Foghlaim

### An tSaotharlann Smaointe – Mol Fiontar na Mac Léinn in OÉ Gaillimh

Bunaithe gar do dheireadh 2020, tugann an tSaotharlann Smaointe áit do mhic léinn OÉ Gaillimh chun a bhfiosracht agus a n-idéalachas a chothú, chun tacú lena gcruthaitheacht agus lena nuálaíocht, agus chun a gcuid scileanna fiontraíochta a chur i ngníomh. Cuimsíonn an tSaotharlann Smaointe seacht gcolún rannpháirtíochta: meantóireacht; dúshláin tionscail; clár intéirneachtaí; saotharlann ionbhá; oiliúint agus meantóireacht; dearadh agus seachadadh modúl; bosca gainimh nuálaíochta agus; Start100. Bíonn níos mó ná 1,500 caidreamh ag cláir na Saotharlainne Smaointe le mic léinn agus 500 caidreamh le comhpháirtí tionscail gach bliain. Tugann na cláir deis do mhic léinn scileanna fadhbréitigh, smaointeoireachta criticiúla agus fiontraíochta a fhorbairt, agus iad ag obair chun dúshlán domhanda a réiteach agus foghlaim conas gnó a bhunú. Chomh maith leis an bportfóilió gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil tríd an tSaotharlann Smaointe, oibríonn an t-aonad le comhpháirtithe acadúla agus tionscail ar fud na hEorpa chun tionscadail atá maoinithe ag an AE a sheachadadh. Cuimsíonn portfóilió na dtionscadal arna maoiniú ag an AE, mar shampla, From Scientists to Innovators for Industry (SCIFI), Women Entrepreneurship Bootcamp, Ideas to Impact (i2i) agus Scoil Samhraidh ENERGHY.

### Cláir i Nuálaíocht Talmhaíochta & Fiontraíocht

Is clár cianoideachais, foghlama cumaiscthe bliana i bhforbairt fiontraíochta é an Masters in AgInnovation, a bhfuil sé mar aidhm aige an bhearna a líonadh i dtéarmaí scileanna fiontraíochta/infhiontraíochta don agra-éiceachóras in Éirinn. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara tá agrachuideachtaí, ar micreachuideachtaí, cuideachtaí beaga, meánmhéide agus móra iad, chomh maith le feirmeoirí. Is é aidhm an chúrsa seo daoine a mhúineadh conas réimsí le haghaidh nuálaíochta a shainaithint go sonrach laistigh den agra-fhearann, fiontair atá tiomáinte ag nuálaíocht a chruthú, nó aonaid ghnó nua a chruthú laistigh de chuideachta atá ann cheana féin. Tá an clár maoinithe ag Springboard+ (Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach). Sa Bhliain Acadúil 20-21, bhí an clár oscailte do 30 mac léinn, ag méadú go 40 mac léinn sa Bhliain Acadúil 21-22. Is clár forbartha fiontraíochta lánaimseartha bliana é an Masters in TechInnovation a bhfuil sé mar aidhm aige an bhearna a líonadh i dtéarmaí scileanna fiontraíochta/infhiontraíochta/nuálaíochta arna sainaithint ag cuideachtaí beaga agus móra atá dírithe ar iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht tráchtála a bhaineann le réitigh ar riachtanais aitheanta tionscail thar raon leathan fearann. Is é aidhm an chúrsa seo daoine a mhúineadh le riachtanais tráchtála a aithint, freagairt don riachtanas i bhfoirm réiteach ardleibhéil, inmharthanacht an réitigh sin a thástáil, freagairt tráchtála a fhorbairt agus cuideachta nó aonad gnó nua a chruthú laistigh de chuideachta atá ann cheana, le fócas ar leith ar fhiontair atá faoi thionchar na nuálaíochta ar féidir iad a mhéadú.

Is comhpháirtí de chuid Global Challenges University Alliance (GCUA) 2030 é OÉ Gaillimh. Is é cuspóir GCUA 2030 eolas, uirlisí agus líonraí a thabhairt don chéad ghlúin eile taighdeoirí, múinteoirí agus ceannairí acadúla a chuirfidh lena gcumas cur leis na SDGanna trí nuálaíocht agus trí chomhoibriú idirnáisiúnta.

## Taighde


### An Oifig Nuálaíochta

Bíonn an Oifig Nuálaíochta in OÉ Gaillimh i mbun caidrimh le taighdeoirí, fiontar, an rialtas agus an tsochaí chun tionchar taighde agus nuálaíocht OÉ Gaillimh a luathú trí chomhoibriú, aistriú eolais agus tráchtálú taighde a chumasú. Ó fhionnachtana nua agus forbairtí taighde a fhorbairt agus a chosaint, go fiontraithe a spreagadh agus meantóireacht a dhéanamh ar mhacghnólachtaí, tá ról suntasach ag an Oifig Nuálaíochta in éiceachóras nuathionscanta agus nuálaíochta na Gaillimhe agus an réigiúin mórthimpeall. Mar shampla, tá os cionn 35 cuideachta inár nIonad Nuálaíochta Gnó. In 2020, fuaireamar 9 Margadh Ceadúnaithe, 46 Margadh Tionscail, 32 Nochtadh Aireagáin agus rinneadh 12 Phaitinn a chomhdú. Le 5 bliana anuas, chuireamar 14 chuideachta ar an bhfód, rud a fhágann go bhfuil níos mó ná 20 seach-chuideachta againn.





Ceann de phríomhghníomhaíochtaí na hOifige Nuálaíochta in OÉ Gaillimh is ea cuideachtaí a chruthú a bhfuil sé mar aidhm acu taighde a dhéanamh ar thionchar ar an tsochaí. I measc samplaí de mhac-chuideachtaí a dhíríonn go háirithe ar réitigh do dhomhan inbhuanaithe tá NVP Energy agus VorTech Water Solutions. Tríd an gclár Explore, faigheann mic léinn agus comhaltaí foirne OÉ Gaillimh tacaíocht do smaointe nuálacha. Tugtar cuireadh d'fhoireann agus do mhic léinn ar fud an champais iarratas a dhéanamh ar thionscadail chomhoibritheacha. Tá maoiniú suas le €900 ar fáil, mar aon le struchtúr tacaíochta a sholáthraíonn an Oifig Nuálaíochta, chun deis a thabhairt smaointe nuálacha a chur ar bun. Go dtí seo, tugadh tacaíocht do bhreis is 100 tionscadal tríd an gclár EXPLORE. Is é an Oifig Nuálaíochta a bhainistíonn an Clár agus tacaíonn Fondúireacht na hOllscoile leis.



*NUI Galway spin-out Vortech Water Solutions - winner of the sustainability category in the Irish Times Innovation Awards 2020*

## Rannpháirtíocht sa Phobal

### Ceantar Nuálaíochta agus Cruthaitheachta do Ghaillimh

Tá OÉ Gaillimh ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun Oileán Altanach agus Oileán an Iarla a fhorbairt mar Cheantar Nuálaíochta agus Cruthaitheachta. Cuimseofar sa Cheantar Nuálaíochta agus Cruthaitheachta mol Nuálaíochta nua, Saotharlann Chathrach, Ionad Oideachais Aosaigh agus campas cois abhann, agus é mar aidhm ag an gceantar nua an chuid seo de Ghaillimh a athghiniúint agus na naisc idir gnó, taighde agus cathair bhríomhar a neartú. Beidh spás eiseamláireach cultúrtha agus taibhléirithe mar chuid den fhorbairt freisin, ina dtabharfar aitheantas do ról na hOllscoile mar institiúid chultúrtha náisiúnta agus don chion atá déanta aici do Ghaillimh mar Phríomhionad Cultúir; Bainfidh an limistéar le réimse poiblí inbhuanaithe chun tacú le rannpháirtíocht leis na huiscebhealaí agus le tírdhreacha nádúrtha na timpeallachta uirbí seo. I mí an Mhárta 2021, chuir OÉ Gaillimh agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáilte roimh fhógra an Rialtais maidir le maoiniú €4.3 milliún don Cheantar Nuálaíochta agus Cruthaitheachta i nGaillimh.

**256 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

### Enactus OÉ Gaillimh

Is grúpa mac léinn ó réimse leathan disciplíní acadúla é Enactus OÉ Gaillimh, a bhfuil spiorad na fiontraíochta agus paisean don nuálaíocht acu, a fhorbraíonn tionscadail inbhuanaithe. Ag obair i dteannta lena mBord Comhairleach Gnó agus Dáimhe, is é misean Enactus OÉ Gaillimh tionscadail inbhuanaithe a fhorbairt laistigh den phobal, agus é mar phríomhaidhm acu leas a dhéanamh don tsochaí. Tá ocht ngrúpa Enactus ar fud na tíre; baineann na seacht ngrúpa eile le hinstitiúidí tríú leibhéal ar fud na hÉireann. Bhí OÉ Gaillimh san iomaíocht in Éicea-Dhúshlán Enactus 2020. Is tionscnamh é seo ina mbronntar maoiniú síl ar fhoirne a léiríonn an acmhainn is mó i dtionscnamh sóisialta atá dírithe ar an gcomhshaol a chruthú agus a chothú. Téann an maoiniú síl i dtreo scálú agus fhorbairt na dtionscadal go héicea-fhiontair atá ar fáil. Bronnadh maoiniú síl ar dhá thionscadal ó Enactus OÉ Gaillimh; Buzzbox, tionscadal chun pobal na mbeach a chosaint, agus Ecode, tionscadal chun deighilt dramhaíola a fheabhsú.

Le 5 bliana anuas, tá
**14 CHUIDEACHTA**
curtha ar an bhfód againn, rud a fhágann go bhfuil níos mó ná 20 seach-chuideachta againn.

# SDG 10
## Éagothroime Laghdaithe

10 NEAMHIONANNAIS LAGHDAITHE



**153 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

## Mic Léinn agus Foghlaim

### Ollscoil Tearmainn

Is Ollscoil Tearmainn é OÉ Gaillimh, gluaiseacht atá dírithe ar chuimsiú Iarratasóirí Cosanta Idirnáisiúnta, dídeanaithe agus Taistealaithe na hÉireann a chur chun cinn sa phobal. Mar chuid de thionscnamh na hOllscoile Tearmainn atá againn, chuir OÉ Gaillimh tús le Clár Scoláireachta ar leith na hOllscoile Tearmainn. Cuireadh Clár Scoláireachta na hOllscoile Tearmainn ar bun chun rannpháirtíocht in OÉ Gaillimh a mhéadú d'Iarratasóirí Cosanta Idirnáisiúnta, dídeanaithe, grúpaí inimirceacha leochaileacha, agus Taistealaithe na hÉireann. Sa Bhliain Acadúil 2019-2020, tairgeadh 9 scoláireacht tríd an gclár lena n-áirítear 6 scoláireacht fochéime agus 3 scoláireacht iarchéime. Don Bhliain Acadúil 20-21, mhéadaigh sé seo go 12 scoláireacht lánaimseartha.

### Polasaí don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht

I mí an Mheithimh 2021, ghlac OÉ Gaillimh le Polasaí don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht. Léirítear leis an bpolasaí tiomantas na hollscoile a chinntiú go n-áirítear le dearadh clár oideachais nua agus athbhreithniú na gclár atá ann cheana measúnú ar a mhéid atá an clár uilechuimsitheach do chách, lena n-áirítear mic léinn faoi mhíchumas. Freisin lena chinntiú go n-aithnítear le dearadh agus cur i bhfeidhm straitéisí foghlama agus teagaisc, chomh maith leis an timpeallacht foghlama, teidlíocht na mac léinn faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i ngach gníomhaíocht a chuirtear ar fáil mar chuid dá gclár staidéir. Cuireadh dhá thionscadal foghlama chuimsitheacha i gcrích ag leibhéal fochéime (2018-2021) agus iarchéime (2020) chun cur le feasacht na foirne ar a bhfreagrachtaí maidir le cláir chuimsitheacha a dhearadh do gach mac léinn. Tá Oiliúint Suaitheantais Dhigitigh san Fhoghlaim Dearaidh Uilíoch á leathadh amach ar fud na hOllscoile; tá 35 comhalta foirne a bhfuil oiliúint iomlán faighte acu, tá 40 comhalta foirne ag tabhairt faoin suaitheantas agus tá 6 oiliúnóirí ar an gcampas.

### Aistriú go dtí Fostaíocht

Is tionscnamh rannpháirtíochta méadaithe bliantúil é an tAistriú chuig Fostaíocht a reáchtálann an tIonad Forbartha Gairmeacha. Féachann sé le tacú le mic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riocht meabhairshláinte ag gabháil dóibh agus atá ag ullmhú don aistriú chuig an ionad oibre. Tá an clár cúig bliana ar an bhfód agus cuireadh ar an ngearrliosta é do Ghradaim Dhomhanda Zero Project 2021, a thacaíonn le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) a chur i bhfeidhm. Is éard atá sa Chlár Aistrithe sraith de cheithre cheardlann a chuireann eolas luachmhar ar fáil maidir le haistrithe a bhainistiú, nochtadh, ceangal le fostóirí, agus tacaíochtaí leantacha tar éis na céime. Cuireadh an clár ar fáil go fíorúil mar fhreagra ar COVID-19 agus ghlac 75 mac léinn páirt sna ceithre sheisiún. Chuir comhoibriú le hionadaithe fostóirí agus le Employability Galway eolas luachmhar ar fáil do mhic léinn ar nochtadh agus ar chláir intéirneachta do chéimithe faoi mhíchumas.

## Taighde

### An tIonad Dlí & Beartais Míchumais

Is ionad barr feabhais a bhfuil cáil idirnáisiúnta air é an tIonad Dlí agus Beartais Míchumais (CDLP) i Scoil Dlí OÉ Gaillimh. Díríonn an t-ionad ar cheartas sóisialta agus cearta daonna a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas trí athchóiriú reachtaíochta agus polasaí. I measc samplaí de thionscadail taighde reatha tá: DARE a bhfuil sé mar aidhm aige glúin nua taighdeoirí a chumasú chun freagairt do dhúshláin dhomhanda atá os comhair daoine faoi mhíchumas; Féachann ceartas táirgiúil Re(al) le hiniúchadh a dhéanamh ar rialáil dlí agus ar eispéiris fíorshaoil daoine faoi mhíchumas in Éirinn agus cinntí atáirgthe á ndéanamh acu; tá sé mar aidhm ag ResPoNCE tionchar na cinnteoireachta straitéisí a chruthaíonn stáit agus córais cúraim sláinte san Eoraip a iniúchadh d'fhonn a fháil amach an bhfuil cearta agus riachtanais daoine faoi mhíchumas á gcomhlíonadh. Is comhionad taighde den Institiúid Cúrsa Saoil agus Sochaí (ILAS) é an tIonad Dlí agus Beartais Míchumais. Is ionad taighde ainmnithe é ILAS a thugann le chéile an obair atá ann cheana maidir le daonraí spriocdhírithe, cosúil le daoine scothaosta, leanaí agus teaghlaigh, agus daoine faoi mhíchumas, i réimse amháin taighde, teagaisc agus polasaí.

## Rannpháirtíocht sa Phobal

### Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta

Tá Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta (OVPED) in OÉ Gaillimh freagrach as gach gné den chomhionannas agus den éagsúlacht a threorú agus a chur chun cinn ar fud na hOllscoile. Áirítear leis seo meicníochtaí a thabhairt isteach agus a phríomhshruthú chun monatóireacht agus feasacht go minic ar inscne a chinntiú i bpríomhphróisis cinnteoireachta. Áirítear leis seo, mar shampla: Measúnú Tionchair Comhionannais (EIA) ar gach polasaí nua agus athbhreithnithe; monatóireacht earcaíochta; athchóiriú iomlán ar phróisis ardaithe céime acadúla ar leibhéal Léachtóra Shinsearaigh agus Ollscoile araon; monatóireacht ar choistí agus ar ghrúpaí oibre chun ionadaíocht 40% d'fhir agus de mhná ar a laghad a chinntiú. Forbraíodh sraith nua polasaithe chun comhionannas agus cuimsitheacht a chumasú. Cuireann an OVEP cláir oiliúna tacaíochta gairme ar fáil, lena n-áirítear Clár Aurora agus cláir oiliúna cuimsitheachta a chlúdaíonn réimsí lena n-áirítear LGBT+, míchumas agus éagsúlacht chultúrtha, mar shampla Clár Ally OÉ Gaillimh. Bunaíodh roinnt líonraí foirne chun piarthacaíocht, líonrú, rannpháirtíocht agus deiseanna idirghníomhaíochta sóisialta a sholáthar; mar shampla, Líonra Ban na hOllscoile, Líonra LGBTQ+ agus an Líonra Foirne Idirnáisiúnta. Sa bhliain 2021, bronnadh ciste speisialta €1 mhilliún ar OÉ Gaillimh chun clár na hOllscoile maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun cinn. Tá OÉ Gaillimh ar cheann de chúig choláiste ar a bronnadh maoiniú ón gCiste Feidhmíochta d'institiúidí ardoideachais, mar aitheantas ar chláir nuálacha chun cabhrú le sochaí níos fearr a chruthú.

Sa Bhliain Acadúil 20-21, chláraigh
**7.2%**
de mhic léinn OÉ Gaillimh le haghaidh
**TACAÍOCHT MHÍCHUMAIS**



Students from NUI Galway have developed a unique initiative to support people in high risk groups during the Covid-19 pandemic by sending parcels to help ease isolation.

Tá OÉ Gaillimh ina ball de Ghrúpa Oibre Phlean Eacnamaíoch Áitiúil na SDGanna. Is cur chuige nuálach tras-earnála é an grúpa oibre arna chomhordú ag Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe a bhfuil sé mar aidhm aige gníomh a dhéanamh ar na SDGanna atá feiceálach i gcathair na Gaillimhe.



# SDG 11
## Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe





## Mic Léinn agus Foghlaim

### Cláir Staidéir

Le modúil i dTimpeallacht Thógtha, Eacnamaíocht agus Polasaí Fuinnimh, Caighdeán Uisce, Fuinneamh i bhFoirgnimh, tugann an Masters in Sustainable Environments léargas do mhic léinn ar shaincheisteanna comhshaoil, sláinte agus inbhuanaitheachta i dtimpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe. Comhtháthaíonn an clár saincheisteanna éiceolaíochta, sláinte agus inbhuanaitheachta agus déanann sé machnamh ar a n-idirghníomhaíocht laistigh de na timpeallachtaí nádúrtha agus tógtha. Tríd an gclár, forbraíonn mic léinn scileanna chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta agus ar dhúshláin a bhaineann le comhtháthú na dtimpeallachtaí tógtha agus nádúrtha. Tríd an Masters in Rural Future Planning and Innovation, admhaímid gur réimse lárnach é an tuath in aon phlé ar fhorbairt inbhuanaithe, agus aithnímid freisin go bhfuil próifíl na gceantar tuaithe ag teacht chun cinn. Cé go bhfuil talmhaíocht fós ina cuid ríthábhachtach den gheilleagar tuaithe, soláthraíonn earnálacha eile (e.g. tionscal agus miondíol) an chuid is mó den fhostaíocht. Maidir leis seo, is cosúil gurb ionann an ceantar tuaithe agus an ceantar uirbeach. Dá bhrí sin, tá sé mar aidhm ag an gclár an t-eolas agus na scileanna a chur ar fáil do mhic léinn chun ríthábhacht na tuaithe a mheas maidir le forbairt inbhuanaithe sa todhchaí agus riachtanais agus dúshláin phleanála don todhchaí a aithint, agus freagairt do na dúshláin seo ar bhealaí nuálacha ag an am céanna.

### Carr na Gaillimhe atá Tíosach ar Fhuinneamh (GEEC)

Ainmníodh an fhoireann taobh thiar de Charr Tíosach ar Fhuinneamh (GEEC) in OÉ Gaillimh mar Sheaimpíní na hEorpa i gcomórtas mór innealtóireachta mac léinn. Is feithicil leictreach-cheallraí aon suíochán trí rotha an GEEC atá deartha, forbartha ag mic léinn OÉ Gaillimh agus is iad a bhíonn i mbun na rásaíochta freisin. De ghnáth bheadh an fhoireann ag rásaíocht sa GEEC ag Éicea-mharatón Shell na hEorpa, ach mar gheall ar COVID-19 ghlac na mic léinn páirt i gcomórtais dearaidh mar chuid de chlár fíorúil 2021. Fógraíodh gur bhuaigh foireann lasta bóthair GEEC i réigiún na hEorpa as a gcuid taighde agus nuálaíochta ó thaobh feabhas a chur ar aeraidinimic trucailí troma sa chatagóir a bhaineann le hIompar Lastais Bóthair a Dhécharbónú. D'éirigh thar barr leis an bhfoireann trí aeraidinimic a aithint mar phríomhchúis le caillteanas fuinnimh i dtrucailí troma agus mhol siad modhnuithe a bhí feistithe go héasca le haghaidh gnáthfheithiclí earraí troma (HGVanna) agus leoraithe, a laghdaíonn fuinneamh, dramhaíl agus dé-ocsaíd charbóin (CO2) astaíochtaí thart ar aon chúigiú.

**202 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)



# Taighde

## Tionscadal Náisiúnta Cianoibre na hÉireann

Tá Institiúid Whitaker in OÉ Gaillimh agus Coimisiún Forbartha an Iarthair i gceannas ar an tionscadal maidir le Cianobair in Éirinn. Rinneadh anailís i gCéim 1 den tionscadal ar thorthaí suirbhé ar bhreis is 7,000 duine, timpeall sé seachtaine tar éis bearta sriantacha COVID-19 a thabhairt isteach in Éirinn. Chuir tromlach na bhfreagróirí (83%) in iúl gur mhaith leo oibriú go cianda tar éis na géarchéime. Is iad na trí bhuntáiste is mó a bhaineann le bheith ag obair go cianda a aithníodh: gan aon trácht agus gan taisteal; costais laghdaithe le dul ag obair; níos mó solúbthachta maidir le conas an lá oibre a bhainistiú. Chruinnigh céim a dó den suirbhé freagraí ó níos mó ná 5,000 fostaí sé mhí tar éis na dianghlasála agus taispeánann sé go bhfuil 94% d'fhostaithe i bhfabhar oibriú ón mbaile cuid den am nó an t-am ar fad. Bailíodh sonraí sa tríú suirbhé maidir le taithí na bhfostaithe ar chianobair a dhéanamh bliain amháin tar éis na dianghlasála agus lorgaíodh ionchur ar a gcuid roghanna iar-phaindéime. Chuir tionscadal, tuarascálacha agus sonraí Institiúid Whitaker maidir le cianobair eolas forleathan ar fáil do straitéis náisiúnta cianoibre na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a foilsíodh in Eanáir 2021, dar teideal Cianobair a Chumasú. Is é cuspóir na straitéise a chinntiú gur gné bhuan í an chianobair in ionaid oibre na hÉireann ar bhealach a mhéadaíonn na buntáistí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Aithnítear sa straitéis na buntáistí a bhaineann le cianobair chun astaíochtaí carbóin agus truailliú aeir a bhaineann le hiompar a laghdú.



*NUI Galway lights up in green to mark Earth Day 2021*

Tá OÉ Gaillimh ina **BHALL DE CHOMHGHUAILLÍOCHT 2030** comhghuaillíocht d'eagraíochtaí sochaí sibhialta atá ag obair le chéile chun a chinntiú go gcoinníonn Éire a gealltanas na SDGanna a bhaint amach.

## Plean Sráidbhaile Mhaigh Cuilinn 2030

Tá taighdeoirí ó Scoil na Tíreolaíochta, na Seandálaíochta agus an Léinn Éireannaigh in OÉ Gaillimh, in éineacht le Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn (Cumann Forbartha Pobail Mhaigh Cuilinn), tar éis plean faoi thiomáint daoine a ullmhú d'fhorbairt an tsráidbhaile amach anseo. Mhaoinigh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn an tionscadal do Phlean Sráidbhaile Mhaigh Cuilinn 2030. Tá roinnt infheistíochtaí móra bonneagair ar bun do shráidbhaile Mhaigh Cuilinn; seachbhóthar den sráidbhaile, bunscoil nua, rotharbhealach tiomnaithe Glasbhealach Chonamara, agus forbairt shuntasach tithíochta. Beidh impleachtaí an-dáiríre ag an dul chun cinn seo, mar aon le hinfheistíochtaí bonneagair fadtéarmacha cosúil leis an gcuarbhóthar beartaithe timpeall chathair na Gaillimhe don sráidbhaile. Mar shampla, tugann meastachán coimeádach le fios go mbeidh dúbailt ar dhaonra an tsráidbhaile faoi 2030. Iarracht is ea Plean Sráidbhaile Mhaigh Cuilinn 2030 chun pleanáil a dhéanamh do na hathruithe seo ón mbun aníos seachas ón mbarr anuas; go bunúsach is toradh é ar mhianta pobail agus tá sé ag iarraidh todhchaí inbhuanaithe a aithint do shráidbhaile i gcomhthéacs uirbiú tapa na hÉireann.

# Rannpháirtíocht sa Phobal

## Gaillimh: Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020

Mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa don bhliain 2020, tá deis uathúil ag Gaillimh oidhreacht bhuan a chruthú d'earnáil na n-ealaíon cultúrtha agus cruthaitheach sa chathair agus sa cheantar mórthimpeall, ag cur le cáil na cathrach agus an réigiúin, agus ag forbairt caidrimh nua ar fud na hEorpa agus an domhain mhóir. Is é OÉ Gaillimh an Comhpháirtí Oifigiúil Oidhreachta i dtionscadal Phríomhchathair Chultúir na hEorpa agus tá sé ag tacú le clár oidhreachta cultúrtha a fhorbairt a mbeidh tionchar buan aige ar earnáil ealaíon cruthaitheach na Gaillimhe. Mar chuid d'oidhreacht Ghaillimh 2020 cruthófar cúrsaí nua teagaisc – lena n-áirítear Máistreacht nua i mBainistíocht na nEalaíon, earcú mac léinn nua i gcláir na nEalaíon Cruthaitheach, agus forbairt comhpháirtíochtaí nua áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha i dteagasc agus i dtaighde. San fhadtéarma, daingníonn an spás eiseamláireach cultúrtha agus taibhléirithe atá cruthaithe an ról atá againn mar institiúid chultúrtha náisiúnta agus an cion atá déanta againn do Ghaillimh mar chathair chultúir.

Tríd an Ionad don Taighde sna hEalaíona Cruthaitheacha (CCAR), atá lonnaithe in Institiúid de Móra, tacaíonn OÉ Gaillimh le tionscadail a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha a fhorbairt laistigh den ollscoil. Beidh na tionscadail ar siúl go dtí 2022 agus fiosróidh siad téamaí Teanga, Tírdhreacha agus Imirce, ag tabhairt aghaidh ar ghnéithe de chultúr, d'fhéiniúlacht agus de chathracha cruthaitheacha na hEorpa; agus ag nascadh leis an Ollscoil agus lena pobail níos leithne. Forbraíodh comhpháirtíochtaí agus líonraí taighde nua ar leibhéal náisiúnta leis an gComhairle Ealaíon, Éire Cruthaitheach agus Acadamh Ríoga na hÉireann, agus go hidirnáisiúnta sa Ghearmáin, sa Danmhairg, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Ríocht Aontaithe (an tIonad don Luach Cultúrtha) agus i Singeapór. Tá an tIonad don Taighde sna hEalaíona Cruthaitheacha ag cur fáilte roimh Chomhaltachtaí agus Ealaíontóirí Cónaitheacha a thabharfaidh pobail nua chomh fada le cleachtas agus taighde na ndaonnachtaí agus na n-ealaíon. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh an tIonad don Taighde sna hEalaíona Cruthaitheacha in OÉ Gaillimh eagrán speisialta ar líne do Líonra Ollscoile Príomhchathracha Cultúir na hEorpa, ar théama Príomhchathracha Cultúir na hEorpa: The Art of Reimagining. In Aibreán 2022, reáchtálfaidh OÉ Gaillimh an Chomhdháil ar Threochtaí Cultúrtha, a thabharfaidh cohórt idirnáisiúnta taighdeoirí den scoth le chéile faoin mbratach 'Todhchaí an Pholasaí Chultúrtha'.

## Cathair Páirce Náisiúnta na Gaillimhe

Is tionscnamh é Cathair Páirce Náisiúnta na Gaillimhe (NPC) atá ag iarraidh go mbeidh Gaillimh ar cheann de na chéad chathracha páirce náisiúnta ar domhan. Tá feachtasóir comhshaoil le taithí na mblianta atá lonnaithe i Ionad Anailísíochta Sonraí Insight in OÉ Gaillimh ar thús cadhnaíochta sa tionscnamh. Tá lucht tacaíochta, nó 'seaimpíní' ar fud na cathrach ag gluaiseacht NPC na Gaillimhe lena n-áirítear, mar shampla, abhcóidí mac léinn agus óige, lucht acadúil, ionadaithe ó earnáil na nEalaíon, an tionscal príobháideach, cúram sláinte, grúpaí pobail agus deonacha. Tá Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn, ina phátrún ar an tionscnamh agus tá moladh tugtha aige do mhuintir Chathair na Gaillimhe as an bhfeachtas a rá gur eiseamláir chumhachtach agus inláimhsithe é den mhéid is féidir a dhéanamh le feachtais phobail. Tá foireann Chomhpháirtíocht Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile OÉ Gaillimh (CUSP) ag tacú go láidir le NPC na Gaillimhe agus is príomhthiománaithe an tionscadail iad roinnt mac léinn agus comhaltaí foirne ó gach cearn den ollscoil. Mar shampla, tá an tionscadal mapála a bhaineann leis an gConair Siúil agus Rothaíochta agus an tEolaire Glas do Chathair na Gaillimhe á stiúradh ag baill de phobal an champais. Is í fís fhoriomlán NPC na Gaillimhe 'timpeallacht níos glaise, níos gorma, níos sláintiúla, níos sábháilte, álainn, inbhuanaithe, cothromasach, comhchuí agus níos fiáine a ghiniúint ina gcuireann daoine luach ar an dúlra, a mbaineann siad tairbhe as, agus a bhfuil ceangal láidir acu leis'. Ag seoladh NPC na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair 2020, dúirt an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn *"Is cinnte go bhfuil Cathair na Páirce Náisiúnta do Ghaillimh mar chuid de phictiúr idirnáisiúnta níos mó a chuirfidh le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, a bhfuil Sabina agus mé féin chomh paiseanta ina leith, agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a eascraíonn as an gcomhaontú tábhachtach idirnáisiúnta seo a dhéanann iarracht domhan níos cothroime agus níos cuimsithí a chruthú."*



Is ceannaire taighde é an braisle de Phobail Chruthaitheacha, Inmharthana agus Inbhuanaithe in Institiúid Whitaker, OÉ Gaillimh ina ceannaire taighde i réimsí amhail úsáid talún, dearadh uirbeach, cathracha níos cliste agus an geilleagar cruthaitheach. Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa taighde don Timpeallacht Thógtha agus Cathracha Cliste in Institiúid Uí Riain, OÉ Gaillimh dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as treochtaí neamh-inbhuanaithe in úsáid fuinnimh agus sa timpeallacht thógtha.



# SDG 12
## Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

**161 Foilsiú**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

## Mic Léinn agus Foghlaim

### Saotharlanna Glasa na Gaillimhe

Agus iad eolach faoin tionchar a bhíonn ag taighde saotharlainne ar ár dtimpeallacht, sheol taighdeoirí CÚRAM, Ionad Taighde SFI d'Fheistí Leighis atá lonnaithe in OÉ Gaillimh, an tionscnamh Saotharlanna Glasa na Gaillimhe. Cuireadh tús leis mar thionscadal mac léinn agus foirne maoinithe ag Explore OÉ Gaillimh le béim ar dhramhaíl phlaisteach a laghdú ar fud na bpróiseas saotharlainne. Oibríonn mic léinn agus comhaltaí foirne le chéile i bhfoirne glasa éagsúla atá bunaithe go straitéiseach laistigh de na cúig phríomhshaotharlann chun réimsí a chinneadh inar féidir plaistigh shaotharlainne a laghdú, a athúsáid nó roghanna eile nach bhfuil bunaithe ar iontaise a chur ina n-ionad. Leathnaigh an tionscadal agus bhain CÚRAM deimhniú na Saotharlainne Glaise amach, an chéad deimhniú Saotharlainne Glaise do shaotharlann san Eoraip.

Glacadh ó shin le deimhniú go mbeidh gach saotharlann ar an gcampas 'glas' faoi 2025 mar phríomhghníomhaíocht de straitéis inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh. Forbraíodh an modúl gaolmhar Green Lab Principle and Practise do mhic léinn iarchéime agus tá sé dírithe ar chleachtais i saotharlanna eolaíochta a athchóiriú chun a lorg comhshaoil a laghdú. Ó Eanáir 2020, rinne 53 mac léinn an modúl, as ollscoileanna i Sasana, san Albain, sa Ghearmáin agus sa Danmhairg.



### Climathon 2021

Ghlac mic léinn OÉ Gaillimh páirt in Climathon 2021, comórtas náisiúnta maidir le gníomhú ar son na haeráide, faoi stiúir Ambasáid na Fraince in Éirinn. Dírítear sa chomórtas ar an eolas agus ar an bhfeasacht ar SDGanna na Náisiún Aontaithe a neartú agus ar thomhaltas agus ar tháirgeadh. Ghlac mic léinn ó gach cearn den ollscoil páirt i gclár míosa a scrúdaigh saincheisteanna a bhaineann le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe ar an gcampas go fíorúil, agus réitigh ar na saincheisteanna seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag tógáil ar scileanna smaointeoireachta dearaidh, nuálaíochta agus fiontraíochta. Tháinig deireadh leis an gclár agus chuir beirt mhac léinn roghnaithe a smaoineamh mearfhaisin dar teideal Know your Label ag an gComhdháil Aeráide agus Pobail i mBealtaine 2021.

## Taighde

### Grúpa Taighde Comhshaoil, Forbartha agus Inbhuanaitheachta

Le saineolaithe san eolaíocht pholaitiúil, socheolaíocht, eacnamaíocht, tíreolaíocht, agus dlí, is ceannródaí taighde atá sa bhraisle Chomhshaoil, Forbartha agus Inbhuanaitheachta (EDS) i réimse an tomhaltais agus an táirgthe inbhuanaithe agus i gcleachtais inbhuanaithe laethúla. Is ionadaithe tofa iad baill an ghrúpa EDS ar an gCruinniú Comhchéime Eorpach maidir le Tomhaltas agus Táirgeadh Inbhuanaithe (ERSCP) agus SCORAI.EU agus reáchtáil OÉ Gaillimh go leor comhdhálacha idirnáisiúnta ar thomhaltas inbhuanaithe, amhail comhchathaoirleacht ar Chomhdháil Idirnáisiúnta SCORAI 2020. Tugann ár dtaighde dúshlán don éifeachtúlacht díriú ar thomhaltas ar leithligh ó chleachtais ghaolmhara agus tacaíochta eile agus muid ag iarraidh maireachtáil a atreorú chuig bealaí níos inbhuanaithe. Déantar é seo trí scrúdú a dhéanamh ar chleachtais tomhaltais éagsúla; fuinneamh, uisce, bia agus dramhail, chomh maith le téamaí eile, mar chathracha inbhuanaithe agus an geilleagar ciorclach. Tacaítear leis an obair seo trí go leor tionscadal Eorpach ar éirigh go maith leo in 2021. Sampla sonrach amháin de thaighde EDS 2021 is ea obair chun 'conairí tomhaltais' a fhorbairt i.e. spás a chruthú le haghaidh tomhaltas inbhuanaithe trí chaighdeáin íosta agus uasta tomhaltais a shainiú a chuirfidh ar chumas daoine aonair a riachtanais a shásamh agus saol luachmhar a chaitheamh gan dochar a dhéanamh don fhéidearthacht go mbeidh saol maith ag daoine eile.

### An Tionscadal CAMPAIGNers

Dúshlán ríthábhachtach don eolaíocht iompraíochta is ea tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir stíleanna maireachtála ísealcharbóin a chothú le polasaí bardasach/réigiúnach. Éilíonn sé seo tuiscint ar na tosca ba shiocair le cinntí na milliún duine, ach mar sin féin is beag taithí atá ag go leor acu ar na roghanna maireachtála ísealcharbóin atá ar fáil dóibh. Is é OÉ Gaillimh an príomhpháirtí eolaíochta sóisialta ar an tionscadal nua CAMPAIGNers (Saoránaigh ag Gníomhú ar Bhealaí Maolaithe trí Líonra Socraithe Spriocanna a Chur i bhFeidhm go Gníomhach), staidéar Eorpach trí bliana a thosaigh i mBealtaine 2021, a bhfuil sé mar aidhm aige cur chuige ceannródaíoch a fhorbairt a chuirfidh ar chumas saoránach eispéiris fíorshaoil a fháil le hiompraíochtaí ísealcharbóin i réimsí éagsúla tomhaltais (e.g. iompar, fuinneamh, TF, baincéireacht, árachas, bia, éadaí, etc.). Cuirfidh cur chuige nuálach CAMPAIGNers 'líonra socraithe spriocanna' i bhfeidhm, áit a bhfaighidh agus a chruthóidh os cionn 100,000 saoránach dúshláin chun iarracht a dhéanamh oiriúnuithe saincheaptha a dhéanamh ar a bpatrúin tomhaltais laethúla. Cuirfidh a bhfreagraí ar na dúshláin seo, na cóireálacha gaolmhara, agus na ceistneoirí gearra sonraí gan fasach ar fáil maidir le próisis iompraíochta, bacainní (áitiúla) ar athrú, agus spreagóirí, rud a fhágfaidh go mbeidh tacaíocht eolaíoch atá bunaithe ar eimpíreach do chathracha i bpolasaithe a cheapadh chun tomhaltais níos inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála ísealcharbóin a spreagadh. Déantar anailís ar léargais in éineacht le lucht déanta polasaithe áitiúla, náisiúnta agus AE maidir leis na moltaí 'leibhéal ceart chun gníomhú' agus faightear moltaí atá réidh le cur i bpolasaithe ar bhealach comhpháirteach.

Tá an chéad deimhniú saotharlainne glaise do shaotharlann san Eoraip lonnaithe in OÉ Gaillimh.

my green lab.

Roghnaíodh Deimhniú na Saotharlainne Glaise mar phríomhthásca ar dhul chun cinn d'fheachtas Athraithe Aeráide na Náisiún Aontaithe maidir le Seaimpíní Aeráide Ardleibhéil 2030 Breakthroughs Race to Zero.

RACE TO ZERO

## Rannpháirtíocht sa Phobal

### Saotharlanna Beo an Champais

Tá OÉ Gaillimh páirteach sa tionscadal Saotharlanna Beo an Champais; comhthionscadal 2 bhliain de chuid Chumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA) i gcomhar leis an gClár Náisiúnta do Chosc Dramhaíola (NWPP) den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Cuireadh tús le Saotharlanna Bheo an Champais in Aibreán 2021 agus tá siad dírithe ar dhramhail a laghdú, cleachtais athchúrsála a fheabhsú agus iarrachtaí geilleagair chiorclaigh a thiomáint in ollscoileanna na hÉireann. Is éard atá i gceist leis an tionscadal fianaise a bhailiú ar bhainistíocht dramhaíola agus ar chomhdhéanamh dramhaíola ar an gcampas, monatóireacht a dhéanamh ar iompraíochtaí agus ar dhearcadh na mac léinn agus na foirne i leith bainistíocht dramhaíola, idirghabhálacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun dramhail a chosc agus athchúrsáil a mhéadú agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha sin trí iompraíochtaí leantacha agus suirbhéanna ar dhearcadh agus tréithriú. Tá OÉ Gaillimh ina bhall de Choiste Rialachais Thionscadal Shaotharlanna Beo an Champais atá faoi chathaoirleacht an EAP agus a bhfuil ionadaithe air ón EPA, IUA, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ollscoil amháin eile de chuid IUA.

### Tionscnaimh bhainistíochta dramhaíola ar fud an champais

Tá Oifig na bhFoirgneamh agus na nEastát i gceannas ar raon tionscnamh a dhíríonn ar an dramhail a tháirgtear ar an gcampas a laghdú agus ráta athchúrsála 55% a bhaint amach faoin mbliain 2025. Cuireadh an scéim deighilte agus athchúrsála dramhaíola, Oifigí Gan Boscaí Bruscair i bhfeidhm go hiomlán in 2021. Cuid lárnach den scéim is ea fáil réidh leis na boscaí bruscair oifige traidisiúnta faoin deasc nach bhfuil aon rogha deighilte iontu agus stáisiúin dramhaíola tiomnaithe a chur in ionad na mboscaí bruscair, in áiteanna comhchoiteanna lárnacha ar gach urlár d'fhoirgnimh OÉ Gaillimh. Leis na stáisiúin dramhaíola tá suíomhanna ginearálta dramhaíola, athchúrsála agus múirínithe. Ó tugadh an scéim Faigh réidh leis an mBosca Bruscair isteach, tá na rátaí athchúrsála laistigh d'fhoirgnimh méadaithe go 70%. Tugadh isteach táblaí sraithe dramhaíola in 2020. Is é aidhm na dtáblaí sraithe pobal an champais a spreagadh chun bealaí atá níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní a ghlacadh trí aird a tharraingt ar mhéid na dramhaíola a athchúrsáiltear i gcoinne na dramhaíola iomláine a ghintear i ngach foirgneamh. Is láithreán deimhnithe é OÉ Gaillimh maidir le gan aon dramhail a chur chuig láithreán líonta talún. Ag teacht le SDG 12.4 na Náisiún Aontaithe, tá sé mar aidhm ag ár bpolasaí maidir le Fardail Gníomhairí Ceimiceacha, a sheol Scoil na Ceimice i mí na Samhna 2020, monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseacht ceimiceán agus rialú a dhéanamh ar shaolré deiridh agus diúscairt ceimiceán agus a gceann scríbe/ scriosadh deiridh ar chríochnú an tionscadail.

Áiríonn ár **Masters in Consumer Psychology** modúl ar Thomhaltas Inbhuanaithe. Tagann sé seo go maith leis an gcúrsa iarchéime atá againn cheana in **Social Marketing and Sustainability** a dhíríonn ar réimse an tomhaltais inbhuanaithe.



*Inspiring gardener Laura O' Connor leads a herb masterclass on the NUI Galway campus*

# SDG 13
## Gníomh Aeráide




*Photo by Dr Chaosheng Zhang*

**166 foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

## Mic Léinn agus Foghlaim

### Cúrsaí agus tionscnaimh bainteach leis an téama Gníomhú ar son na hAeráide

Ag aithint dúinn go bhfuil athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh shochaithe ar fud an domhain, cuirimid cúrsaí ar fáil ar fud ár gcoláistí atá dírithe ar an eolas, na scileanna agus an taithí a thabhairt do chéimithe chun gníomhú ar son na haeráide. I measc na samplaí tá an Mháistreacht in Coastal & Marine Environment; Physical Processes Policy & Practice i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh; an Mháistreacht in Global Environmental Economics i gColáiste an Ghnó, an Bheartais Poiblí agus an Dlí agus an Mháistreacht in Energy Systems Engineering i gColáiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta. Sa Bhaitsiléir Eolaíochta in Geography and Geosystems a seoladh le deireanas, dírítear ar an tionchar a bhíonn ag athrú aeráide agus gníomhaíocht an duine ar na hearraí agus na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn an comhshaol.

Ba é téama Lá an Domhain 2021 Ár nDomhan a Athneartú. Reáchtáil mic léinn OÉ Gaillimh, faoi stiúir chumainn na mac léinn, os cionn 10 n-imeacht fhíorúla i rith na seachtaine ón 19 go dtí an 23 Aibreán 2021 chun a léiriú go bhfuil gá le gníomh práinneach chun an domhan a athnuachan agus go bhfuil gá le hobair dheonach agus le gníomhaíocht áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide. Chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do phríomhról ár gcuid mac léinn maidir le haird a tharraingt ar an ngéarchéim aeráide agus mar chomhartha siombalach dár dtiomantas institiúideach ár gcomhiarrachtaí a dhíriú ar phráinn na hinbhuanaitheachta agus na gníomhaíochta aeráide, cuireadh soilse glasa ag scaladh ar an gCearnóg ar phríomhchampas OÉ Gaillimh ar an lá. Mar chuid d'fhor-rochtain OÉ Gaillimh ar mheánscoileanna, reáchtáil mic léinn agus comhaltaí foirne campa samhraidh ar líne i Meitheamh 2021 dar teideal The Inventioneers, a dhírigh ar SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide. D'úsáid na mic léinn modheolaíocht smaointeoireachta dearaidh chun fadhb a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a théann i bhfeidhm orthu a aithint, rinne siad dianmhachnamh agus tháinig siad ar réiteach, a d'fhorbair siad ina phíosa físe do phainéal moltóirí le hathbhreithniú.

# Taighde

## Institiúid Uí Riain

Is í Institiúid Uí Riain mol ildisciplíneach taighde agus nuálaíochta OÉ Gaillimh a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe, ar scála áitiúil agus domhanda. Tá éirim mhór ag taighde agus nuálaíocht Institiúid Uí Riain san fhorbairt inbhuanaithe dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin inbhuanaitheachta a bhaineann le fuinneamh agus leis an athrú aeráide. Tá córais fuinnimh, athrú aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta fite fuaite ina chéile. Tá aistriú na ngeilleagar agus na sochaithe uile chuig patrúin inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais fuinnimh i gcroílár na n-iarrachtaí domhanda chun spriocanna aeráide a bhaint amach. Mar gheall ar an téamh domhanda a eascraíonn as foinsí neamh-inbhuanaithe fuinnimh a úsáid, tá an t-athrú aeráide ina bhagairt mhór don fhorbairt inbhuanaithe amach anseo. Tá Ionad Taighde Fuinnimh Institiúid Uí Riain (ERC) agus Ionad MaREI SFI in OÉ Gaillimh ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí taighde chun aistriú chuig córais fuinnimh níos inbhuanaithe. Déanann an tIonad Léinn Aeráide agus Truaillithe Aeir (C-CAPS) in Institiúid Uí Riain taighde ar réimse an chomhdhéanamh atmaisféarach athrú aeráide agus tionchar chaighdeán an aeir ar éiceachórais. Déanann cnuasach taighde de chuid Institiúid Uí Riain maidir le Bithéagsúlacht agus Bithacmhainní taighde chun cailliúint dhomhanda na bithéagsúlachta agus díghrádú an chaipitil nádúrtha a mhaolú, rud a leanann ar aghaidh go tapa leis an téamh domhanda ag cur dlús le cailliúint na bithéagsúlachta.

## OÉ Gaillimh ar thús cadhnaíochta in ionsamhlúcháin aeráide dhomhanda

Tá ICHEC, údarás ríomhaireachta ardfheidhmíochta na hÉireann, bunaithe agus lonnaithe in OÉ Gaillimh. Tá ensemble mór d'ionsamhlóirí aeráide domhanda curtha i gcrích aige le déanaí, a chuimsíonn cion na hÉireann don Tionscadal Idirchomparáide Múnla Cúpláilte Idirnáisiúnta. Áiríodh na tacair shonraí agus na torthaí lena measúnú i dTuarascálacha AR6 IPCC a eisíodh le déanaí maidir leis an athrú aeráide ina luaitear an méid seo a leanas: "Is cinnte go bhfuil tionchar an duine tar éis an t-atmaisféar, an t-aigéan agus an talamh a théamh. Tharla athruithe gasta agus tapa san atmaisféar, san aigéan, sa chrióisféar agus sa bhithsféar." Cuireann insamhaltaí OÉ Gaillimh Éire i measc taighdeoirí eolaíochta idirnáisiúnta mór le rá ar athrú aeráide.

## Taighde a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar phobail chósta

Tá taighdeoirí ó Dhisciplín Tíreolaíochta OÉ Gaillimh chun tosaigh ar thaighde ar na dúshláin a bhaineann le samhaltú, bainistiú agus oiriúnú cósta in Éirinn. Mar shampla, is príomhthaighdeoir ón Disciplín Tíreolaíochta an príomhúdar ar thionscadal suntasach taighde "Building Coastal and Marine Resilience in Ireland", maoinithe ag Foras na Mara agus ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Spreag an taighde seo forbairt 'Chomhghrúpa Saoil an Chósta' a fheidhmíonn mar eagraíocht bróicéireachta chun comhghuaillíochtaí agus comhchuspóir a thógáil laistigh de 20+ pobal cósta in Éirinn, agus béim ar leith á leagan ar dhúshláin maidir le gníomhú ar son na haeráide. Tá an t-acadóir ina bhall de Mheitheal an Bhoird Mhuirí Eorpaigh ar 'Theacht Aniar an Chósta'. Cuirfidh taighde an ghrúpa bonn eolais faoi pholasaí an AE agus cuirfidh sé cinnteoireacht eolaíochtbhunaithe chun cinn maidir le caomhnú, athbhunú, bainistiú gnáthóg agus bithéagsúlacht an chósta, mar fhreagairt ar bhagairtí méadaithe ón athrú aeráide, ón truailliú agus ón tionchar daonna. I mí an Mheithimh 2021, shínigh an Oifig Réigiúnach do Ghníomhú ar son na hAeráide – Cósta an Atlantaigh Thuaidh meabhrán tuisceana le OÉ Gaillimh chun oibriú le chéile chun cur chuige a chur le chéile le feachtais oideachais ar fud na tíre a fhorbairt, Fóram Pobail chun tacú leis an Mol Eolais do phobail chósta, agus ceardlanna oiliúna arna n-óstáil ag Natural Capital Ireland do phobail agus d'údaráis áitiúla Réitigh Dúlra-bhunaithe a fhorbairt d'fhonn teacht aniar an phobail i leith athrú aeráide agus brú socheacnamaíoch a chothú.

Shínigh OÉ Gaillimh an feachtas domhanda Race to Zero, chun ceannaireacht agus tacaíocht a spreagadh as measc earnálacha eile, earnáil an ardoideachais agus earnáil an bhreisoideachais, ar mhaithe le téarnamh sláintiúil, athléimneach agus saor ó charbón a chuirfidh cosc ar bhagairtí amach anseo, a chruthóidh poist mhaithe, agus a cheadóidh fás cuimsitheach, inbhuanaithe.





# Rannpháirtíocht sa Phobal

## Príomhpháirtí acadúil do Thionscadal Portaigh agus Daoine LIFE an AE

Tá an Coimisiún Eorpach ag cur maoiniú €10 milliún ar fáil do thionscadal chun aird a tharraingt ar chumhacht na bportach chun gnóthachain shuntasacha ar son na haeráide a bhaint amach. Roghnaíodh OÉ Gaillimh mar an príomhpháirtí acadúil don Tionscadal Portaigh agus Daoine LIFE an AE. Is é Bord na Móna a chomhordaíonn tionscadal AE LIFE Portaigh agus Daoine, i gcomhar le OÉ Gaillimh, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta), an EPA, agus ERINN Innovation Ltd. Is mórthionscnamh náisiúnta é an tionscadal Portaigh agus Daoine a chuirfidh le cur i bhfeidhm fadtéarmach Phlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag an bplean daoine in Éirinn agus ar fud an Aontais Eorpaigh a mhealladh leis na tairbhí a bhaineann le hathchóiriú ar phortaigh, go háirithe chun tuiscint a fháil ar an gcumhacht atá ag portaigh chun gníomhaíocht dhearfach aeráide a chur i bhfeidhm. Tagann an taighde seo sna sála ar thionscadal Portaigh Interreg CARE de chuid OÉ Gaillimh, a léiríonn gníomhú ar son na haeráide trí pháirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara pobail agus réigiúnacha agus trí theicneolaíochtaí nuálacha a úsáid le haghaidh teicnící nua athchóirithe agus tomhais carbóin.

## Ceann Mhása – Stáisiún comhraic OÉ Gaillimh i gcoinne truailliú aeir agus athrú aeráide

Mar bhall de chlár Faire Domhanda Atmaisféir (GAW) de chuid WMO, d'Ard-Turgnamh Gáis Atmaisféarach Domhanda (AGAGE), agus de Chlár Faireacháin agus Meastóireachta Eorpach na Náisiún Aontaithe, tá Stáisiún Taighde Atmaisféarach Ceann Mhása, OÉ Gaillimh ar cheann de na stáisiúin monatóireachta atmaisféaracha is tábhachtaí ar domhan. Faoi láthair, tuairiscíonn rialtais astaíochtaí ar bhealach ón mbun aníos (i.e. ionchuir mheasta san atmaisféar); tar éis COP-21 i bPáras, áfach, is é forbairt agus riachtanas fíoraithe astaíochtaí an phríomhthosaíocht do na náisiúin uile a bhfuil sé mar aidhm acu a gcuid spriocanna astaíochtaí a bhaint amach. Gan fíorú cruinn ar astaíochtaí, tá leibhéal muiníne laghdaithe go mór de bharr na n-astaíochtaí tuairiscithe agus fágann siad gníomhaíochtaí práinneacha, amhail iad siúd atá mar bhonn agus mar thaca ag SDG 13 agus a thugann aghaidh orthu, agus easpa cruinneas agus inchreidteacht fíoraithe acu. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, tá Ceann Mhása agus Ionad Institiúid Uí Riain do Staidéar ar Aeráid agus ar Thruailliú Aeir (C-CAPS) san Ollscoil ag obair i gcomhar leis an EPA, chun córas fíoraithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá tástáil déanta ar an gcéad chéim den chóras fíoraithe sin le bliain anuas agus, ar ábhar imní, léiríonn na córais fíoraithe ón mbarr anuas go bhfuil na meastacháin 'oifigiúla' ón mbun aníos a tuairiscíodh roimhe seo ag tearcthuairisciú fíor-astaíochtaí faoi 50%.


Mace Head - NUI Galway's battle station against air pollution

Sháraigh OÉ Gaillimh sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh 33% a bhaint amach

**33% A BHAINT AMACH**

faoi 2020, trínár sprioc

**40% A BHAINT AMACH**


Sa Bhliain Acadúil 20/21, d'infheistíomar

**€ 1.2 MILLION**

i dtionscadail infreastruchtúir fuinnimh, mar shampla, an leathnú ar ár bPainéil Fhótavoltacha (PV) Gréine chun 300kW d'Fhótavoltach Gréine a bhaint amach ar cheithre fhoirgneamh agus shuiteálamar níos mó ná 4000 feisteas solais LED ar fud an champais. In 2021, gheall OÉ Gaillimh tabhairt faoin aistriú chuig ollscoil

**SAOR Ó ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA ATÁ ATHLÉIMNEACH**

ó thaobh na haeráide, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de tráth nach déanaí ná 2050.



# SDG 14
# Beatha faoin Uisce

14 AN SAOL FAOIN UISCE





## Mic Léinn agus Foghlaim

### Cláir agus tionscnaimh

Cuireann OÉ Gaillimh roinnt clár oideachais ar fáil atá dírithe ar éiceachórais uisceacha ag leibhéal fochéime agus iarchéime. Mar shampla, an Masters in Marine and Freshwater Resources: Management a sheolamar le déanaí, atá dírithe ar thuiscint a fháil ar bhainistíocht i dtimpeallacht mhuirí agus fionnuisce i gcomhthéacs an athraithe dhomhanda, mar thaca le SDG14. Ag tosú sa Bhliain Acadúil 21-22, tugann an clár nuabhunaithe na scileanna is gá do chéimithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chriticiúla an 21ú haois ó thionchar an duine ar an timpeallacht uisceach. I measc samplaí de chúrsaí eile a thugann eolas agus scileanna do mhic léinn chun aghaidh a thabhairt ar SDG 14 tá: an Masters in Coastal & Marine Environments: Physical processes, Policy and Practice agus cláir céime baitsiléara in Earth and Ocean Sciences agus Marine Science.

## Taighde

### Inbhuanaitheacht na dTimpeallachtaí Mara

Déanann an tAonad Taighde Mara Socheacnamaíoch (SEMRU) atá lonnaithe in Institiúid Whitaker in OÉ Gaillimh ár gcuid taighde ar an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann le timpeallachtaí muirí cósta agus amach ón gcósta. I measc na réimsí taighde eile tá pleanáil spásúlachta muirí agus luacháil seirbhíse éiceachórais muirí. Déantar taighde SEMRU i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí náisiúnta, mar shampla, Foras na Mara, Teagasc, EPA, Cónaidhm Mhuirí na hÉireann; agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, mar shampla, Comhaontas Muirí na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta d'Albain, an tIonad Geilleagair Ghoirm, California agus Ifremer, an Fhrainc. Bhí SEMRU ina bhall den Ghrúpa Comhairleach ar an Limistéar Muirí faoi Chosaint don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus bhí sé ina chathaoirleach ar an rannóg a bhain le peirspictíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha sa tuarascáil Líonra na Limistéar Muirí Faoi Chosaint in Éirinn a Leathnú Amach a d'fhoilsigh an Roinn in 2021. Freastalaíonn baill de SEMRU ar Bhord Comhairleach don Phleanáil Spásúlachta Mhuirí de chuid na Roinne. Rinne SEMRU an chéad tuarascáil iomlán ar luach a bhaineann le sochair seirbhíse éiceachóras muirí na hÉireann in 2018 agus mar chomhpháirtí ar thionscadail Atlas an AE agus MERCES tá go leor tuarascálacha agus páipéir acadúla curtha le chéile ag SEMRU a scrúdaíonn na buntáistí agus na costais a bhaineann le hiarrachtaí caomhnaithe agus athchóirithe an éiceachórais muirí. Mar phríomhpháirtí ar thionscadal MOSES de chuid an AE, d'fhorbair SEMRU táscairí d'fhorbairt inbhuanaithe eacnamaíoch aigéin agus ag scrúdú conas is féidir le tionscail gheilleagar na farraige aistriú go cosáin fáis 'gorma' níos inbhuanaithe. Déanann an tIonad don Taighde agus Taiscéalaíocht Aigéin (COEx) taighde chun inbhuanaitheacht na gcóras muirí agus cósta a fheabhsú agus tá siad ar na príomhúsáideoirí i measc ollscoileanna na hÉireann ar shoithí taighde cosúil leis an Celtic Explorer. Tá Ionad SFI iCRAG (Gaillimh) taighdeoirí Institiúid Uí Riain i mbun taighde geo-eolaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin taighde i réimsí a bhaineann le slándáil fuinnimh, soláthar amhábhar, cosaint screamhuisce, cosaint na timpeallachta geomhuirí agus cosaint ó ghuaiseacha an Domhain. Tacaíonn Institiúid Uí Riain le roinnt saoráidí tiomnaithe taighde lárnacha a bhaineann le SDG 14 mar shampla an tSaoráid Monatóireachta Ceimiceach agus Stáisiún Taighde Uisceshaothraithe Charna.

**250 foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

**10ú**

De réir Ranguithe Tionchair Ollscoile an Times Higher Education in 2020 tá OÉ Gaillimh sa **10ú** háit ar domhan maidir le dul i ngleic le SDG 14 Beatha faoin Uisce






## Rannpháirtíocht sa Phobal

### Tionscadal SOPHIE

Tá OÉ Gaillimh mar chuid de chomhoibriú idirdhisciplíneach Eorpach atá ag forbairt plean taighde do na deich mbliana amach romhainn d'aigéin agus d'eolaíocht shláinte an duine ar fud na hEorpa. Tá taighdeoirí ón tionscadal Aigéin, Farraigí agus Sláinte Poiblí san Eoraip(SOPHIE), tar éis na chéad chéimeanna a fhoilsiú le déanaí a d'fhéadfadh réimse leathan eagraíochtaí a ghlacadh chun oibriú le chéile chun an t-éiceachóras nasctha is mó ar Domhan a chosaint. Léiríonn na taighdeoirí an spleáchas ollmhór ar an aigéan domhanda mar fhoinse bia agus ioncaim eacnamaíoch idirnáisiúnta, agus an fhianaise láidir gur féidir le rochtain ar chóstaí sláintiúla sláinte fhisiciúil agus folláine mheabhrach a fheabhsú agus a chothú. Cuireann na taighdeoirí béim ar 35 chéad chéim le haghaidh gnímh agus iarrann siad ar phleanálaithe, lucht déanta polasaithe agus eagraíochtaí taighde ar na naisc idir aigéan agus sláinte an duine a thuiscint agus a roinnt, agus an t-eolas seo a chomhtháthú i bpolasaithe.

### Glantacháin Trá

Eagraíonn mic léinn faoi stiúir Chomhaltas na Mac Léinn, Chumann na Mara agus an Chumainn Fuinnimh in OÉ Gaillimh glantacháin trá go rialta. Sheol Comhaltas na Mac Léinn an feachtas #SustainableMonday i mí Eanáir 2021, ag cur comhairle ar mhic léinn OÉ Gaillimh maidir leis an gcaoi le maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe agus ag léiriú an chaoi ar féidir le hathruithe beaga tionchar mór a imirt ar ár bpláinéad. Gach Luan tugtar dúshlán do mhic léinn smaoineamh go domhanda trí ghníomhú go háitiúil. Ag tógáil ar na rátaí arda rannpháirtíochta sna glantacháin a reáchtáladh mar chuid den dúshlán Gníomhartha Cineáltais ón gCroí ní ba luaithe sa bhliain, bhí glanadh trá mar chuid lárnach den fheachtas Sustainable Monday. Chas baill de Chumann na Mara le chéile faoi dhó sa mhí i rith 2020 chun na tránna a ghlanadh i gceantair Bhóthar na Trá agus an Chladaigh sa chathair.


### Líonra Litearthachta Aigéin na hÉireann

Tá OÉ Gaillimh ina bhall de Líonra Litearthachta Aigéin na hÉireann (IOLN). Is é misean IOLN líonra neamhfhoirmiúil seaimpíní litearthachta aigéin a chruthú, a chothú agus a fhorbairt chun comhoibriú, comhroinnt agus comhordú tionscadal for-rochtana muirí agus litearthachta aigéin ar fud oileán na hÉireann a éascú.

> Glacann OÉ Gaillimh páirt sa Lá Samplála Aigéin, feachtas taighde domhanda ina ndéanann bitheolaithe muirí ar fud na cruinne samplaí d'uiscí dromchla cheantair chósta an domhain. Bíonn an feachtas ar siúl gach bliain le linn ghrianstad samhraidh an leathsféir thuaidh. Tugann sé taighdeoirí, mic léinn agus saoránaigh le chéile, agus iad uile ag obair chun comhdhéanamh agus feidhm na bpobal miocróbach prócarótach agus eocarótach a mheas.








**110 Foilseachán**
(Foilseacháin Scopus 2016-2020)

# SDG 15
## Beathra ar Talamh

## Mic Léinn agus Foghlaim

### Cláir agus Tionscnaimh

In OÉ Gaillimh, cuirfimid romhainn feasacht na mac léinn agus na foirne ar shaincheisteanna bithéagsúlachta ar an gcampas a fheabhsú agus tailte an champais a chur chun cinn mar acmhainn oideachais agus áineasa. I bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta OÉ Gaillimh, a foilsíodh i mí Feabhra 2021, tugtar cuntas ar 45 gníomh a bhfuil sé mar aidhm leo bithéagsúlacht an champais a fheabhsú agus feasacht agus meas ar bhithéagsúlacht i measc phobal an champais agus níos leithne a mhéadú sna 5 bliana amach romhainn. Cuireadh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2021-2025 le chéile le cabhair ó na ranganna an Masters in Environmental Leadership agus an Masters in Biodiversity and Land-Use Planning. Cuireann Cumann Garraíodóireachta Orgánaí OÉ Gaillimh deis do mhic léinn garraíodóireacht inbhuanaithe a chleachtadh sa ghairdín orgánach ar an gcampas. Fásann an Cumann barra éagsúla, lena n-áirítear trátaí, úlla, leitís agus prátaí, luibheanna, agus borráiste gorm le haghaidh pailneoirí agus tá sé oscailte do phobal na hollscoile chomh maith leis an bpobal. Is tionscnamh é an Gairdín Orgánach a thacaíonn le pailneoirí, a chuireann le hoideachas na mac léinn agus a chuireann meabhairshláinte dhearfach chun cinn. Forbraíodh Conair Bhithéagsúlachta OÉ Gaillimh chun an campas a chur chun cinn mar acmhainn oideachais agus áineasa agus mar thionscnamh sláinte agus folláine chun daoine a nascadh leis an dúlra agus chun cabhrú leo a bheith ar a seanléim arís. Tá painéil míniúcháin ar an gConair a threoraíonn úsáideoirí trí ghnáthóga ar an gcampas agus tá podchraoladh is féidir a íoslódáil ó láithreán gréasáin OÉ Gaillimh.

## Taighde

### Taighde ar éiceolaíocht chaomhantais agus ar bhithéagsúlacht

Tá an tAonad Éiceolaíochta Feidhmí (AEU) i Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha in OÉ Gaillimh i mbun taighde éiceolaíochta feidhmí ar éiceachórais a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu amhail lochanna atá ag imeacht as radharc, tailte portaigh, móinéir tuile neamhrialaithe agus féarthailte cósta. Is príomhthéama taighde é cosaint gnáthóige, áit a bhfuil sé mar aidhm straitéisí fadtéarmacha, inbhuanaithe bainistíochta gnáthóg a fhorbairt chun cosaint gnáthóg agus an inveirteabrach a ghabhann leo a chinntiú sa todhchaí. Scrúdaíonn an AEU bealaí inar féidir le daoine feabhas a chur ar a n-idirghníomhaíocht leis an gcomhshaol i réimsí cosúil le talmhaíocht, foraoiseacht, athrú aeráide, sláinte agus áineas. Déanann braisle thaighde Bithéagsúlachta agus Bithfhoinsí de chuid Institiúid Uí Riain taighde chun caillteanas domhanda na bithéagsúlachta agus díghrádú tapa an chaipitil nádúrtha a mhaolú. Tá an taighde dírithe ar dhá réimse nasctha: bithéagsúlacht, éiceolaíocht agus éabhlóid speiceas, gnáthóg agus éiceachóras agus; na hábhair, na táirgí agus na seirbhísí a sholáthraíonn acmhainní nádúrtha.

Is Comhpháirtí i bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí é OÉ Gaillimh. Trí phlandáil a dhéanamh a thacaíonn le pailneoirí, gan bheith ag baint féir chomh minic agus laghdú ar an úsáid a bhainimid as luibhicíd, táimid ag bainistiú tailte an champais ar bhealaí a chuireann ar chumas pailneoirí a bheith rathúil.



### Straitéis Rialaithe Féideartha le haghaidh Inmhíolú na Glúiní Bioraí

I staidéar a rinneadh le déanaí in OÉ Gaillimh, i gcomhar le AECOM agus le hOllscoil Leeds, fuarthas amach má fhaightear réidh le taise go ngníomhódh sé straitéis rialaithe ionchasach le haghaidh inmhíolú níos lú den Ghlúineach Bhiorach, atá coitianta go háirithe i suíomhanna uirbeacha. Léiríonn na torthaí nach féidir le cóireáil mhícheart luibhicíd fás agus athghiniúint an phlanda ionrach seo a rialú, ach má thriomaítear an t-ábhar plandaí go hiomlán i dtimpeallacht saotharlainne gur féidir é a chur ar ais san ithir gan aon bhaol fáis arís. Léirigh an taighde freisin mura bhfuil nóid ceangailte leis na riosóim nach bhfuil aon athghiniúint ann. Is planda ionrach achrannach é an Ghlúineach Bhiorach a fhaightear i go leor áiteanna san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Féadann sé fás chomh hard le dhá nó trí mhéadar agus féadfaidh sé tionchar an-mhór a bheith aige ar limistéar agus an chuid is mó de phlandaí eile a eisiamh. Tá rialú na Glúiní Bioraí casta mar gheall ar a chumas athghiniúint ó bhlúirí beaga den ábhar plandaí.

### Tionscadal Feirmeoireachta Ráth Cruachan (2019-2023)

Bhronn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara thart ar 1 mhilliún euro ar Thionscadal Feirmeoireachta Ráth Cruachan: feirmeoireacht inbhuanaithe i dtírdhreach seandálaíochta Ráth Cruachan mar chuid de scéim Chomhpháirtíocht Nuálaíochta na hEorpa (EIP). Tá an tionscadal seo ag cur forbairt cleachtais feirmeoireachta nuálacha agus inbhuanaithe chun cinn go gníomhach i dtírdhreach seandálaíochta Ráth Cruachan, Co. Ros Comáin, atá íogair ó thaobh an chultúir de. Cuireann sé treoir, abhcóideacht agus tacaíocht réamhghníomhach ar fáil d'fheirmeoirí áitiúla chun tírdhreach seandálaíochta a chothabháil agus a fheabhsú, agus ag an am céanna cuireann sé comhthairbhí ar fáil do réimse seirbhísí lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil, ceapadh carbóin agus feabhsú ar chaighdeán uisce. Tá an tionscadal seo ailínithe go díreach le SDG 15; ceann de phríomhphrionsabail EIP Feirmeoireachta Ráth Cruachan is ea an timpeallacht nádúrtha, íogair ar a bhfuil an tírdhreach cultúrtha a chosaint, a athshlánú agus a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe.

## Rannpháirtíocht sa Phobal

### Clár Maoirseachta Bithéagsúlachta Mhainistir na Coille Móire agus OÉ Gaillimh

Tá Mainistir na Coille Móire agus OÉ Gaillimh tagtha le chéile chun comhpháirtíocht nua a bhunú i gClár Maoirseachta Bithéagsúlachta Mhainistir na Coille Móire. Is comhoibriú é an Clár, a seoladh i mí Lúnasa 2021, idir Mainistir na Coille Móire agus Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha in OÉ Gaillimh. Tá sé mar aidhm ag an gClár an phróifíl bithéagsúlachta reatha ar Eastát na Coille Móire, atá 1,000 acra ar mhéid, a dhoiciméadú agus tionscadail bhithéagsúlachta agus ábhair thaighde a shainaithint a rachaidh chun leasa ní hamháin do Mhainistir na Coille Móire ach don phobal i gcoitinne. Tríd an gcomhpháirtíocht forbrófar Plean Bainistíochta Bithéagsúlachta don Choill Mhór chun bithéagsúlacht an Eastáit a chaomhnú agus a chosaint. Cuireann an Clár suíomh agus éiceachóras saibhir ar fáil ina mbeidh mic léinn in ann staidéar agus foghlaim faoi speicis, faoi ghnáthóga agus faoi ábhair éiceolaíochta agus inbhuanaitheachta níos leithne le feidhmeanna praiticiúla.



Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta OÉ Gaillimh

**45 GNÍOMH**

chun bithéagsúlacht an champais a fheabhsú faoi 2025

# SDG 16
## An tSíocháin, an Ceartas agus Institiúidí Láidre

16 SÍOCHÁIN, CÓIR & INSTITIÚIDÍ LÁIDRE




Photo by Dr Chaosheng Zhang

## Mac léinn agus foghlaim

### Cláir do Mhic Léinn

Tá Scoil Dlí OÉ Gaillimh rangaithe san 85ú háit ar domhan don Dlí i Ranguithe Ollscoile Domhanda Times Higher Education 2021 de réir Ábhair. Aithníonn an rangú seo cur chuige nuálach na Scoile i leith an dlí a theagasc agus taighde dlí ar ardchaighdeán. Cuireann Scoil an Dlí agus na hionaid taighde a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu, lena n-áirítear Ionad na hÉireann do Chearta an Duine agus an tIonad Dlí & Beartais Míchumais, réimse clár ar fáil do mhic léinn. Mar shampla, cuireann Ionad na hÉireann do Chearta an Duine (ICHR) cláir Masters of Law (LL.M) ar fáil i réimsí speisialaithe a bhaineann le cearta an duine lena n-áirítear; cothú na síochána, ceartas coiriúil idirnáisiúnta, dlí idirnáisiúnta míchumais, dlí na ndídeanaithe agus na himirce, cearta gnó agus cearta an duine, ceartas inscne agus aeráide. Is é an Bachelor of Arts with Human Rights a chuireann Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta, agus an Léinn Cheiltigh ar fáil i gcomhar le hIonad na hÉireann do Chearta an Duine (ICHR) an t-aon chlár fochéime dá leithéid i bPoblacht na hÉireann a ligeann d'fhochéimithe speisialtóireacht a dhéanamh i réimse a bhí coinnithe roimhe seo do staidéar iarchéime amháin. Cuireann Scoil an Dlí cúrsaí fochéime ar fáil i réimsí mar shampla, an Dlí, Coireolaíocht agus Ceartas Coiriúil, Dlí agus Tráchtáil, Dlí agus Cánachas. I gcomhar leis an Ionad Dlí Míchumais, tá an LLM in International and Comparative Disability Law and Policy uathúil mar LLM atá nuálach agus dírithe go hidirnáisiúnta ag déileáil leis an bpróiseas athchóirithe dlí i réimse an mhíchumais.

### Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas maidir le stair a chaomhnú agus sáruithe ar chearta an duine a chosc

Tá mic léinn ó Ionad na hÉireann do Chearta an Duine (ICHR) ag comhoibriú leis an Tionscadal Clann agus le daoine a tháinig slán, oideachasóirí agus gníomhaithe d'fhonn éisteacht mhaith a thabhairt do ghuthanna na daoine a tháinig slán ó na Neachtlanna Maigdiléana, Árais Máithreacha agus Naíonán agus Scoileanna Saothair a mhéadú. Léirigh taighde ar iarrachtaí cuimhneacháin i gCeanada, san Astráil agus sa Ghearmáin go bhfuil ról ríthábhachtach ag an oideachas i gcaomhnú na staire agus i sáruithe ar chearta an duine a chosc. Agus mar sin trí éisteacht leo siúd a tháinig slán, thuig na mic léinn an tábhacht a bhaineann le cuimhneachán a déanamh ar mhí-úsáidí a tharla san am a caitheadh sna hinstitiúidí seo, lena chinntiú nach dtarlóidh siad arís. Tá sé mar aidhm acu freisin aird a tharraingt ar an gcaoi a bhfuil an Stát ag teipeadh go leanúnach chun sásamh cuimsitheach a sholáthar agus tionchar a imirt ar Spriocanna SDG 16.6, 16.7, 16.9 agus 16.10 na Náisiún Aontaithe.

## Taighde

### Braisle Coimhlinte, Daonnachta agus Slándála Institiúid Whitaker

Tugann braisle Coimhlinte, Daonnachta agus Slándála OÉ Gaillimh saineolaithe ón bpolaitíocht, socheolaíocht, tíreolaíocht, síceolaíocht agus cearta an duine le chéile chun léargas nua a fhorbairt ar na cúiseanna a bhaineann le coimhlint agus bearta a chabhróidh le deireadh a chur le coimhlint. Le rochtain eisceachtúil ar ghníomhaithe rialtais agus ábhair stáit, tá tionchar mór domhanda ag an mbraisle seo maidir le bonn eolais a chur faoi pholasaí poiblí maidir le réiteach coimhlinte, cearta agus slándáil. Tionscadal amháin den sórt sin is ea sraith páipéar bunaithe ar na dialanna príobháideacha agus na nótaí a choinnigh Brendan Duddy, ar úsáideadh a theach mar ionad cruinnithe idir muintir na hÉireann agus na Breataine in 1975. Ag am idirbheartaíochta rúnda san Afganastáin, san Iaráic agus sa Mheánoirthear, tugann a chuntas ar dhinimic na coimhlinte agus na síochána rúnda léargas uathúil nach féidir a fháil sna taifid oifigiúla.

Tá OÉ Gaillimh ina bhall de Líonra na Scoláirí atá i mBaol; líonra idirnáisiúnta institiúidí agus daoine aonair a bhfuil sé mar mhisean aige scoláirí a chosaint agus saoirse acadúil a chur chun cinn.

## Ionad na hÉireann do Chearta an Duine

Tá Ionad na hÉireann do Chearta an Duine(ICHR) atá lonnaithe in OÉ Gaillimh ar cheann de na príomhinstitiúidí acadúla ar domhan atá dírithe ar chearta an duine, tá sé tiomanta do staidéar agus do chur chun cinn chearta an duine, an dlí choiriúil idirnáisiúnta agus an dlí dhaonnúil. Tá cáil dhomhanda bainte amach aige as barr feabhais i dteagasc, i dtaighde agus in abhcóideacht i réimsí an Dlí Idirnáisiúnta do Chearta an Duine, Oibríochtaí Síochána, Coimhlint agus Dlí Daonnúil, Dlí agus Polasaí Idirnáisiúnta Imirce agus Dídeanaithe agus an Dlí Coiriúil Idirnáisiúnta. Oibríonn sé ar fud gach ceann de dheich Sprioc SDG 16 na Náisiún Aontaithe. Meallann a chlár comhdhálacha agus imeachtaí eile lucht déanta polasaithe, cleachtóirí agus saineolaithe acadúla ardleibhéil chearta an duine ó gach cearn den domhan. Cuirtear béim shuntasach ar fhorbairt scileanna a spreagann cleachtas an dlí idirnáisiúnta agus chearta an duine trí oideachas dlí cliniciúil. Tá Ionad na hÉireann do Chearta an Duine (ICHR) páirteach i roinnt tionscadal taighde agus abhcóideachta atá deartha chun cabhrú go gníomhach le cearta an duine a chur chun cinn, laistigh agus lasmuigh d'Éirinn. I measc samplaí de thionscadail reatha tá: Cearta an Duine, Imirce Éigeantach agus Comhionannas Inscne in Uganda; Tionscadal FRANET-Éire; Tionscadal maidir le Coimeád na Síochána; Coimeád na Síochána agus Cosaint Saoránach na Náisiún Aontaithe; Gnó agus Cearta an Duine in Éirinn. Le déanaí, ceapadh Stiúrthóir an ICHR mar Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar Gháinneáil ar Dhaoine, go háirithe mná agus leanaí agus i mí Lúnasa 2021, d'fhoilsigh sí a céad tuarascáil bhliantúil do Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Déanann an tuarascáil roinnt moltaí do Stáit, agus áitítear go bhfuil tábhacht nach beag ag baint le cumhacht a thabhairt dóibh siúd a thagann slán as an ngáinneáil chun a chinntiú go gcomhlíontar cearta daonna na n-íospartach gan idirdhealú. Cuirfear an Tuarascáil faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta i nDeireadh Fómhair 2021, ag comhimeacht arna óstáil ag Misean na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe.

Bunaíodh Dlí-Chumann OÉ Gaillimh nó LawSoc sa bhliain 1920 agus reáchtáil sé clár imeachtaí i mí an Mhárta 2021 chun a 100ú bliain a cheiliúradh.

# Rannpháirtíocht sa Phobal

## Scoil Samhraidh an Dlí Míchumais Idirnáisiúnta

Bhí an Scoil Samhraidh Dlí Míchumais is mó ar domhan inar díríodh ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ar siúl go fíorúil ón 31 Bealtaine go dtí an 2 Iúil 2021. Dhírigh an Scoil Samhraidh, a d'eagraigh an tIonad Dlí & Beartais Míchumais, ar Airteagal 30 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, Rochtain ar Chultúr, Áineas, Fóillíocht agus Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas. Bhí an Scoil Samhraidh ar siúl thar 5 seachtaine agus ghlac breis is 140 duine ó níos mó ná 40 tír páirt inti, lena n-áirítear ealaíontóirí, lucht acadúil agus gníomhaithe ar son chearta an duine.

## Clinic maidir le Dlí Chearta an Duine

Tugann an Clinic maidir le Dlí Chearta an Duine in Ionad na hÉireann do Chearta an Duine blaiseadh do mhic léinn ar an gcoincheap 'dlíodóireacht athraithe shóisialta'. Ullmhaíonn an Clinic mic léinn agus cuireann sé ar a gcumas a gcuid scileanna a chur le gluaiseachtaí pobalbhunaithe le haghaidh athrú sóisialta. Ceapann mic léinn a gcuid tionscadal cliniciúil i gcomhar le heagraithe pobail agus oibríonn siad chun taighde agus anailís dlí a chur ar fáil a bhfuil sé mar aidhm leis cur ar bhealach dearfach le cosaint chearta an duine in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ó seoladh an tIonad i mí na Nollag 2019, thug mic léinn faoi raon gníomhaíochtaí taighde agus abhcóideachta in éineacht le grúpaí pobalbhunaithe in Éirinn a théann i ngleic le fadhbanna lena n-áirítear an chaoi a gcaitear le leanaí sa chóras Soláthair Dhírigh; (neamh-)fheidhmíocht na hÉireann maidir lena hoibleagáidí maolaithe ar athrú aeráide; an gá atá le cuimhneachán agus oideachas náisiúnta maidir le mí-úsáidí 'stairiúla' i suíomhanna institiúideacha agus sa chóras uchtála; agus an easpa leanúnach rochtana ar chomhaid phearsanta nó ar thaifid riaracháin a bhaineann le mí-úsáidí 'stairiúla' sna Neachtlanna Maigdiléana, Árais Máithreacha agus Naíonán, Tithe Contae, scoileanna cónaithe agus an córas uchtála.

**298 Publications**
(Scopus Publications 2016-2020)

## Ceapachán na Náisiún Aontaithe maidir le Slándáil an Duine

Ceapadh acadóir ó Roinn na Tíreolaíochta, OÉ Gaillimh mar Chomhairleoir Polasaí maidir le Slándáil an Duine ar Fhoireann Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe i mBealtaine 2021. Tacaíonn an ceapachán le fís nua maidir le slándáil dhomhanda agus forbairt idirnáisiúnta, ina bhfuil na Náisiúin Aontaithe i mbun straitéis a bheartú chun cláir níos tacúla maidir le forbairt an duine agus slándáil an duine a chur chun cinn mar fhreagra ar phaindéim COVID-19. Nuair a fógraíodh an ceapachán, d'eisigh OÉ Gaillimh ráiteas a dúirt "Tá pointe machnaimh os comhair an domhain i dtéarmaí fholláine an chomhshaoil agus an duine. Agus muid ag iarraidh atógáil tar éis COVID-19, tá ríméad orainn go bhfuil comhghleacaí de chuid OÉ Gaillimh chun tosaigh sa dúshlán domhanda ríthábhachtach maidir le dul i ngleic go hiomlánaíoch leis na fadhbanna i bpáirt a bhaineann lenár n-éiceolaíochtaí agus ár sochaithe".



*Photo by Dr Chaosheng Zhang*

# SDG 17
## Comhpháirtíochtaí do na Spriocanna

In OÉ Gaillimh, aithnímid an chumhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí chun na SDGanna a bhaint amach; tacaíonn comhpháirtíochtaí le cur i bhfeidhm gach ceann de na SDGanna, chomh maith leis an gcreat féin. Ar fud na tuarascála seo, feictear samplaí de chomhpháirtíochtaí OÉ Gaillimh atá ag iarraidh na SDGanna a chur chun cinn ar leibhéal domhanda, réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil agus leagtar béim ar roinnt samplaí tábhachtacha sa chuid thíos.

# Tuarascáil Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh

An Bhliain Acadúil 2020-2021